

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2020



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

Ábhar

Gluais	3
Brollach	4
Achoimre Fheidhmeach.....	8
1. Róil agus Freagrachtaí	12
2. Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin	14
3. Sáruithe	36
4. Fiosrúcháin	42
5. Cinntí	48
6. Imscrúduithe agus Bearta Forfheidhmithe Eile.....	54
7. Gnóthaí Dlí.....	56
8. Maoirseacht.....	62
9. Oifigigh Cosanta Sonraí	70
10. Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta	72
11. Príomhthionscadail an Choimisiúin Cosanta Sonraí	74
12. Cumarsáid	76
13. Rialachas Corparáideach	78
Aguisín 1: Tuarascáil maidir le Nochtadh Cosanta a fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí in 2020	81
Aguisín 2: Tuarascáil maidir le hÚsáid Fuinnimh ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí	82
Aguisín 3: Ionchúisimh i ndáil le gearáin faoi margaíocht dhíreach leictreonach	83
Aguisín 4: Cuideachta Idirnáisiúnta Twitter – Fiosrúchán (IN-19-1-1) faoi Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.....	85
Aguisín 5: Dlíthíocht maidir le Clásail Conarthacha Chaighdeánacha	88
Aguisín 6: Ráitis Airgeadais don Bhliain go dtí an 1 Eanáir go 31 Nollaig 2020 agus Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha an Choimisiúin Cosanta Sonraí	96

Gluais

AG — Abhcóide Ginearálta

BIIDPA — Údaráis Chosanta Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán

CJEU — Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

CSA — Údarás Maoirseachta Ábhartha

DPA — Údaráis Chosanta Sonraí

DPC — An Coimisiún um Chosaint Sonraí

DPIA — Measúnacht Tionchair Chosanta Sonraí

DPO — Oifigeach Cosanta Sonraí

EDPB — An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

GDPR — An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

IMI — Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh

LED — An Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí

LSA — An Príomhúdarás Maoirseachta

OSS — Ionad Ilfhreastail

SCC — Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha

SMC — Coiste Bainistíochta Sinsearaí



Brollach

Réamhrá

Ba é 2020 an dara bliain iomlán de chur i bhfeidhm an RGCS agus na Treorach maidir le Forfheidhmiú an Dlí (LED).

Sa tuarascáil bhliantúil seo tugtar eolas faoi réimse fairsing na hoibre rialála a rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí in 2020 i gcomhlíonadh a róil leathain maidir le cur i bhfeidhm dhlíthe AE maidir le cosaint sonraí agus ríomhphríobháideacht a mhaoirsiú agus a rialáil. Le linn na tréimhse sin, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí le comhlíonadh agus cuntasacht eagraíochtaí a spreagadh maidir lena n-oibleagáid faoi chreat dlí AE maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Go sonrach, chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí léirmhínte chun cinn le bliain anuas maidir le príomhphrionsabail agus ceanglais dhlí an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí trí raon gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus trí chur i gcrích imeachtaí an Choimisiúin Cosanta Sonraí a tosáíodh in 2016 san Ard-Chúirt ag lorg tagairt do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil le haistrithe sonraí pearsanta ó AE go SAM. Cé go ndéantar aistrithe sonraí pearsanta ó gach ballstát AE go dtí SAM, chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí cion uathúil mar údarás cosanta sonraí maidir le soiléireacht a dhéanamh maidir leis an ngné seo de dhlí AE um chosaint sonraí agus maidir lena cur i bhfeidhm.

Fiosruithe mórsála

Gné cheannlíne den RGCS a chur in aonad Threoir AE roimhe sin ná na huirlisí forfheidhmiúcháin athchomhairleacha a thairgeann sé le déileáil le cásanna lena mbaineann riosca suntasach d'ábhair shonraí AE, lena n-áirítear cinn a thagann as iompar d'aon ghnó nó iompar neamartach ar thaobh na n-eagraíochtaí de. Dá réir sin, thug an Coimisiún Cosanta Sonraí faoi réimse cásanna lena fháil amach an raibh sáruithe a ndéanamh ar an RGCS agus cad iad na gníomhaíochtaí agus na smachtbhannaí a mbeadh gá leo chun sáruithe ar bith dá leithéid a gheofaí a leighis. Tugadh roinnt d'fhiosrúcháin mhórsála an Choimisiúin Cosanta Sonraí i gcrích in 2020. Tugadh gach fiosrúchán i gcrích le cinneadh mionsonraíthe, sainaitheint sáruithe ina lán cásanna agus forchur réimse bearta ceartaitheacha lena n-áirítear fíneálacha ó mheasúnú ar na sáruithe sin.

B'fhiosrúcháin trasteorann iad líon de na fiosrúcháin a cuireadh ar aghaidh in 2020 agus mar sin, faoi mar a cheanglaítear le nós imeachta Airteagal 60 arna leagan síos sa RGCS, tharchuir an Coimisiún Cosanta Sonraí dréachtchinneadh lena bhreithniú ag a chomhúdarais mhaoirseachta AE sula bhféadfaidh an cinneadh a thabhairt i gcrích. I gcás Cuideachta Idirnáisiúnta Twitter, eisíodh cinneadh deiridh trí nós imeachta Airteagal 60. Leis an cinneadh sin soláthraíodh anailís thábhachtach

maidir leis an bhfógra um shárú sonraí agus ceanglais doiciméad arna bhforchur ag eagraíocht le hAirteagal 33 den RGCS. (Is féidir achoimre mhionsonraithe den chás sin a fháil san Aguisín). Ar leithligh, chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí dréachtchinnéadh faoi bhráid nós imeachta Airteagal 60 i gcás chomhlíonadh WhatsApp maidir lena oibleagáidí trédhearcachta faoin RGCS. Tá an dréachtchinnéadh á chur ar aghaidh faoi láthair tríd an nós imeachta um chomhair ar leibhéal AE. Chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí cásanna trasteorann i ndáil le Ryanair agus Groupon i gcrích trí Airteagal 60 in 2020 chomh maith.

Ós rud é go bhfuiltear ag leanúint le cinntí mionsonraithe deiridh a fháil ó na fiosrúcháin atá á gcur i gcrích ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí, cuidíonn sé le gach eagraíocht ina dtuiscint ar an dóigh a gcuirtear an dlí i bhfeidhm. Tá na cásanna fiosrúcháin sin agus cuid den chastacht nós imeachta iontu mionsonraithe ag leathanach ar Caibidil a ceathair den tuarascáil.

Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (LED)

Cuireadh líon dóthanach fiosrúcháin i gcrích anois chomh maith faoin LED chun tacú le dearcadh go raibh gann-ran-npháirtíocht shuntasach le ceanglais na Treoracha maidir le Forfheidhmiú an Dlí in Éirinn agus lena gcur chun feidhme. D'fhéadfadh sé go léiríonn sé sin cineál ceannasach na n-ullmhúcháin a bhí á ndéanamh ag na heagraíochtaí ábhartha don chreat dlí níos ginearálta (an RGCS). Mar sin féin, is é sin réimse tábhachtach maidir le cosaint ceart lena n-éilítear go ndéanfar próiseáil sonraí pearsanta chun críocha forfheidhmiú dlí a shonrú i dtéarmaí a chuspóirí agus a aidhmeanna sa dlí. Léirítear an pointe sin in achoimre chinntí an Choimisiúin Cosanta Sonraí a tháinig as fiosrúcháin i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis áitiúla agus ag an nGarda Síochána ar leathanach ar Caibidil a sé den tuarascáil seo.

Gearáin

Seachas fiosrúcháin ar mhórsála, leanadh leis an ngnáthobair laethúil maidir le láimhseáil na mílte fiosrúcháin chuig an oifig ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair le linn 2020 ar a d'fhreastail foireann mhéadaithe thiomnaithe ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí. Rinneadh os cionn 10,000 gearán i gcoinne eagraíochtaí ó dhaoine aonair a réiteach anuraidh. Bhain na gearáin a d'ardaigh daoine aonair idir cheisteanna maidir le rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta ó gach cineál eagraíochta, agus gearáin faoi bhaillí iomarcach sonraí pearsanta, agus nochtadh neamhúdaráithe agus neamhriachtanach sonraí pearsanta do thríú páirtithe. Leantar le líon suntasach cásanna a bhaineann le díospóidí maidir leis an dlí fostaíochta a fháil i réimse na ngearán a fhaighimid.

I gcomhthéacs treochtaí inaitheanta, is gné í atá ag méadú maidir leis na gearáin a fhaigheann an oifig, go bhfuil ceisteanna á n-ardú leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí nach bhfuil mórán bainte nó nach bhfuil baint ar bith acu, déanta na fírinne, le cosaint sonraí. Cé go soláthraíonn an Coimisiún Cosanta Sonraí torthaí

fiúntacha agus éifeachtúla sna cásanna sin ina bhfuil ceist inaitheanta um chosaint sonraí inbhraite ón ngearán a fhaightear, tá imní ar an gCoimisiún Cosanta Sonraí go léiríonn an méid foriomlán gearán a fhaigheann sé — agus líon méadaithe díobh sin nach léiríonn ceist inaitheanta um chosaint sonraí ar bith — mian ar thaobh a lán daoine aonair de rochtain a bheith acu ar sheirbhís réitigh díospóidí atá neamhspleách, a bhfuil fáil éasca uirthi, agus atá saor in aice le haghaidh casaoidí ginearálta a thagann as réimse éagsúil de theagmhais a mbaineann dúshlán pearsanta leo. D'fhéadfadh teagmhais a bheith i gceist leo sin amháil a dtimpeallacht oibre, cóir leighis, díospóid um pósadh/caidreamh, fadhbanna le tógálaithe atá ag obair ina dteach, fadhbanna leis an háit agus an dóigh a bpáirceálann a gcomharsana a gcarr ar an tsráid, an dóigh ar déileáladh lena bpáiste ar scoil i ndiaidh teagmhais le páiste eile, agus mar sin de. Mar sin féin, ní féidir leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí, beag beann ar chomh tuisceanach atá sé i leith na gceisteanna a ardaíodh, oibriú lasmuigh dá shainchúram reachtúil. Agus is é an riosca a thagann chun cinn má sháraíonn na gearánaithe agus an Coimisiún Cosanta Sonraí cúrsaí go mbeidh an rialachán maidir le cosaint sonraí mar tá sé beartaithe gan bhrí toisc go mbainfidh sé leis an dlí maidir le gach rud ar fad.

Treocht eile nach bhfuiltear a iarraidh

Ba é feiniméan eile a bhí le feiceáil againn go leanúnach in 2020 go raibh eagraíochtaí agus daoine aonair ag iarraidh mí-úsáid a bhaint as an RGCS chun cuspóirí eile a mhaolú nó tabhairt faoi chuspóirí eile. Sin ráite, d'fhéadfadh sé go bhfuil fóirmhearbhall ann i gcás go leor daoine maidir leis an dóigh a n-oibríonn an RGCS agus nuair nach bhfuil feidhm aige, agus corruair ní bhíonn ceisteanna chomh simplí sin. I gcás go scaiptear dearbhuithe míchruinne — pé cúis nó spreagadh — ní réiteofar iad sin ach le himeacht ama de réir mar a fhógróimid iad. Mar shampla, tagann ceist leanúnach chun cinn le heagraíochtaí ag scríosadh a bpíosa scannánaíochta CCTV i ndiaidh dóibh bheith ar fhógra iarratas ar rochtain don píosa scannánaíochta sin ag maíomh go gceanglaítear orthu leis an RGCS é scríosadh gach 7 lá.

Fógra um shárú

Bhí an líon fógraí um shárú chuig an gCoimisiún Cosanta Sonraí fós ard in 2020 ach tá an luach a bhaineann leis an gceanglas éigeantach fógra a thabhairt faoin RGCS curtha ina luí ar an gCoimisiún Cosanta Sonraí níos mó ná riamh. Cuidíonn sé leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí léargas a fháil ar na rioscaí i ndáil le slándáil agus próiseáil sonraí pearsanta a thagann chun cinn in eagraíochtaí de réir cáis agus idirghabháil a dhéanamh agus treoir a thabhairt maidir le bearta um maolú i ndáil leis na rioscaí sin, de réir mar is cuí. Go ginearálta, spreagann na freagairtí a fhaighimid ó eagraíochtaí an Coimisiún Cosanta Sonraí sa dearcadh gur mian le formhór na n-eagraíochtaí bheith comhlíontach agus go bhfuil meas acu ar ionchur an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Tá sonraí maidir leis na sáruithe a cuireadh in iúl don Choimisiún Cosanta Sonraí leagtha amach ar leathanach ar Caibidil a trí.

Tionscadail speisialta maidir le Leanaí, Fianáin

Áiríodh le tionscadail speisialta a rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí in 2020 foilsíú dréacht-treorach cuimsithí ar na cosaintí sonracha a theastaíonn chun sonraí leanaí a próiseáil faoin RGCS ina cuirtear béim ar nach mór tús áite a thabhairt do leas an linbh i gcónaí. Tá an dréacht-treoir atá ar fáil anois i gcomhair comhairliúcháin poiblí ina toradh ar chomhairliúcháin fócasaithe a rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí maidir le ceisteanna faoi shonraí leanaí lenar bhain comhairliúcháin sonracha go díreach le leanaí trína múinteoirí agus trí ghrúpaí óige. Rachaidh an treoir chun tairbhe leanaí ar fud an Aontais Eorpaigh go háirithe nuair a bheidh sé curtha chun feidhme ag an gcuid mhór ardán atá ag oibriú as Éirinn a phróiseálann sonraí leanaí AE. Tá achoimre den treoir sin leagtha amach ar leathanach xxx den tuarascáil.

Lena chois sin, rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí “scuabchuntas rialála” ag tús 2020 ar chuid de na suíomhanna gréasáin ar a dtugtar cuairt go minic in Éirinn chun na leibhéil um chomhlíonadh maidir le rialacháin r-phríobháideachais (an rialachán maidir le “fianáin”) in Éirinn a fháil amach. Ba mhór an t-údar díomá torthaí an scuabchuntais a foilsíodh i mí Aibreáin 2020. I ndiaidh an cleachtadh a chur i gcrích, sholáthair an Coimisiún Cosanta Sonraí treoir shonrach agus mhionsonraithe maidir le cad atá riachtanach chun cloí leis na rialacháin. Faoi dheireadh na bliana an Coimisiún Cosanta Sonraí imscrúdú ar líon oibreoirí suímh ghréasáin agus thosaigh sé beart forfheidhmiúcháin ina gcoinne. Leanfar leis an bpróiseas sin um imscrúduithe ar fhianáin agus beart forfheidhmiúcháin ina dhiaidh sin i rith 2021. Is fiú mar an gcéanna a lua gur mhol Coimisiún AE réimse bearta reachtacha úra chun seirbhísí digiteacha le rialáil i bhfoirm an Achta um Sheirbhísí Digiteacha agus an Achta um Margáil Digiteacha. Cibé cineál dlíthe a bheith sna dlíthe sin ar deireadh, measann an Coimisiún Cosanta Sonraí gur rud dearfach é go bhfuiltear ag breathnú ar an rialachán sa réimse seo ar bhealach níos ginearálta.

Treoir

Lean an Coimisiún Cosanta Sonraí dá fhócas ar threoir úsáideach a eisiúint do dhaoine aonair agus do rialaitheoirí. Go sonracha, lorg an Coimisiún Cosanta Sonraí in 2020 chomh maith chun na tacaíochtaí a sholáthraíonn sé do os cionn 2000 Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) atá ceaptha in eagraíochtaí ar fud na hÉireann anois a mhéadú. Tá ról an OCS ina ról dúshlánach lena n-éilítear réimse scileanna crua agus boga. Tá cosaint sonraí ina réimse dlí atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn go gasta agus teastaíonn acmhainní agus cumais shonracha ina leith. Leanfaidh an Coimisiún Cosanta Sonraí chomh maith le sonraí a chur isteach sa réimse thiomnaithe ar a shuíomh gréasáin le haghaidh OCSanna agus is mian leis méadú a fheiceáil ar a leibhéil scileanna agus cur ar fáil acmhainní sa réimse sin toisc gur gá go mbeidh an fhreagracht agus an chuntasacht faoin RGCS ag an rialaitheoir sonraí ar an gcéad dul síos. Cé go mbeidh ról lárnach ag forfheidhmiú ex-post ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí i gcónaí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna

rialála, tuigeanann an Coimisiún Cosanta Sonraí an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh a spreagadh ag an bhfoinse chomh maith.

Cuireadh béim mhór ar an tábhacht sin maidir le comhlíonadh a spreagadh ón dtús trí idirghabháil an Choimisiúin Cosanta Sonraí, rud a soláthraíodh i bpáirt trí bhithin cigireacht ar an láithreán ag áitreabh Facebook i mBaile Átha Cliath, i mí Feabhra 2020. Fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí gearrfhógra ó Facebook go raibh sé beartaithe acu seirbhís gheandála a chur i bhfeidhm d’úsáideoirí AE ó lár mhí Feabhra. Lorg an Coimisiún Cosanta Sonraí doiciméid lena n-áirítear an DPIA lenar cuireadh taca faoin gcinneadh an tseirbhís a chur i bhfeidhm (agus le fógra chomh gearr sin) san Aontas Eorpach le linn a chigireachta ar an láithreán. Mar thoradh ar an gcleachtadh sin, chuir Facebook an cur chun feidhme siar, ag feitheamh le réiteach ar roinnt ceisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta a bhain leis an tseirbhís. Cé go rabhthas á rá sna ceannlínte nuachta go bunúsach gur chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí “Lá San Vailintín ar ceal”, bhí an toradh dearfach i gcomhthéacs a chinntiú go raibh feabhas ar a cuireadh i bhfeidhm go leor míonna ina dhiaidh sin i ndáil le hábhair shonraí.

Lena chois sin, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí dá thiomantas for-rochtain a dhéanamh agus labhair sé arís ag réimse ollmhór imeachtaí ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun faisnéis a roinnt, tuiscint a chur chun cinn, agus a léirmhíniú ar an dlí a phlé agus a shoiléiriú. Is é an t-aiseolas atá á fháil againn go bhfuil an-mheas ar an méid a dhéanann an Coimisiún Cosanta Sonraí agus go spreagann sé na grúpaí earnála ar a ndírímid maidir lena n-iarachtaí um chomhlíonadh.

An Phaindéim Dhomhanda

Is cosúil nach bhfuil brollach ar bith le tuarascáil bhliantúil 2020 ar bith nach féidir a scríobh gan an phaindéim dhomhanda a tharla in 2020 a lua. Ar thaobh an Choimisiúin Cosanta Sonraí de, sholáthair an phaindéim roinnt samplaí teoracha agus soiléire maidir le fíorluach an chreata cosanta a thugtar leis an RGCS. Sa mhórán comhairliúcháin éigeantacha a rinne an Rialtas agus an Coimisiún Cosanta Sonraí ar thionscnaimh úra sláinte phoiblí lenar bhain impleachtaí maidir le próiseáil sonraí pearsanta, sholáthair an RGCS na ráillí treorach lena chinntiú go mbeadh na tionscnaimh sin comhréireach agus slán i gcomhthéacs conas a rinneadh cearta daoine aonair a chosaint agus a chothromú. Ba shampla follasach de sin an comhairliúcháin agus an rann-pháirtíocht shuntasach idir an Coimisiún Cosanta Sonraí agus údaráis sláinte poiblí ar an aip rianaithe teagmhálaithe Covid-19. Bhí an Coimisiún Cosanta Sonraí thar a bheith sásta go raibh ceannaireacht á taispeáint ag na húdaráis sláinte in Éirinn — agus go raibh dea-chleachtas á thaispeáint acu — tríd an Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí agus tríd an bhFoinse Cód don aip rianaithe teagmhálaithe a fhoilsíú, rud a chuidiú lena chinntiú go raibh ardleibhéal muiníne i measc an phobail. Tháinig ceisteanna dúshlánacha chun cinn chomh maith i ndáil leis an dóigh a raibh torthaí tástála PCR Covid-19 á gcur in iúl i láithreacha oibre áirithe i gcás gur cuireadh

oll-tástáil chun feidhme agus arís chuir an RGCS taca faoi aitheantas an chur chuige chirt, agus faoi chothromú na leasanna a theastaigh.

Aistrithe Sonraí, Dlíthíocht

I mí Iúil 2020, sheachaid Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas in imeachtaí a thionscain an Coimisiún Cosanta Sonraí in Ard-Chúirt na hÉireann in 2016, i gcás gur lorg an Coimisiún Cosanta Sonraí tagairt maidir le ceisteanna a bhain le húsáid na gClásal Conarthach Caighdeánach chun taca a chur faoi aistrithe sonraí pearsanta ó AE go SAM. Leagadh amach i mbreithiúnas an CBAE rialú mionsonraithe i ndáil le dlíthe agus cleachtais SAM toisc go bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta AE agus soiléirigh leis, beag beann ar an sásra aistrithe dlíthiúil a úsáidtear chun sonraí pearsanta a aistriú, nach mór na cosaintí céanna a bheith ag sonraí pearsanta úsáideoirí AE agus atá acu in AE. Thionscain an Coimisiún Cosanta Sonraí fiosrúchán maidir le haistrithe Facebook go SAM de thoradh an bhreithiúnais. Bhí an fiosrúchán sin ina ábhair in athbhreithniú breithiúnach a rinne Facebook, a éisteadh os comhair na hArd-Chúirte i mí na Nollag 2020. Táthar ag feitheamh le breithiúnas.

Bhí 2020 ina bhliain ghnóthach ar an iomlán maidir le dlíthíocht don Choimisiún Cosanta Sonraí agus tá breac-chuntas iomlán ar na cásanna ina raibh an Coimisiún Cosanta Sonraí ina pháirtí agus a socraíodh nó inar seachadadh breithiúnas leagtha amach ar le haghaidh ar ich 54. Is féidir sonraí ar ionchúisimh a rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí maidir le margaíocht dhíreach ag eagraíochtaí a socraíodh le linn 2020 a fháil ar leathanach ar Aguisín a trí.

Comhar AE

Bhí rannpháirtíocht an Choimisiúin Cosanta Sonraí ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí fós dian in 2020 ach níos fusa ó thaobh lóistíochta de. Mar gheall ar shrianta taistil, tionóladh gach cruinniú ó mhí Aibreáin ar aghaidh ar bhonn fíorúil agus ar an iomlán chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí le beagnach 200 cruinniú de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (idir cruinnithe iomlánacha agus grúpaí saineolaithe) anuraidh, lena n-áirítear gníomhú mar rapóirtéir ar roinnt comhad. Tá spriocanna an chomhchuibhithe agus an ionchuir dhaonlathaigh sa chinnteoireacht ina gcuid thábhachtach den chóras rialála a tugadh isteach leis an RGCS ach i ngníomh tá a gcur chun feidhme ina obair atá idir lámha fós.


Brexit

Leanadh le hullmhú le haghaidh imeacht deiridh na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach mar fhócas don Choimisiún Cosanta Sonraí i gcomhthéacs a chinntiú go dtuigfidh eagraíochtaí atá bunaithe in Éirinn na himpleachtaí um chosaint sonraí maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ina “tríú tír”. Le tionscnamh gearrthéarmach (agus sealadach) Choimisiún AE maidir le soláthar a dhéanamh do shaorshreafaí sonraí idir AE agus an Ríocht

Aontaithe ag tosú 2021, maolaíodh an brú ar eagraíochtaí Éireannacha ag an bpointe seo. D’fhógair Coimisiún AE go ndéanfaidh sé cinneadh leordhóthanachta a bheartú maidir leis an Ríocht Aontaithe sa chéad chúpla mí eile lena dteastóidh faomhadh trí phróiseas coisteolaíochta AE.

Ar Deireadh....

Leis an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí in 2020 soláthraítear ardán láidir ar a bhforbrófar in 2021 sna feidhmeanna um fhorfheidhmiú agus láimhseáil gearán go háirithe. Tá a lán réimsí eile den RGCS atá fós le hiniúchadh chun tairbhe eagraíochtaí agus ábhair shonraí araon lena n-áirítear cóid iompair agus deimhniúchán. Ní mór an RGCS a thuiscint mar thionscadal don am i láthair ach don fhadtéarmach chomh maith céanna. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí leanúint mar cheannaire ina chur chun feidhme iomlán.



Helen Dixon
Commissioner for Data Protection



Achoimre Fheidhmeach

Ag tacú le daoine aonair

Ó 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020:

- Fuair an DPC breis is **23,200** teagmháil leictreonach,¹ beagnach **10,000** glao gutháin agus **2,000** teagmháil phoist;
- Láimhseáil an DPC **10,151** cás san iomlán in 2020, suas 9% ar fhigiúirí 2019 (9,337).
- Fuair an DPC breis is **4,660** gearán ó dhaoine aonair faoin GDPR;
- Ar an iomlán, thug an DPC **4,476** ghearán chun críche, lena n-áirítear **1,660** gearán a fuarthas roimh 2020;
- Tugadh breis is **60%** (2,186) a taisceadh leis an DPC i 2020 chun críche laistigh den bhliain fhéilire chéanna; agus
- Lean an DPC air de bheith ag laghdú tréimhsí tabhairt chun críche do chásanna (chuaigh meánlíon na laethanta a theastaigh chun cás a thabhairt chun críche faoi **53%** ó tháinig feidhm leis an GDPR).

I 2020, ba iad na hábhair GDPR ba mhinice a ceistíodh nó a ndearnadh gearán fúthu fós ná: Iarratais ar Shonraí; Próiseáil Chothrom; Nochtadh; Margaíocht Dhíreach agus An Ceart go Ligfí i nDearmad (iarratais díliostaithe agus/nó bainte).

¹ Cuimsíonn cumarsáidí leictreonacha idir r-phoist do chuntas info@ an DPC agus foirmeacha idirlín a cuireadh faoinár mbráid trí shuíomh gréasáin an DPC.

10,000
telephone
calls

23,200
emails

2,000
by post

Ag Tacú le Comhlíonadh

- Ba é líon iomlán na bhfógraí bailí sáraithe a fuarthas i 2020 ná **6,628**.
- Tá ardú **10%** ar na fógraí sáraithe i gcomparáid le figiúirí 2019.
- As an líon iomlán cásanna sáraithe a taifeadh, **tugadh 90% chun críche** i 2020 (5,932 chás).

Ba í an chúis sáraithe ba mhinice a tuairiscíodh leis an DPC ná nochtadh neamhúdairithe (**86%**)

Sheol an DPC **suíomh gréasáin athdheartha** i Mí na Samhna 2020, suíomh a bhfuil a chuid acmhainní níos áisiúla d'úsáideoirí agus a thugann isteach rannóg nua go sonrach do DPO.

Le bliain anuas, tá beagnach **40 mír treorach** foilsithe ag an DPC, blaganna agus podchraoltaí san áireamh, chun eolas a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir do dhaoine.

I 2020, lean an DPC air de bheith ag forbairt a **Líonra DPO**, ag aistriú go tacaí ar líne de dheasca na paindéime. Chomh maith le hacmhainní méadaithe ar an suíomh gréasáin, chuir foireann DPC i láthair ag a lán seimineár gréasáin agus imeachtaí a bhí dírithe ar DPO.

Lean an DPC air de bheith i mbun comhpháirtíochta le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite, AZOP, agus leis an Vrije Universiteit sa Bhruiséil maidir le tionscadal a mhaoinítear ag an AE (**Tionscadal ARC**) chun tacaí praiticiúla a sholáthar do FBM.

Rialú

Aag 31 Nollaig 2020, bhí **83 Fhiosrúchán Reachtúil** idir lámha ag an DPC, lena n-áirítear 27 bhFiosrúchán Trasteorann.

I Mí na Bealtaine 2020, d'éisigh an DPC na chéad **fhíneálacha** faoin GDPR, ag gearradh dhá fhíneáil ar leith in aghaidh gníomhaireachta stáit de chuid na hÉireann.

Sa mhí chéanna, chuir an DPC chéad **Dréachtchinneadh mórscála Airteagal 60** na hEorpa chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha.

Spreag an DPC Meicníocht Réitigh Ghearáin Airteagal 65 an EDPB i 2020; ba é an DPC an chéad údarás maoirseachta a rinne a leithéid.

I Mí na Nollag 2020, d'éisigh an DPC a **chéad fhíneáil i gcás trasteorann**, ag gearradh fíneála €450,000 ar Twitter International Company.

I Mí na Nollag 2020 freisin, chuir an DPC a chéad Dréachtchinneadh mórscála Airteagal 60 ar aghaidh chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha. Bhain an Dréachtchinneadh seo le WhatsApp agus bhí sé fós ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana.

I 2020 seachadadh **14 bhreith** agus/nó ordú deiridh in imeachtaí ar pháirtí iontu an DPC.

Trí bheart **Maoirseachta**, chuir an DPC siar nó rinne sé athbhreithniú ar 3 thionscadal teicneolaíochta móire sceidealaithe a raibh impleachtaí ag baint leo do chearta agus do shaoirsí dhaoine aonair.

6,628
valid data security
breaches
recorded

83
Statutory
Inquiries

**Europe's
First**
major-scale Article
60 Draft Decision
(sent by DPC
May 2020)

Cinntí

Chuir cuid acu béim ar Chinntí ó 2020:

Eagraíochtaí	Cinneadh eisithe
Comhairle Contae Chiarraí	25-Már-20
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	21-D.Fó-20
Tusla An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (3 shárú)	07-Aibr.-20
Tusla An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (1 shárú)	21-Beal-20
Tusla An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (71 shárú)	12-Lún-20
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS An Deisceart)	18-Lún-20
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Ospidéal Mhuire Lourdes)	29-M.Fó-20
Ryanair	11-Sam-20
Twitter International Company	9-Noll-20
Groupon	16-Noll-20
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	17-Noll-20

Ag dul i dteagmháil leis an tSochaí Shibhialta

I 2020, chuir an DPC tús le comhairliúchán leitheadach maidir lena dhréacht-threoir faoi chearta na leanaí mar ábhair shonraí — *Na Leanaí chun Tosaigh agus i Lár Báire: Bunphrionsabail do Chur Chuige don Phróiseáil Sonraí atá Dírithe ar Leanaí*. Bhí an comhairliúchán seo fós ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana.

Ag dul i dteagmháil le Píaraí

Ó 1 Eanáir 2020, fuair an DPC:

- **354** ghearán ó Údarais Chosanta Sonraí (DPA) ar píaraí iad inar aithníodh an DPC mar an Príomhúdarás Maoirseachta;
- D'fhreastail sé ar bhreis is **180** chruinniú EDPB, ar cuireadh mórchuid acu i gcrích ar líne mar gheall ar shrianta taistil a bhaineann leis an bpaindéim;
- Lean sé air ionadaithe a bheith ag gach foghrúpa de chuid an EDPB agus de bheith ag gníomhú mar chomhordaitheoir an Fhoghrúpa um na Meáin Shóisialta; agus
- Thionóil sé cruinniú fíorúil de BIIDPA, ag cur fáilte roimh ionadaithe ó Bheirmiúda, Oileáin Cayman, Gibráltar, Geansaí, Oileán Mhanann, Geirsí, Málta agus an Ríocht Aontaithe.

Ag tarraingt aird an phobail ar an gCosaint Sonraí


Chuir baill fhoirne an DPC i láthair ag beagnach 100 caint phoiblí i 2020. Ó tháinig feidhm le srianta Covid, cuireadh rannpháirtíocht go léir na foirne ar líne.

Tá an DPC tiomanta i gcónaí do bheith ag spreagadh feachtas na ndaoine maidir le cearta agus freagrachtaí na cosanta sonraí, ag táirgeadh beagnach 40 mír treorach, comhairle theicneolaíoch, comhlíontacht Fhianán agus ceisteanna a bhaineann le cúrsaí Covid san áireamh.

Gníomhaíocht Eile

I 2020:

- Thug an DPC **147 imscrúdú a bhain le margaíocht dhíreach leictreonach** chun críche.
- **D'ionchúisigh sé 6 chomhlacht** as teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist gan iarraidh a chur chuig daoine aonair.
- Láimhseáil sé **37 ghearán a bhain leis an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí**.
- Mhéadaigh sé comhlíontacht clárú DPO go **96%** do na comhlachtaí Eanála Poiblí.
- I mí Aibreáin, d'fhoilsigh an DPC treoir nua maidir le fianáin agus teicneolaíochtaí rianaithe a úsáid.



1

Róil agus Freagrachtaí

Feidhmeanna an DPC

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh le buncheart na ndaoine san AE go ndéanfaí a gcuid sonraí pearsanta a chosaint. Dá réir sin, is é an DPC an t-údarás maoirseachta Éireannach a bhfuil sé de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán (AE) 2016/679).

Áirítear i measc croífeidhmeanna an DPC, faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 — a thugann tuilleadh éifeachta don GDPR in Éirinn:

- spreagadh comhlíonta fheabhsaithe le reachtaíocht chosanta sonraí ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe;
- láimhseáil ghearán ó dhaoine aonair maidir le hábhar sárúithe a gcuid ceart cosanta sonraí;
- cur i gcrích fiosrúchán agus imscrúduithe maidir le hábhar sárúithe na reachtaíochta cosanta sonraí;
- cothú feasachta i measc eagraíochtaí agus an phobail maidir leis na rioscaí, na rialacha, na cosaintí agus na cearta ar dá gcúram iad agus sonraí pearsanta á bpróiseáil; agus
- comhoibriú le húdaráis chosanta sonraí i mball-stáit eile de chuid an AE faoi cheisteanna ina bhfuil próiseáil trasteorann i gceist.

Gníomhaíonn an DPC mar an t-údarás maoirseachta freisin don phróiseáil sonraí pearsanta faoi roinnt creat dlí breise. Áirítear orthu seo **an Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí** (Treoir 2016/680, faoi mar a trasúidh í faoin **Acht um Chosaint Sonraí 2018**) a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachais a bhfuil feidhmeanna forfheidhmithe dhlí acu i gcomhthéacs chosc, imscrúdú, aimsiú nó ionchúiseamh cionta coiriúla nó cur i ngníomh pionós coiriúil. Cuireann an DPC feidhmeanna áirithe maoirseachta agus forfheidhmithe i bhfeidhm freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na gcumarsáidí leictreonacha faoi **na Rialacháin e-Phríobháideachais** (I.R. Uimh. 336 ó 2011).

Chomh maith lena chuid feidhmeanna faoin GDPR, leanann an DPC air de bheith ag cur i gcrích a chuid feidhmeanna rialála faoi **na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003**, maidir le gearáin agus imscrúduithe a bhaineann leis an tréimhse roimh 25 Bealtaine 2018, chomh maith le catagóirí áirithe srianta eile próiseála, is cuma má tharla an phróiseáil sin roimh nó tar éis 25 Bealtaine 2018.

Chomh maith le reachtaíocht shonrach chosanta sonraí, is ann do thart ar 20 píosa breise reachtaíochta, a chlúdaíonn réimsí éagsúla earnála, a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ina mbíonn ar an DPC feidhm áirithe mhaoirseachta a chur i gcrích a leagtar air faoin reachtaíocht sin.

Foireann Shinsearach an DPC

Cuimsíonn Coiste Bainistíochta Sinsearaí an DPC (SMC) an Coimisinéir um Chosaint Sonraí agus an seachtar Leaschoimisinéirí. Déanann an Coimisinéir agus baill an SMC maoirseacht ar bhainistiú agus ar rialú cuí na heagraíochta, de réir na bprionsabal sin a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) Tá sceideal foirmiúil ceisteanna le cur san áireamh agus a bhfuil cinneadh le déanamh fúthu, de réir mar is cuí, ag an SMC, chun maoirseacht agus smacht éifeachtacha na heagraíochta a chinntiú.

Cuimsíonn SMC an DPC:



Helen Dixon
An Coimisinéir um Chosaint
Sonraí



Anna Morgan
Leaschoimisinéir —
Ceannasaí Gnóthaí Dlí



Colum Walsh
Leaschoimisinéir —
Ceannasaí Gníomhaíochta
Rialála



Dale Sunderland
Leaschoimisinéir —
Ceannasaí Gníomhaíochta
Rialála



Graham Doyle
Leaschoimisinéir —
Ceannasaí Gnóthaí
Corparáideacha, Meáin
Chumarsáide & Cumarsáidí



John O'Dwyer
Leaschoimisinéir —
Ceannasaí Gníomhaíochta
Rialála



Tony Delaney
Leaschoimisinéir — Ceannasaí
Gníomhaíochta Rialála



Ultan O'Carroll
Leaschoimisinéir
(Gníomhach) — Ceannasaí
Teicneolaíochta, Oibriúcháin
& Feidhmíochta

Maoiniú agus Riarachán — Vóta 44

Maoinítear an DPC go huile is go hiomlán ag an Státchiste. Ó 1 Eanáir 2020, maoiníodh an DPC tri Vóta nua de chuid an Oireachtais — Vóta 44. Is é an Coimisinéir um Chosaint Sonraí an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin. Mar chomhlachas Vóta, ní mór don Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithghabhála a ullmhú do Vóta an DPC lena chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. De réir mar is gá, tá mar chuid de sin ráiteas an Oifigh Chuntasaíochta maidir le córais rialaithe inmheánaigh an DPC. Ba é an soláthar ollmheastacháin 2020 do Vóta 44 — an Coimisiún um Chosaint Sonraí ná **€16.916M** ar leithdháileadh **€10.552m** de ar chaiteachas pá-choibhneasa, agus ar leithdháileadh **€6.364m** de ar chaiteachas neamhphá. Méadú de €1.6M a bhí i gceist leis an maoiniú do 2020 i gcomparáid le leithdháileadh 2019.

Tá an DPC ag ullmhú a ráitis airgeadais do 2020 agus foilseofar an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin an DPC tar éis chur i gcrích iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste.

2

Teagmhálacha, Fiosrúcháin agus Gearáin

Teagmhálacha

Déanann páirtithe leasmhara teagmháil leis an DPC ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear Deasc Chabhrach an DPC, foirmeacha gréasáin ar líne, ríomhphost agus post. I 2020, fuair an DPC 23,226 theagmháil leictreonach,² 9,410 nglao gutháin³ agus 1,881 theagmháil phoist.

Tháinig dúshlán shuaithinseacha chun cinn i 2020 i dtéarmaí soláthair sheirbhíse líne thosaigh, lena n-áirítear dúshlán teicniúla agus lóistíochtúla a tharla mar gheall ar riachtanais chianoibre. In ainneoin na ndúshlán seo, coinníodh an soláthar seirbhíse ar fud na bliana. Níor tharla aon éifeacht dhiúltach maidir le hamanna freagra nó leibhéil seirbhíse mar gheall ar chianobair, agus bhí

leibhéal na teagmhála a rinneadh ar cóimhéid le rátaí réamh-Covid.

Rud nua a tháinig chun cinn i 2020 ná an líon suntasach fiosrúcháin a bhaineann le Covid-19 a fuair an DPC ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí a bhí ag iarraidh an t-idirghníomhú a thuiscint idir an dlí um chosaint sonraí agus riachtanais Covid-19. Ina lán cásanna bhí na fiosrúcháin seo am-íogair, agus b' éigean freagra a thabhairt orthu go tapa.

Gearáin

Déanann an DPC próiseáil ar ghearáin faoi dhá phríomhchreat dlí:

- Pléitear le gearáin a fuarthas ó 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh (agus a bhaineann le ceisteanna a tharla ar nó tar éis 25 Bealtaine 2018) faoin GDPR, faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí, agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018; agus
- Pléitear le gearáin agus sáruithe a tharla roimh 25 Bealtaine 2018 faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, fiú nuair a fhógraítear don DPC iad ar nó tar éis 25 Bealtaine 2018.

² Cuimsíonn cumarsáidí leictreonacha idir r-phoist do chuntas info@ an DPC agus foirmeacha idirlín a cuireadh faoinár mbráid trí shuíomh gréasáin an DPC.

³ Chuaigh líon na dteagmhálacha teileafóin chuig an DPC i laghad i 2020, i gcomparáid le blianta roimhe sin. An míniú air sin ná an t-aistriú go cianobair (Covid-19) agus an cumas laghdaithe dá bharr sin chun glaonna a phróiseáil (ag obair ar an bhfón póca). Tugadh an lánchumas teileafóin ar ais ina dhiaidh sin, tar éis don DPC seirbhísí agus trealamh cuí glao lasmuigh den láthair a fháil.

Chun gur gearán a bheadh ann — rud a spreagfadh, mar sin de, dualgais reachtúla láimhseála gearáin an DPC — ní mór go mbainfeadh an cheist le ceann amháin de na ceanteidil seo a leanas:

- Gearán ó dhuine aonair a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta féin;
- Duine nó eintiteas atá údaraithe go dlíthiúil atá ag gearán *ar son duine aonair* (m.sh. dlíodóir ar son cliaint nó tuismitheoir/caomhnóir ar son a linbh); nó
- Grúpaí abhcóideachta a chomhlíonann na riachtanais chun gníomhú *ar son duine aonair amháin nó níos mó* faoin GDPR, LED agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Idir 1 Eanáir 2020 agus 31 Nollaig 2020:

- Fuair an DPC 4,660 gearán ó dhaoine aonair faoin GDPR agus 59 ngearán faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.
- Ar an iomlán, thug an DPC chun críche 4,476 ghearán, lena n-áirítear 1,660 gearán a fuarthas roimh 2020.
- Tugadh breis is 60% (2,186) de na gearáin a taisceadh leis an DPC i 2020 chun críche laistigh den bhliain fhéilire chéanna.

Gearáin a Fuarthas faoin GDPR — Na 5 Cheist is Mó i 2020

Gearáin a Fuarthas	Líon	% an iomláin
Iarratas Rochtana	1683	27%
Próiseáil Chothrom	1623	26%
Nochtadh	793	12%
Margaíocht Dhíreach	429	7%
Ceart ar scriosadh	423	7%

Gearáin a Fuarthas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2003 — Na 5 Cheist is Mó i 2020

Gearáin a Fuarthas	Líon	% an iomláin
Nochtadh	24	41%
Próiseáil Chothrom	14	24%
Iarratas Rochtana	10	17%
An ceart go ligfí i ndearmad	4	7%
Slándáil	2	3%

Bhain mórchuid na gcásanna a tugadh chun críche ag an DPC le **hIarratais Rochtana** (30%) Bhain an chéad chatagóir eile chásanna le **Próiseáil Chothrom** (19%), agus ina dhiaidh sin **Nochtadh** (15%).

Láimhseáil Ghearáin

Nuair is féidir sin, féachann an DPC le gearáin a réiteach go cairdiúil — mar a fhoráiltear in Alt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Cuirtear an rogha ar fáil plé lena gceist go cairdiúil do dhaoine aonair le linn saolré a ngearáin, is cuma cé chomh fada is a tugadh an cheist chun cinn trí bhealaí géaraithe. Is féidir teacht ar chásanna-staidéir a léiríonn na bealaí géaraithe seo ag deireadh na caibidle seo.

Nuair nach bhfuil réiteach cairdiúil agus luath indéanta, géaraíonn an DPC ceisteanna de réir chatagóir an ghearáin:

Gearáin faoi Chearta Rochtana

Foráileann Airteagal 15 den GDPR gur féidir le duine aonair deimhniú a fháil ó rialaitheoir sonraí más rud é go bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leo á bpróiseáil, agus nuair atá sin amhlaidh, gur féidir leo rochtain a bheith acu ar chóip de na sonraí pearsanta sin. Is ceart tábhachtach é seo, agus is é is cúis leis an líon is mó gearán don DPC go bliantúil.

Cuireann an ceart rochtana ar chumas duine aonair dlíthiúlacht na próiseála a chinntiú a bhfuil an rialaitheoir sonraí ag tabhairt fúithi agus cóipeanna a fháil dá gcuid sonraí pearsanta le haghaidh a gcuid taifead féin. Ceann de na bunchearta a bhronntar ar dhuine aonair ag an GDPR is ea é. Is ceart é freisin atá le fáil i gCairt Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Sin ráite, níl ceart rochtana duine aonair iomlán agus is féidir go mbeidh sé faoi réir ag srianta áirithe, lena n-áirítear, gan a bheith srianta dóibh, iad siúd a leagtar amach in Alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Forordaíonn an GDPR meicníocht in Alt 23 chun srianta chearta a cheadú i gcúinsí áirithe sonracha. Tá cead ag gach Ballstát a chuid díolúintí féin a thabhairt isteach i reachtaíocht náisiúnta. Ní mór go mbeadh meas ag a leithéid de shrianta ar bhunús na gceart agus na saoirsí bunúsacha agus ní mór gur beart riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach a bheadh ann. In Éirinn trasúodh sin trí Alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

In aon scrúdú ar ghearáin a dtugann an DPC faoi, díróinn cuid mhór den obair ar scrúdú bhailíocht na ndíolúintí a chuirtear chun tosaigh ag an rialaitheoir sonraí chun údar a thabhairt lena dhiúltú sonraí pearsanta a chur ar fáil mar fhreagra ar iarratas rochtana. Le linn an scrúdaithe ar ghearáin, déanfaidh an DPC cinneadh más rud gur ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh an rialaitheoir sonraí go cuí agus freagra á thabhairt acu ar an iarratas rochtana; i mórchuid na gcásanna beidh i gceist leis sin scrúdú ar an tslí inar bhain an rialaitheoir sonraí brí as na srianta i gcomhthéacs chúinsí ar leith an cháis. Is féidir go mbeidh de thoradh air sin go scaoilfear sonraí pearsanta breise don ábhar sonraí.

Mar shampla, is minic a dheimhníonn rialaitheoirí sonraí pribhléid dlíodóra maidir le doiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta le fáil, mar bhonn cirt chun sonraí pearsanta a choinneáil siar mar fhreagra ar iarratas rochtana.

Pléann Alt 162 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 go sonrach le pribhléid ghairmiúil dlíodóra (LLP). Ina theannta sin, foráileann Alt 60(3)(a)(iv) go bhfuil na cearta agus na dualgais a fhoráiltear in Ailt 15 srianta sa mhéid go ndéantar sonraí a phróiseáil ag smaoineamh ar, nó do bhunú, cleachtadh nó cosaint, éilimh dhlí, éilimh ionchasaigh dhlí, imeachtaí dlí nó imeachtaí ionchasacha dlí — bíodh sin os comhair cúirte, bhinse reachtúil, chomhlachta reachtúil nó ghnáthaimh riaracháin nó lasmuigh den chúirt. Sa dá alt tá na bunphrionsabail mar an gcéanna agus éilíonn siad measúnú pribhléide ag an DPC.

Nuair a fhaigheann rialaitheoir sonraí iarratas rochtana tá iachall air é a chomhlíonadh gan mhoill mhíchúil agus ar a dhéanaí laistigh de mhí amháin ó fhaightear é. De réir an chur chuige rioscabhunaithe i leith na cosanta sonraí, rud atá lárnach don GDPR, tá iachall ar gach rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí aonair bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun cinntiú agus chun léiriú go gcloíonn an phróiseáil sonraí a bhfuiltear ag tabhairt fúithi leis an reachtaíocht. Dá réir sin, tá sé stuama polasaí soiléir eagraíochta a bheith ann maidir le conas iarratas ar a shonraí a chur i bhfeidhm, agus tá a leithéid rithábachtach chun athdhéanamh oibre costasach agus fadálach a sheachaint.

Pribhléid Dlíodóra agus an Ceart Rochtana

Is ann, go bunúsach, do dhá aicme pribhléide gairmiúla dlíodóra — pribhléid chomhairle dlí nó pribhléid dlíthíochta. Mar an chéad chéim ní mór don DPC nádúr na pribhléide a chuirtear chun cinn ag an rialaitheoir sonraí a dheimhniú.

Tá pribhléid chomhairle dlí ceangailte le cumarsáidí idir dlíodóir agus cliant mar a bhfuil an chumarsáid faoi rún agus é mar chuspóir aici comhairle dhlí a thabhairt nó a fháil. Nuair is é cuspóir ceannasach na cumarsáide ná ullmhú do dhlíthíocht “iarbhír nó intuigthe”, is féidir pribhléid dlíthíochta a mhaíomh.

Tar éis catagóir na pribhléide a dheimhniú, is í an chéad chéim eile ag an DPC ná stádas pribhléide na sonraí pearsanta a mheasúnú. Ceist dlí atá ann go bunúsach an cheist an mbaineann nó nach mbaineann pribhléid le sonraí pearsanta atá le fáil i ndoiciméid, agus is cóir a rá gur chorpraigh an tOireachtas na prionsabail dlí choitinn sin a bhaineann le pribhléid san Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Agus aon scrúdú den chineál seo á dhéanamh éileoidh an DPC roinnt mhaith eolais, lena n-áirítear míniú maidir leis an mbonn ar a bhfuil an rialaitheoir sonraí ag maíomh pribhléide sa tslí gur féidir linn meastóireacht chuí a dhéanamh maidir lena bhailí is atá sé bheith ag brath ar Alt 162. Go bunúsach beidh an DPC ag lorg insinte faoi gach doiciméad ina bhfuil sonraí pearsanta le fáil. Maidir le pribhléid dlíthíochta is é an príomhfhócas agus sonraí pearsanta á measúnú ná cén uair a smaoineadh na páirtithe faoi dhlíthíocht, .i. an dáta gur bagraíodh nó a rinneadh machnamh faoina leithéid.

Gearáin faoi Mhargaíocht Dhíreach Leictreonach

Imscrúdaíonn an DPC cionta go gníomhach, agus ionchúisíonn sé iad, i dtaca le margaíocht dhíreach leictreonach faoi I.R. 336/2011 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí maidir le Cumarsáidí Leictreonaigh (Príobháideachtas agus Cumarsáidí Leictreonaigh) 2011 (‘na Rialacháin ePríobháideachais’). Cuireann na Rialacháin ePríobháideachais an Treoir 2002/58/EC (‘an Treoir um Príobháideachtas’) i bhfeidhm i ndlí na hÉireann.

Fuair an DPC 144 ghearán nua maidir le margaíocht dhíreach leictreonach i 2020. Bhí le háireamh ina measc 66 ghearán maidir le teachtaireachtaí r-phoist, 73 ghearán maidir le teachtaireachtaí téacs, agus cúig ghearán maidir le glaonna gutháin. San iomlán tugadh 149 n-imscrúdú margaíochta díri leictreonaí chun críche i 2020. Cuimsíonn an figiúr seo gearán amháin ó 2018, 51 ó 2019 agus 97 ó 2020. D’ionchúisigh an DPC 6 chomhlacht le linn 2020 do sháruithe margaíochta díri, agus leagtar amach sonraí na gcásanna sin in Aguisín 3.

Gearáin faoi Ionaid Ilfhreastail

Bunaíocht an mheicníocht Ionad Ilfhreastail (OSS) faoin GDPR agus é mar chuspóir aici cuíchóiriú a dhéanamh ar an tslí ina dtéann eagraíochtaí a dhéanann gnó i níos mó ná ballstát AE amháin i dteagmháil le húdaráis chosanta sonraí (a dtugtar ‘údaráis mhaoirseachta’ orthu faoin GDPR). Éilíonn an OSS go mbeadh na heagraíochtaí seo faoi réir ag maoirseacht rialála ag DPA amháin, nuair atá ‘príomháit ghnó’ acu, seachas bheith faoi réir ag rialú le húdaráis chosanta sonraí gach ballstáit. Go ginearálta, is í príomháit ghnó eagraíochta ná an áit ina bhfuil a riarachán lárnach agus/nó cinnteoireachta lonnaithe. I gcás próiseálaí shonraí nach bhfuil aon áit riaracháin lárnaí acu, beidh a bpríomháit ghnó san áit ina dtarlaíonn a bpríomhghníomhaíochtaí próiseála san AE.

I 2020, fuair an DPC **354 ghearán próiseála trasteorann** tríd an mheicníocht OSS a taisceadh ag daoine aonair le húdaráis eile cosanta sonraí san AE.

Gearáin faoi Shárú Sonraí

Láimhseálann an DPC gearáin freisin a bhaineann le sáruithe sonraí a cuireadh in iúl agus nár cuireadh in iúl araon. Eascaíonn mórchuid na ngearán sáraithe shonraí de thoradh ar fhógra a tugadh don DPC — ó eagraíocht nó ó eintiteas — go ndearnadh sárú maidir leis na sonraí pearsanta sin a bhfuil siad ina rialaitheoir sonraí dóibh. Is féidir go n-eascróidh gearáin sáraithe shonraí freisin i gcúinsí inar cuireadh duine aonair ar an eolas go neamhspleách maidir le sárú sonraí, trí chlúdach na meán cumarsáide go minic, nó trí iarmhairt dhíobhálach a eascaíonn as an sárú (m.sh. rochtain neamhúdaráithe ar chuntais r-phoist, cuntais chustaiméara nó cuntais bhainc, srl.).

Gearáin faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí

Trasuíodh an Treoir AE a dtugtar an Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí (AE 2016/680) (an LED) i ndlí na hÉireann ar 25 Bealtaine 2018 le hachtú an Achta um Chosaint Sonraí

2018. Baineann an LED le feidhm nuair a chuirtear sonraí pearsanta i bhfeidhm do chuspóirí chosc, imscrúdú, aimsiú nó ionchúiseamh cionta coiriúla, nó forghníomhú phionós coiriúil. Le go mbeadh an LED infheidhme, ní mór gur “údarás inniúil” a bheadh sa rialaitheoir sonraí freisin, faoi mar a leagtar amach in Alt 69 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

I 2020, láimhseáil an DPC 37 ngearán LED, a raibh An Garda Síochána (AGS) mar an rialaitheoir sonraí ar a mórchuid. Bhain gearáin le heagraíochtaí eile freisin, leithéidí Seirbhís Príosún na hÉireann, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Talmhaíochta & Bia, chomh maith le roinnt údarás áitiúil.

Baineann Alt 91 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 le próiseáil sonraí pearsanta do chuspóirí forfheidhmithe dhlí agus leagtar amach ann na coinníollacha atá i gceist le go mbeadh daoine aonair in ann rochtain a bheith acu ar a gcuid sonraí pearsanta, nó lena gcur i gceart nó a scriosadh. Tagraítear d’iarratas chun rochtain a bheith agat ar chóip sonraí atá taifeadta ar chórais AGS, sonraí faoi ionchúiseamh ag na Coimisinéirí Ioncaim, nó fíneáil bhruscair a fhorfheidhmítear ag údarás áitiúil mar iarratais duine ar a shonraí LED Alt 91.

Is minic a thagann an DPC ar chásanna mar a ndéanann ábhair shonraí iarratais duine ar shonraí, agus iad ag lorg eolais tríú páirtí, leithéidí ainm agus seoladh duine a líomhnaítear go ndearna siad ionsaí, nó sonraí duine a thuairiscigh ceist faoi rún. Foráileann Alt 91(7) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 nach gcuirfidh rialaitheoir sonraí (údarás inniúil faoin LED) sonraí pearsanta ar fáil do dhaoine aonair a bhaineann le duine aonair eile, nuair a nochtfaidh a leithéid céannacht an duine eile, nó dá mbeadh an baol sin ann. Is iad na cúinsí sin amháin nuair nach mbaineann Alt 91(7) le feidhm ná nuair a thoilíonn tríú páirtí soláthar a gcuid eolais don ábhar sonraí atá ag déanamh an iarratais, faoi mar a leagtar amach in Alt 91(8) den Acht. Foráileann Alt 91(9) den Acht freisin nach mbainfidh an ceart rochtana le feidhm le sonraí ach an oiread a bhfuil i gceist leo cur in iúl tuairime faoi dhuine aonair ag duine eile a tugadh faoi rún nó ar an mbonn tuisceana go bpléifí leis an tuairim mar thuairim faoi rún.

Gearáin a fuarthas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Leanann an DPC air de bheith ag fáil agus ag scrúdú gearán a thagann faoi scáth na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Faoi Acht 2018 agus faoi na hAchtanna 1988 agus 2003 araon, tá sé mar dhualgas reachtúil ag an DPC bheith ag déanamh a dhíchill chun gearáin a réiteach go cairdiúil a fhaightear ó bhaill den phobal. I 2020, tugadh mórchuid na ngearán a thagann faoi scáth na nAchtanna 1988 agus 2003 chun críche go cairdiúil idir páirtithe an ghearáin, gan é a bheith riachtanach cinneadh foirmiúil a eisiúint faoi Alt 10 de na hAchtanna 1988 agus 2003. Tá 77 gcinneadh foirmiúil eisithe ag an gCoimisinéir faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ó bhí Mí Eanáir 2020 ann; sheas 50 ceann acu leis an ngearán go hiomlán agus dhiúltaigh 18 gcinn acu an gearán. I naoi gcás eile, seasamh go páirteach leis an ngearán.

Tugadh gearáin chun críche le Cinntí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Gearáin ar seasadh leo	50
Gearáin a diúltaíodh	18
Gearáin ar seasadh go páirteach leo	9
Iomlán:	77

Cosaint sonraí agus na cúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach

Cé gurb é an DPC an t-údarás maoirseachta do dhlíthe cosanta sonraí in Éirinn, baineann sainrialacha le feidhm nuair atá na cúirteanna ag tabhairt faoi bhearta próiseála. Tagann na sainrialacha seo ó Airteagal 55(3) den GDPR, a chuireann cosc ar an DPC, ar aon dul le DPA eile de chuid an AE, ó bheith ag déanamh maoirseachta ar oibríochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach. Déantar sin chun neamhspleáchas na mbreithiúna a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm a gcuid tascanna breithiúnacha, cinnteoireacht san áireamh.

Rialaíonn Ailt 157 go 160 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, in éineacht leis na Rialacha Cúirte ábhartha, conas is gá do chúirteanna na hÉireann sonraí pearsanta a phróiseáil agus conas ba chóir éifeacht a thabhairt do rialacha áirithe cosanta sonraí sa GDPR (aon srianta maidir le cearta cosanta sonraí san áireamh). Tá san áireamh ansin foráil do cheapadh breithimh shonraigh ag Príomh-Bhreitheamh na hÉireann chun gníomhú mar an maoirseoir cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rud a tharlaíonn agus cúirteanna na hÉireann ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi mhaoirseacht phróiseála sonraí ag cúirteanna na hÉireann agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach ag <https://www.courts.ie/courts-data-protection-notice>

Idirdhealú a dhéanamh idir ról an DPC agus an Bhreithimh Cheaptha

Ní gá go mbeadh gach gníomhaíocht phróiseála a bhaineann leis na cúirteanna laistigh de raon feidhme na gcúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach. Do cheisteanna cosanta sonraí atá lasmuigh den raon feidhme sin, is é an DPC an t-údarás maoirseachta ábhartha. Faigheann an DPC gearáin ó dhaoine aonair i gcásanna inar féidir go mbaineann na ceisteanna a thógtar leis na cúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach; ní ceisteanna iad sin, mar sin de, ar féidir leis an DPC iad a láimhseáil. Tá gearáin eile a bhaineann le gníomhaíochtaí cúirte níos leithne mar chuid de shainchúram an DPC. Léiríonn cás-staidéir 13-17 na réimsí ina bhfuil an DPC nó an Breitheamh Ceaptha ina údarás maoirseachta cuí.

Example A:

Na Cúirteanna mar fhostóir

((Cásanna nuair is é an DPC an t-údarás maoirseachta inniúil))

D'admhaigh an tSeirbhís Cúirteanna gur úsáid bainisteoir CCTV chun monatóireacht a dhéanamh ar uaireanta oibre fhostaí.

Ós rud é nach mbaineann na ceisteanna a bhfuil an gearán fúthu le gníomhaíochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach, ba é an DPC an t-údarás cuí chun déileáil leis an ngearán seo.

Example B:

Nochtadh Orduithe Cúirte a bhí á gcoinneáil ag tríú páirtithe

((Cásanna nuair is é an DPC an t-údarás maoirseachta inniúil))

Ba pháirtí é an gearánach in imeachtaí Dlí Teaghlaigh mar ar thug Breitheamh na Cúirte Dúiche treoir go ndéanfaí leanaí na bpáirtithe a atreorú chun teiripe shúgartha a fháil. Nocht na dlíodóirí don mháthair dhá ordú cúirte (a bhaineann le rochtain) don teiripeoir súgartha. Rinneadh sin cheal ordú cúirte chun a leithéid a dhéanamh nó ar iarratas an teiripeora shúgartha. Ní raibh an t-eolas a bhí le fáil sna horduithe riachtanach do chuspóirí na teiripe súgartha agus nochtadh ann eolas a bhain le ceisteanna eile, lena n-áirítear cothabháil.

Ós rud é nach mbaineann na ceisteanna a bhfuil an gearán fúthu le gníomhaíochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach, ba é an DPC an t-údarás cuí chun déileáil leis an ngearán seo.

Example C:

Nochtadh sonraí pearsanta ar bhonn deonach

(Cásanna nuair is é an DPC mar an t-údarás maoirseachta inniúil)

Cuireadh sonraí pearsanta an ghearánaigh san áireamh i Mionnscribhinn Fhollasaithe dheonach ar thug duine mionn fúithi nach raibh ina pháirtí ag na himeachtaí. Tharla sin cheal Ordaithe Chúirte a d'fhágfadh gur ghá follasú neamhpháirtí a dhéanamh agus

mar sin de níorbh ann d'aon bhunús dlí chun an follasú a dhéanamh.

Ós rud é nach mbaineann na ceisteanna a bhfuil an gearán fúthu le gníomhaíochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach, ba é an DPC an t-údarás cuí chun déileáil leis an ngearán seo.

Example D:

Rochtain ar an gcomhad Cúirte

(Cásanna nuair is é an Breitheamh Ceaptha an t-údarás maoirseachta inniúil)

Rinne an gearánach iarratas rochtana chuig oifig chúirte áitiúla do na sonraí pearsanta ar fad a bhí i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna agus a bhain leis ag eascairt as láithreas os comhair na cúirte, lena n-áirítear na taifid chúirte

agus taifeadadh digiteach fuaime na héisteachta. Diúltaíodh an t-iarratas..

Ós rud é go mbaineann na ceisteanna a bhfuil an gearán fúthu le gníomhaíochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach, ba é an Breitheamh Ceaptha an t-údarás cuí chun déileáil leis an ngearán seo.


Example E:


Gearáin faoin Taifead Cúirte

(Cásanna nuair is é an Breitheamh Ceaptha an t-údarás maoirseachta inniúil)

TLíomhnaíonn an gearánach (arbh é an cosantóir in imeachtaí os comhair na gcúirteanna é) mírialtachtaí sna horduithe a rinneadh ag an gcúirt agus lorg sé coigeartú díobh sin.

AÓs rud é go mbaineann na ceisteanna a bhfuil an gearán fúthu le gníomhaíochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna agus iad ag gníomhú ina gcáilíocht bhreithiúnach, ba é an Breitheamh Ceaptha an t-údarás cuí chun déileáil leis an ngearán seo.





Cás-staidéir

Cás-staidéar 1:

Foilsíú neamhúdaraíthe grianghraif (Réiteach Cairdiúil)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair a bhain le foilsíú a ngrianghraif in alt a bhí mar chuid de nuachtlitir ionaid oibre gan a dtoiliú a bheith faighte. Chuir an rialaitheoir sonraí, arbh é fostóir earnála poiblí an duine aonair é, in iúl don duine gur chóir go mbeadh toiliú faighte aige chun an grianghraf a úsáid i nuachtlitir an ionaid oibre, ós rud é nárbh é seo an cuspóir a bhfuarthas an grianghraf lena aghaidh. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don duine aonair freisin go raibh sárú sonraí tar éis tarlú sa chás seo.

Aithníodh an gearán seo mar cheann a bhfuil seans ann go bhféadfaí é a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018; d' aontaigh an gearánach agus an rialaitheoir sonraí araon go n-oibreodh siad leis an DPC chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach go cairdiúil.

Chuaigh an rialaitheoir sonraí i dteagmháil leis an DPC faoin gceist, agus chomhairligh sé go raibh imscrúdú inmheánach curtha i gcrích aige agus dheimhnigh sé gurbh fhíor gur tharla sárú sonraí agus gur chóir toiliú a bheith faighte chun grianghraf an duine aonair a úsáid i nuachtlitir an ionaid oibre. Ní raibh foilsíú i nuachtlitir i measc na gcuspóirí dá bhfuarthas an grianghraf sa chéad dul síos. Ghabh an fostóir a leithscéal leis an duine aonair. Níor mheas an gearánach, áfach, gur réiteach cuí é seo don ghearán a bhí idir lámha.

Chuir an DPC moltaí ar fáil go ndéanfaí bileog eolais faoi chúrsaí toilithe a dháileadh don fhoireann sula mbainfí úsáid as grianghrafadóireacht, ábhar fuaime agus/nó físeáin, agus go ndéanfaí foirm thoilte do ghrianghrafadóireacht, ábhar fuaime agus físeáin a chomhlánú agus a shíniú sula bhfaighfí íomhánna nó taifeadaí; chuir an rialaitheoir an chomhairle seo i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Dearbhaíonn Airteagal 5(1)(b) den GDPR go “ndéanfar sonraí pearsanta a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá neamhréir leis na críocha sin ('teorannú de réir cuspóra').

Bhí an DPC sásta go ndearna an rialaitheoir sonraí tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta an duine aonair gan a dtoiliú (ná bunús eile dlí) chun a leithéid a dhéanamh nuair a d' fhoilsigh sé grianghraf an fhostaí i nuachtlitir an ionaid oibre. D' eisigh an DPC litir thoraidh a chuir an méid sin in iúl don ghearánach. Bhí an DPC sásta leis na bearta eagraíochtúla a tugadh isteach ina dhiaidh sin agus mar sin de níor ghá don rialaitheoir aon bhearta breise a dhéanamh sa chás seo.

Sa chás-staidéar seo, níorbh fhéidir a mheas gurbh ann do bhaol suntasach maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha an duine aonair, ach mar sin féin, chuir próiseáil na sonraí pearsanta isteach ar an duine aonair agus is sárú den GDPR é sna cúinsí. Léiríonn sin an gá atá ann le go gcuirfeadh gach eagraíocht oiliúint ar a gcuid foirne — ag gach leibhéal agus i ngach ról — le go mbeidís ar an eolas faoin GDPR agus le go gcuirfidís a chuid prionsabal san áireamh.

Cás-staidéar 2:

Ní bhfuarthas aon fhreagra ar iarratas duine ar a shonraí (Réiteach Cairdiúil)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas duine ar a shonraí a rinne an duine sin do rialaitheoir sonraí, comhlacht ceantála ar bhain an gearánach úsáid as a n-ardán chun earraí a dhíol; ba é ábhar an iarratais ná cóip den eolas ar fad a bhain leo. Ní bhfuarthas aon fhreagra ón rialaitheoir sonraí in ainneoin gur eisigh an duine aonair dhá mheabhrúchán ina dhiaidh sin.

Aithníodh an gearán seo mar cheann a raibh seans ann gurbh fhéidir réiteach cairdiúil a fháil dó faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018; d' aontaigh an gearánach agus an rialaitheoir sonraí araon bheith ag obair leis an DPC chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach go cairdiúil.

Chuaigh an rialaitheoir sonraí i dteagmháil leis an DPC faoin gceist agus chuir sé in iúl dúinn, cé go raibh caidreamh gnó aige leis an duine aonair i 2016, nach raibh aon eolas a bhain leo á choinneáil aige, ós rud é go raibh córas nua suiteáilte aige i Mí na Bealtaine 2018, agus nár coiméadadh aon sonraí ón tréimhse roimhe sin. Chuir sé in iúl don DPC freisin go raibh gach comhad páipéir stiallta aige agus gur chuir a chomhairleoir dlí in iúl dóibh nach raibh iachall air iad a choimeád.

Sholáthair an rialaitheoir sonraí seatanna scáileáin don DPC freisin óna chóras leictreonach maidir le torthaí cuardaigh in aghaidh ainm an duine aonair, cuardach nár aimsigh aon torthaí le taispeáint.

Dearbhaíonn Airteagal 12(3) den GDPR “go soláthróidh an rialaitheoir faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh i dtaca le hiarraidh faoi Airteagal 15 go 22 don ábhar sonraí agus déanfaidh sé sin gan mhoill mhíchuí agus in aon chás laistigh d’ aon mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil.”

Tar éis dó an cheist a scrúdú go mion, ba léir don DPC gur sháraigh an rialaitheoir sonraí Airteagal 12(3) den GDPR ós rud é go bhfuil sé mar dhualgas ar rialaitheoirí freagra a thabhairt ar iarratas duine ar a shonraí laistigh den tráthchlár reachtúil, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 12 den GDPR, fiú nuair nach bhfuil a leithéid de shonraí ag an rialaitheoir.

Maidir le hiarratas an duine ar a shonraí níor ghá aon bheart breise a dhéanamh maidir leis an gceist seo ós rud é nár bh ann d’ aon fhianaise a chuirfeadh in iúl go raibh aon sonraí a bhain leis an duine aonair á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí.

D’ eisigh an DPC comhairle don rialaitheoir sonraí, ag cur a chuid dualgas i gcuimhne dó faoi Ailt 12 agus 15 agus an riachtanas atá ann eolas a sholáthar maidir le bearta a rinneadh i dtaca le hiarratas duine ar a shonraí, fiú nuair nach bhfuil i gceist sna cúinsí ach cur in iúl do dhuine aonair nach bhfuil aon sonraí á gcoinneáil aige.

Cás-staidéar 3:

Coimeád sonraí pearsanta duine atá faoi aois ag Gníomhaireacht Stáit (Réiteach Cairdiúil)

(Dlí Infheidhme — Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003)

Sa chás seo, bhí iarratas déanta ag gearánaigh an cháis roimhe seo go scriosfadh gníomhaireacht stáit Éireannach comhad a bhain le heachtra ar scoil ina raibh a leanbh óg páirteach, agus a cuireadh in iúl don ghníomhaireacht sa chéad dul síos. Cé go raibh cinneadh déanta ag an nGníomhaireacht nár ghá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar an eachtra, dhiúltaigh sí sonraí pearsanta an duine faoi aois a scriosadh — ag tabhairt le fios go gcoimeádtar a leithéid de chomhaid go dtí go mbaineann an duine faoi aois faoi thrácht aois 25 bliana amach.

Rinne an DPC iarratas go dtabharfadh an ghníomhaireacht stáit achoimre ar an mbonn dlí a bhí acu chun sonraí pearsanta an duine faoi aois a choimeád. Sholáthair an ghníomhaireacht an méid sin agus luaigh sí a polasaí coimeáda faoi mar atá dearbhaithe do na gearánaigh, ach níor mheas an DPC go raibh lántréimhse choimeáda infheidhme sna cúinsí ar leith.

Chuir an DPC an dá pháirtí ar an eolas faoin bpróiseas réitigh chairdiúil agus dúirt siad beirt go raibh siad toilteanach tabhairt faoina leithéid. Tar éis do na gearánaigh agus don rialaitheoir teagmháil a dhéanamh lena chéile arís agus arís eile chun an cheist a phlé, dheimhnigh an ghníomhaireacht stáit do na gearánaigh go scriosfaí an comhad ina raibh sonraí pearsanta a linbh le fáil.

Cás-staidéar 4:

Pribhléid Dlíodóra agartha chun sonraí pearsanta a choinneáil siar (Gearáin faoi Iarratas Rochtana)

Phléigh an DPC le cás ina raibh i gceist iarratas ag duine aonair ar ospidéal lena gcuid sonraí pearsanta a fháil. Bhí an duine aonair seo tar éis treoir a thabhairt dá ndlíodóir i dtaca le caingean faillí in aghaidh an ospidéil ag eascairt as cúram a bhí faighte acu.

Faoin am a ndearna an duine aonair gearán leis an DPC trína ndlíodóir bhí an t-ospidéal tar éis roinnt taifead leighis a scaoileadh, ach chuir an duine aonair in iúl go raibh siad ag fanacht le nótaí neamhchliniciúla; bhí an t-ospidéal ag diúltú iad sin a scaoileadh ar an mbonn go raibh siad faoi réir ag pribhléid dlíthíochta. Go sonrach ba í tuairim an duine aonair (a raibh a ndlíodóir mar ionadaí acu sa ghearán a rinneadh don DPC) go rabhthas tar éis

ráitis éagsúla ó bhaill fhoirne a choinneáil siar. Trí mheán an phróisis láimhseála ghearáin fuair an DPC amach gur ullmhaíodh ráitis bhaill fhoirne le linn athbhreithnithe inmheánaigh ag an ospidéal maidir leis an gcúram a tugadh don othar.

D'íarr an DPC go mbeadh sé in ann — ar bhonn deonach — féachaint ar na doiciméid sin a coinníodh siar ón duine aonair mar fhreagra ar an iarratas rochtana, chun a bheith sásta gur cuireadh a n-ábhar agus a gcáilitheacht maidir le díolúine scaoilte i bhfeidhm ar bhealach bailí.

I gcúinsí nuair a ullmhaíodh an ráiteas don chuspóir ceannasach seo, athbhreithniú inmheánach, agus nár cuireadh tús le dlíthíocht, ná níor bagraíodh a leithéid ag dáta cruthaithe na ráiteas, ní raibh an DPC sásta gur bhain an pribhléid dlíthíochta le feidhm, agus thug sé treoir go ndéanfaí iad a scaoileadh.

Cás-staidéar 5:

Monatóireacht Fhrestail agus Aithint Aghaidhe ag meánscoil (Idirghabháil Dhíreach)

Tar éis tuairiscí meáin chumarsáide i dtaca le tástáil aitheanta aghaidhe do chuspóirí monatóireachta freastail i meánscoil, bhuail an DPC le baill fhoirne agus le Bord Bainistíochta na scoile i Mí Feabhra 2020.

Thug an DPC achoimre ar na ceisteanna cosanta sonraí a bhaineann le húsáid sonraí bithmhéadracha, go sonrach teicneolaíocht aitheanta aghaidhe, i dtimpeallacht oideachasúil, lena n-áirítear próiseáil sonraí daoine atá faoi aois. Thagair an DPC do chéad fhíneáil údarás cosanta sonraí na Sualainne faoin GDPR, i dtaca le tionscadal tástála i meánscoil nuair a baineadh úsáid as teicneolaíocht aitheanta aghaidhe chun freastal na ndaltaí a chlárú.

Chuaigh an DPC trí na céimeanna a bhaineann le sainmhíniú na sonraí bithmhéadracha faoi mar a leagtar iad amach in Airteagal 4(14) den GDPR agus chuir sé béim ar fhorálacha breise GDPR in Airteagal 5 — Teorannú de réir an chuspóra agus íoslaghdú

sonraí; Airteagal 9 — Sonraí íogaire; agus Airteagal 35 agus 36 — Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus Réamhchomhairliúchán.

Tar éis an chruinnithe, sholáthair an scoil tuairisc iomlán scríofa don DPC faoin gceist, a raibh mar chuid di deimhniú nach ndeachaigh sí ar aghaidh le tástáil an táirge mhonatóireachta freastail faoi thrácht.

Go traidisiúnta glacann údaráis chosanta sonraí Eorpacha le seasamh láidir i dtaca le haithint aghaidhe i scoileanna agus i dtaca le húsáid chóras bithmhéadrach freastail san earnáil oideachais. In Éirinn, cuireann an DPC iniúchtaí i gcrích go rialta i scoileanna mar a bhfaightear tuairiscí faoi chórais nó faoi thástálacha freastail bhithmhéadraigh. Measann an DPC gur féidir, nuair a bhíonn teagmháil acu le modhanna cunóiracha faireachais gan dóthain bhunúis dlí ná boinn chirt, gur féidir leis sin íogaireacht na ndaltaí a laghdú go hóg maidir lena leithéid de theicneolaíocht, rud a d'fhéadfadh iad a spreagadh chun a gcuid ceart cosanta sonraí a ghéilleadh i gcomhthéacsanna eile freisin.

Cás-staidéar 6:

Láimhseáil ghearáin duine Éireannaigh is ábhar do na sonraí in aghaidh Cardmarket, atá lonnaithe sa Ghearmáin, ag úsáid mheicníocht Ionaid Ilfhreastail an GDPR.

(Dlí infheidhme — an GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair Éireannach in aghaidh Cardmarket, ardán Gearmánach r-thráchtála agus trádála. Fuair an duine r-phost ó Cardmarket, ag cur in iúl dó go rabhthas tar éis é a haiceáil agus gur féidir gur sceitheadh cuid dá chuid eolais phearsanta úsáideora. Chuir an duine aonair an DPC ar a airdeall agus chuir sé gearán faoina bhráid maidir leis an sárú.

Faoin meicníocht Ionaid Ilfhreastail (OSS) a cruthaíodh ag an GDPR, socraíonn suíomh phríomheagraíocht Eorpach chomhlachta cé acu údarás Eorpach a ghníomhóidh mar an príomhúdarás maoirseachta i dtaca le haon ghearáin a fhaightear. Nuair a dheimhnítear an príomhúdarás (LSA), gníomhaíonn an t-údarás a fuair an gearán mar údarás maoirseachta ábhartha (CSA). Is é an CSA an t-idirghabhálai idir an LSA agus an duine aonair. I measc rudaí eile, is é an fáth atá leis an scaradh seo ná le gur féidir le húdaráis mhaoirseachta cumarsáid a dhéanamh le gearánaigh aonair ina dteanga dhúchais.

Sa chás seo, ghníomhaigh DPA Bheirlín mar an LSA, ós rud é go raibh príomhshuíomh an chomhlachta i limistéar críche Bheirlín. Ghníomhaigh an DPC mar CSA, ag déanamh cumarsáide le DPA Bheirlín agus ag cur ar aghaidh nuashonruithe maidir leis an imscrúdú (tar éis iad a aistriú ó Ghearmáinis go Béarla) don ghearánach in Éirinn.

Thug DPA Bheirlín a imscrúdú chun críche maidir leis an sárú agus maidir le gearán an duine aonair.

D' uaslódáil sé dhá dhréachtchinneadh, ceann a bhain leis an sárú iomlán, a chuaigh i bhfeidhm ar a lán úsáideoirí eile de chuid an ardáin ar fud na hEorpa, agus ceann eile maidir leis an ngearán sonrach a taisceadh ag an Éireannach leis an DPC agus a cuireadh in iúl do DPA Bheirlín.

Gné thábhachtach de chuid mheicníocht OSS ná gur féidir le CSA tuairim a chur in iúl maidir le dréachtchinneadh a eisítear ag príomhúdarás maoirseachta. Déantar sin le cinntiú go bhfuil údaráis mhaoirseachta Eorpacha ag cur an GDPR i bhfeidhm go comhsheasmhach, .i. go mbeadh an chonclúid chéanna ag baint leis an gcinneadh deiridh a dhéanann DPA Bheirlín agus a bheadh ag baint le cinneadh de chuid an DPC dá mbeadh an comhlacht lonnaithe in Éirinn agus dá mbeadh an DPC tar éis imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán mar an príomhúdarás maoirseachta.

Bhí an DPC sásta le dréachtchinní DPA Bheirlín agus níor mheas sé é a bheith riachtanach aon phointí soiléirithe nó iarratais leasaithe a lua an uair seo. Chuir an DPC an duine aonair ar an eolas faoi thoradh imscrúdú DPA Bheirlín, ag soláthar dóibh cóip den chinneadh iomlán maidir leis an imscrúdú a rinneadh ar an sárú agus an cinneadh a phléigh lena ngearán sonrach.

Léiríonn an cás seo na gnéithe dúshlánacha ' ná cuir do ladar isteach ' agus aistrithe oibre a bhaineann leis an meicníocht OSS a bunaíodh ag an GDPR. Léiríonn sé méid an chomhoibrithe idir údaráis mhaoirseachta Eorpacha a theastaíonn le haghaidh chur i bhfeidhm comhsheasmhach an GDPR san Eoraip.

Cás-staidéar 7:

Feidhmiú Nós Imeachta Airteagail 60 i nGearáin Trasteorann: Groupon

Fuair an DPC gearán i Mí Iúil 2018 ó údarás cosanta sonraí na Polainne ar son gearánaigh Pholannaigh in aghaidh Groupon International Limited (“Groupon”). Bhain an gearán leis na riachtanais a bhí i bhfeidhm ag Groupon ag an am sin chun céannacht daoine aonair a dheimhniú a rinne iarratais chosanta sonraí don chomhlacht. Sa chás seo, mhaígh an gearánach go raibh cleachtas Groupon, is é sin ceangal a chur orthu a gcéannacht a dheimhniú trí chur isteach leictreonach chóip chárta náisiúnta aitheantais, i gcomhthéacs iarratais a bhí déanta acu chun sonraí pearsanta a scríosadh de bhun Airteagail 17 den GDPR, ina shárú ar phrionsabal an íoslaghdaíthe shonraí faoi mar a leagtar sin amach in Airteagal 5(1)(c) den GDPR, i gcúinsí nuair nár ghá doiciméad aitheantais a sholáthar agus cuntas Groupon á chruthú. Ina theannta sin, mhaígh an gearánach gur shárú ar a gceart ar scríosadh faoi Alt 17 a bhí i dteip Groupon ina dhiaidh sin gníomhú maidir leis an iarratas scriosta (i gcúinsí nuair a chuir an duine in aghaidh cóip dá gcárta náisiúnta aitheantais a sholáthar).

Chuir an DPC tús le himscrúdú an ghearáin tar éis dó sin a fháil. Le linn a chomhfhreagrais le Groupon faoin gceist, ba léir gur éiríodh as polasaí Groupon ceangal a chur ar iarratasóir cóip a sholáthar de chárta náisiúnta aitheantais, a bhí i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an GDPR (agus a bhí i bhfeidhm ag am iarratas scriosta an ghearánaigh), gur éiríodh as sin ó Mhí Dheireadh Fómhair 2018 ar aghaidh. Ina áit sin bhí Groupon tar éis córas fíordheimh-nithe r-phoist a chur i bhfeidhm a lig d’úsáideoirí Groupon deimhniú gur leo an cuntas. Rinne an DPC iarracht an gearán a réiteach go cairdiúil (de bhun Ailt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018) ach ní raibh an gearánach toilteanach glacadh le moltaí Groupon maidir leis sin. Dá réir sin, b’ éigean

cinneadh a dhéanamh faoin gceist trí chinneadh faoi Airteagal 60 den GDPR.

(i) Dréachtchinneadh Tosaigh

Bhí i gceist le chéad chéim phróiseas Ailt 60 ná ullmhú dréachtchinnidh ag an DPC i dtaca leis an ngearán. Ina dhréachtchinneadh tosaigh, rinne an DPC cinntí gur sáraíodh Airteagail 5(1)(c) agus 12(2) den GDPR ag Groupon. Chuir an DPC an dréachtchinneadh ar fáil do Groupon le cur ar a chumas aighneachtaí a dhéanamh. Ina dhiaidh sin rinne Groupon roinnt aighneachtaí a cuireadh san áireamh (in éineacht le hanailís an DPC díobh) i leagan breise den dréachtchinneadh.

(ii) Soláthar an Dréachtchinnidh Thosaigh do na hÚdarais Mhaoirseachta Ábhartha.

Bhí i gceist le dara céim phróiseas Ailt 60 uaslódáil dréachtchinneadh tosaigh an DPC don IMI lena scaipeadh i measc na nÚdarás Maoirseachta Ábhartha (CSA), de bhun Airteagail 60(3) den GDPR. Rinneadh dréachtchinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020; de bhun Airteagail 60(4) den GDPR, ina dhiaidh sin bhí ceithre seachtaine ag na CSA chun aon agóid ábhartha agus réasúnach a chur isteach maidir leis an gcinneadh.

Ina dhiaidh sin fuair an DPC roinnt agóidí ábhartha agus réasúnacha chomh maith le tuairimí faoina chinneadh ó CSA. Go sonrach, rinne CSA áirithe an cás dó gur chóir sárúithe breise den GDPR a bheith aimsithe, agus ina theannta sin gur chóir iomardú agus/nó fíneáil riaracháin a bheith curtha i bhfeidhm.

(iii) Dréachtchinneadh Athbhreithnithe

Chuir an chéad chéim eile de phróiseas Ailt 60 iachall ar an DPC machnamh cúramach a dhéanamh faoi gach agóid ábhartha agus réasúnach agus gach tuairim a fuarthas i dtaca lena dhréachtchinneadh, agus a anailís de na rudaí sin a chorprú i ndréachtchinneadh athbhreithnithe. Agus é ag athbhreithniú a dhréachtchinnidh, thug an DPC aird ar chuid de na hagóidí ábhartha agus réasúnacha a fuarthas, ach níor thug sé aird ar agóidí ábhartha agus réasúnacha áirithe eile. Fuair dréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC, agus é ag cur san áireamh a anailís ar na hagóidí ábhartha agus réasúnacha agus na tuairimí maidir lena dhréachtchinneadh, fuair sé sárúithe breise ar Airteagail 17(1)(a) agus 6(1) den GDPR

ag Groupon. Ina theannta sin, mhol an DPC ina dhréachtchinneadh athbhreithnithe iomardú a thabhairt do Groupon, de bhun Airteagail 58(2)(b) den GDPR. Sholáthair an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe do Groupon chun cur ar a chumas aighneachtaí deiridh a dhéanamh. Fuarthas roinnt aighneachtaí deiridh ó Groupon, a cuireadh san áireamh (in éineacht le hanailís an DPC díobh) i ndréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC.

(iv) Soláthar Dréachtchinnidh Athbhreithnithe chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha.

Bhí i gceist le chéad chéim eile phróiseas Airteagail 60 gur uaslódáil an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe don IMI, lena scaipeadh i measc na CSA. Faoi Airteagal 60(5) den GDPR, bhí na CSA i dteideal dhá sheachtain bhreise a bheith acu chun aon agóidí breise a chur isteach maidir leis an gcinneadh.

Tógadh saincheist amháin eile maidir le dréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC. Mar gheall air sin b'ann don fhéidearthacht go mbeadh gá ann leis an nós imeachta Réitigh Achrainn a úsáid faoi Airteagal 65 den GDPR, a thabharfadh isteach rannpháirtíocht an EDPB, agus é ag tabhairt breithe faoin bpointe/faoi na pointí easaontais, agus a chuirfeadh leis an tréimhse ama inarbh fhéidir an cinneadh a chomhlánú i dtaca leis an gcás. Aistarraingíodh an fiosrúchán breise ina dhiaidh sin, áfach.

(v) Glacadh leis an gCinneadh Deiridh

Tar éis aistarraingt na hagóide deiridh ábhartha agus réasúnaí, agus an spriocdháta thart chun aon agóidí

breise a fháil, bhí i gceist le céim dheiridh phróiseas Airteagail 60 gur ghlac an DPC leis an gcinneadh deiridh, a ndearnadh é a uaslódáil don IMI agus a cuireadh in iúl do Groupon. Rinneadh an cinneadh deiridh a uaslódáil ar 16 Nollaig 2020. De réir Airteagail 60(6) den GDPR, measadh go raibh na CSA ar aon tuairim ag an bpointe seo leis an gcinneadh agus go raibh orthu cloí leis. De bhun Airteagail 60(7), bhí údarás cosanta sonraí na Polainne, ar taisceadh an gearán leis i dtús báire, freagrach as an gcinneadh a chur in iúl don ghearánach.

Mar achoimre, fuair an DPC sáruihte na nAirteagal seo a leanas den GDPR maidir leis an gcás seo: Airteagail 5(1)(c), 12(2), 17(1)(a) agus 6(1).

Léiríonn an cás-staidéar seo, nuair nach féidir gearán cosanta sonraí trasteorann a réiteach go cairdiúil, go bhfuil an nós imeachta Airteagail 60 a leanann dá bharr sin an-chasta, an-deacair agus an-fhadálach, go háirithe ós rud é gur gá tuairimí na n-údarás maoirseachta eile ar fud an AE/LEE a chur san áireamh agus machnamh cúramach a dhéanamh fúthu i ngach cás dá leithéid. Sa chás seo, tar éis tabhairt chun críche imscrúdú an ghearáin, rinneadh dréacht tosaigh chinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020, agus glacadh leis an gcinneadh deiridh — a chorpraíonn aighneachtaí ó Groupon, agóidí ábhartha agus réasúnacha agus tuairimí ó CSA, agus anailís an DCA díobh — glacadh leis ar 16 Nollaig 2020, seacht mí níos déanaí.

Cás-staidéar 8:

Réiteach Cairdiúil i nGearáin Trasteorann: MTCH

Fuair an DPC gearán i Mí Mheithimh 2020, trí mheán a chuid foirmeacha gréasáin ghearáin, in aghaidh MTCH Technology Services Limited (Tinder). Cé go ndearnadh an gearán go díreach don DPC, ó chónaitheoir Éireannach, tar éis measúnaithe measadh é a bheith ina ghearán trasteorann ós rud é gur bhain sé le polasaithe ginearálta oibriochtúla Tinder agus, ós rud é go bhfuil Tinder ar fáil ar fud an AE, measadh gur chineál próiseála í an phróiseáil a ndearnadh gearán fúithi “.... a bhfuil éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair shonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu” (de réir shainmhíniú na próiseála trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR.)

Bhain an gearán le cosc an ghearánaigh ó ardán Tinder; ina dhiaidh sin bhí iarratas déanta ag an ngearánach do Tinder le go scriosfaí a chuid sonraí pearsanta faoi Airteagal 17 den GDPR. Mar fhreagra ar a iarratas scriosta, d’iarr Tinder ar an ngearánach féachaint ar a pholasáí príobháideachais chun eolas a fháil i dtaca lena chuid polasaithe coimeáda maidir le sonraí pearsanta. Go háirithe, chuir Tinder an méid seo in iúl don ghearánach “tar éis dhúnadh cuntais, cibé cúis a bheadh leis sin (scriosadh ag an úsáideoir, cosc ar an gcuntas srl.), níl sonraí an úsáideora infheicthe ar an tseirbhís níos mó (faoi réir ag cur san áireamh moille réasúnaí) agus cuirtear na sonraí de láimh de réir polasáí príobháideachais [Tinder]”.

Bhí an gearánach míshásta leis an bhfreagra seo agus chuaigh sé ar ais go Tinder, ag déanamh iarratais go scriosfaí a chuid sonraí pearsanta. D’fhreagair Tinder, ag athdhearbhú an méid seo: “...is gnáth go scriostar sonraí pearsanta “ar scriosadh an chuntais chomhfhreagraigh”, ag lua lena chois sin go bhfuil scriosadh a leithéid de shonraí pearsanta “faoi réir ag cúiseanna dlísteanaacha agus dlíthiúla amháin chun iad a choimeád, lena n-áirítear chun cloí lenár gcuid dualgas reachtúil coimeáda shonraí agus do bhunú, cleachtadh nó cosaint éileamh dlí, faoi mar a cheadaítear faoi Airteagal 17(3) den GDPR.” Ina dhiaidh sin rinne an gearánach a ghearán leis an DPC.

Tar éis don DPC dul i dteagmháil le Tinder maidir leis an ngearán seo, chuir Tinder in iúl don DPC go raibh cosc ar an ngearánach an t-ardán a úsáid ós rud é go raibh a chuid eolais logála isteach ceangailte le próifíl choiscthe eile. D’aimsigh Tinder aon chuntas déag eile freisin a bhain le comhartha aitheantais ghléas an ghearánaigh. Bhí na cuntais seo ar fad coiscthe ó ardán Tinder ós rud é go raibh an chuma ar an scéal go raibh cliant neamhoifigiúil á úsáid chun teacht ar Tinder (sin sárú ar théarmaí seirbhíse Tinder).

Chuaigh an DPC ar ais don ghearánach leis an eolas seo, agus chuir an gearánach in iúl dó go raibh cliant oifigiúil Tinder úsáidte aige do Android chomh maith le suíomh gréasáin oifigiúil Tinder ar Firefox. Faoi mar a tharla, áfach, leagan saincheaptha Android a bhí á úsáid aige ar a fhón, le roinnt forlíontán slándála agus príobháideachais. Dá thoradh sin bhí comhartha aitheantais gléis dhifriúil ag a fhón tar éis gach nuashonraithe/athbhúála. Ba í tuairim an ghearánaigh gur dhócha gur sin ba chúis le cosc a bheith air Tinder a úsáid. Agus a leithéid de chosc á chur san áireamh, de réir pholasáí Tinder faoi choimeád sonraí, bheadh a chuid sonraí pearsanta á gcoimeád do thréimhse fhada ama. Sna cúinsí, áfach, mar réiteach cairdiúil beartaithe, d’ofráil Tinder go scriosfadh siad sonraí pearsanta an ghearánaigh láithreach sa tslí go mbeadh sé in ann cuntas nua a oscailt.

Bhí cúis imní áirithe fós ag an ngearánach maidir leis an tslí ina dtugann Tinder freagra ar iarratais scriosta. Nuair a cuireadh in iúl dó go bhfuil a leithéid de cheisteanna á scrúdú ag an DPC mar chuid d’fhiosrúchán reachtúil ar leith, d’aontaigh an gearánach glacadh le moladh Tinder chun an gearán a réiteach go cairdiúil. Dá réir sin, réitíodh an cheist go cairdiúil de bhun Ailt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (an tAcht), agus faoi Alt 109(3) den Acht measadh an gearán a bheith aistarraingthe.

Léiríonn an cáis-staidéar seo gur féidir, trí dhianscrúdú a dhéanamh ar ghearán a bhfuil cuma doréitithe air, gur féidir é a réiteach go cairdiúil, agus gur minic go mbeidh de thoradh air sin réiteach cothrom agus éifeachtach don duine a mbaineann an cáis leo ar bhealach tráthúil. Sa chás seo, chabhraigh an t-eolas sin a fuair an DPC amach nuair a rinne sé iniúchadh níos doimhne maidir le cúinsí chosc an ghearánaigh ó Tinder — is é sin gur bhain an gearánach úsáid as leagan saincheaptha de Android le forlíontáin slándála agus príobháideachais — chabhraigh sin le go mbeadh tuiscint níos fearr idir na páirtithe agus dá thoradh sin rinne Tinder moladh chun an cáis a réiteach, moladh ar ghlac an gearánach leis.

Cás-staidéar 9:

Réiteach Cairdiúil i nGearáin Trasteorann: Facebook Ireland

Fuair an DPC gearán ilghnéitheach i Mí Aibreáin 2019 a bhain le hiarratais rochtana (faoi Airteagal 15 den GDPR), coigeartú (faoi Airteagal 16 den GDPR) agus scriosadh (faoi Airteagal 17 den GDPR) a bhí déanta ag an ngearánach le Facebook Ireland Limited (“Facebook”). Rinneadh an gearán go díreach don DPC, ó ábhar sonraí atá lonnaithe sa RA. Tar éis measúnaithe sa DPC, measadh gur ghearán trasteorann a bhí sa ghearán, ós rud é gur bhain sé le polasaithe ginearálta oibríochtúla Facebook agus, mar go bhfuil Facebook ar fáil ar fud an AE, measadh gur chineál próiseála í an phróiseáil a ndearnadh an gearán fúithi ná ceann “...a bhfuil éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu” (de réir shainmhíniú na próiseála trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

I dtús báire rinne an gearánach a chuid iarratas do Facebook cionn is go raibh a chuntas Facebook glasáilte le breis is bliain anuas, gan aon chúis i dtuairim an ghearánaigh, agus chreid sé go raibh sonraí pearsanta míchruinne á gcoinneáil ag Facebook a bhain leis. Ba í mian an ghearánaigh, i ndeireadh na dála, go scriosfaí na sonraí pearsanta ar fad a bhí á gcoinneáil ag Facebook a bhain leis, agus ba í barúil an ghearánaigh go raibh an t-eolas míchruinn seo ag cur coisc air ó bheith in ann logáil isteach chuig a chuntas Facebook go rafar chun tús a chur leis an bpróiseas scriosta. Bhí sé tar éis iarratas rochtana a dhéanamh do Facebook, mar sin de, ach ní raibh sé in ann a chéannacht a dheimhniú ar bhealach a shásaigh Facebook. Ina dhiaidh sin rinne an gearánach a ghearán leis an DPC.

Tar éis cuid mhór teagmhála ag an DPC le Facebook agus leis an ngearánach araon agus é i gceist an gearán a réiteach go cairdiúil, agus an gearánach tar éis a bheith ábalta a chéannacht a dheimhniú

ar bhealach a shásaigh Facebook, d’ aontaigh Facebook nasc a chur ar fáil don ghearánach ina raibh na sonraí pearsanta le fáil a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht agus a bhain leis. D’ oscail an gearánach an t-ábhar sa nasc, ach bhí sé fós míshásta mar gur mhaigh sé go raibh an t-ábhar a cuireadh ar fáil easnamhach. Thug an gearánach le fios go háirithe gur mhian leis go gcuirfí ar an eolas é i dtaca le haon sonraí pearsanta á bhí á gcoinneáil ag Facebook seachas na cinn sin a próiseáladh chun a phróifíl Facebook a fheidhmiú.

Thug Facebook freagra ar an DPC, ag tabhairt le fios go raibh na sonraí cuntais ar fad a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht maidir leis le fáil san ábhar a tugadh don ghearánach trí mheán an naisc. Bhí an gearánach fós míshásta leis an bhfreagra seo, ag tabhairt le fios gur mhian leis eolas a fháil maidir le haon sonraí pearsanta a bhí á gcoinneáil ag Facebook maidir leis féin nár bhain lena chuntas Facebook. Dúirt sé arís gur chreid sé gur féidir go bhfuil cuid de na sonraí pearsanta seo, a líomhnaítear go bhfuil siad á gcoinneáil ag Facebook ach nach mbaineann lena chuntas Facebook, gur féidir go bhfuil cuid acu míchruinn, agus sa chás sin ba mhian leis go ndéanfaí iad a choigeartú.

Mar fhreagra, chuir Facebook in iúl don DPC go raibh feabhsuithe áirithe déanta ag an gcomhlacht maidir leis an uirlis ‘Íoslódáil do Chuid Eolais’ ó cuireadh tús leis an ngearán. Tar éis an nuashonraithe seo i dtaca lena chuid uirlisí rochtana, bhí an comhlacht tar éis cinneadh gurbh ann do mhéid an-bheag de shonraí pearsanta breise maidir le cuntas Facebook an ghearánaigh, agus cuireadh nasc nua ar fáil don ghearánach ina raibh na sonraí pearsanta ar fad le fáil a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht maidir leis an ngearánach, na sonraí breise seo san áireamh. D’ oscail an gearánach an t-ábhar breise seo agus lorg an gearánach, agus é i gceist aige a ghearán a réiteach, lorg sé deimhniú nach gcoinneodh Facebook aon sonraí pearsanta a bhain leis a thuilleadh tar éis do scriosadh a chuntais a bheith curtha i gcrích. Tháinig Facebook ar ais agus é mar fhreagra acu gurbh iad na sonraí iomlána a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht maidir leis an ngearánach agus a bhí laistigh de scóip Ailt 15 a bhí san ábhar a cuireadh ar fáil dó, agus thug an comhlacht le fios go rachadh sé ar aghaidh le scriosadh shonraí pearsanta an ghearánaigh

nuair a thabharfadh sé le fios go raibh sé sásta go ndéanfadh an comhlacht a leithéid anois.

Bhí an gearánach sásta an cheist a thabhairt chun críche ar an mbonn seo agus, dá réir sin, réitíodh an cheist go cairdiúil de bhun Ailt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (an tAcht), agus faoi Alt 109(3) den Acht measadh an gearán a bheith tarraingthe siar.

Léiríonn an cás-staidéar seo buanna — i dtaca le gearánaigh ar daoine aonair iad — idirghabháil an DPC trí mheán phróiseas an réitigh chairdiúil. Sa chás seo bhí an gearánach in ann, mar gheall ar rannpháirtíocht an DPC, a chéannacht a dheimhniú ar bhealach a shásaigh Facebook, agus sholáthair Facebook naisc dó faoi dhó ina raibh a chuid sonraí pearsanta le fáil. Bhí de thoradh ar rannpháirtíocht

an DPC leis an rialaitheoir freisin gur dheimhnigh an rialaitheoir, ar bhealach a shásaigh an gearánach, go rabhthas tar éis na sonraí pearsanta ar fad a bhí le scaoileadh mar fhreagra ar iarratas Airteagail 15 a chur ar fáil dó. Tharla toradh cothrom mar gheall air sin a bhí sásúil don dá pháirtí sa ghearán.

Léiríonn an cás-staidéar seo freisin an dianinfheistíocht acmhainní atá riachtanach ó thaobh na DPA de, chun ceisteanna den chineál seo a réiteach. Tógann an gearánach sa chás seo ceist ar ábhar imní dóibh féin é agus is cuí go dtabharfaí aghaidh air sin. Is í an cheist a thógann an cás ná ar chóir nó nár chóir go mbeadh an rialaitheoir sa chás seo in ann an cheist seo a réiteach gan go mbeadh gá ann acmhainní leiththeadacha DPA a úsáid chun idirghabháil a dhéanamh maidir leis an toradh.

Cás-staidéar 10:

Neamhfhreagra Airteagail 60 ar Iarratas Rochtana ag Ryanair

Sa chás seo, chuir an gearánach a ngearán faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise (ICO) sa RA i dtús báire, agus fuair an DPC an gearán ina dhiaidh sin, ar 2 Márta 2019. Bhain an gearán le teip a líomhnaítear go ndearna Ryanair DAC (Ryanair) maidir le hiarratas duine ar a shonraí a cuireadh faoina bhráid ag an ngearánach ar 26 Meán Fómhair 2018 de réir Airteagail 15 den GDPR. Sholáthair an ICO cóip den fhoirm ghearáin don DPC a cuireadh faoi bhráid an ICO ag an ngearánach, cóip den admháil, agus dáta 26 Meán Fómhair 2018 air, a fuair an gearánach ón rialaitheoir sonraí nuair a chuir sé an t-iarratas rochtana isteach, agus cóip den ríomhphost a chuir an gearánach don rialaitheoir sonraí ina dhiaidh sin ag iarraidh nuashonraithe maidir lena n-iarratas.

Agus é ag gníomhú ina cháilíocht mar an príomhúdarás maoirseachta, chuir an DPC tús le scrúdú ar an ngearán trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, ag tabhairt achoimre ar shonraí an ghearáin agus ag tabhairt treorach don rialaitheoir sonraí freagra iomlán a thabhairt ar an iarratas rochtana agus cóip den litir chlúdaigh a sholáthar don DPC a eisíodh don ghearánach. Sholáthair Ryanair rochtain ar chóipeanna dá gcuid sonraí pearsanta don ghearánach a bhain leis an uimhir thagartha shonrach chur in áirithe a raibh an gearánach tar éis í a chur ar fáil don ICO chomh maith le sonraí a bhain le gearán eile. Chuir Ryanair in iúl nach raibh sé in ann cóip den taifeadadh glao a chur ar fáil don ghearánach a bhí iarrtha acu mar, de bharr na moille ó thaobh Ryanair de maidir le próiseáil an iarratais, bhíodhas tar éis an taifeadadh glao a scríosadh de réir pholasaí an chomhlachta agus ní raibh siad in ann é a fháil ar ais. Chuir Ryanair in iúl don DPC go raibh sin tugtha le fios don ghearánach acu trí mheán thairseach ar líne an chomhlachta. Dhearbhaigh Ryanair ag an am gur cuireadh an t-iarratas faoina mbráid, mar gheall ar mhéid na n-ábhar sonraí nár dheimhnigh a seoladh ríomhphoist, nár tugadh iarratais rochtana don rannóg ábhartha go dtí gur deimhníodh an r-phost

ag an ábhar sonraí. Chuir Ryanair in iúl don DPC gur fhreagair an gearánach an t-iarratas, ag deimhniú a seoladh r-phoist, ach go raibh an gníomhaire a bhí ag obair ar an iarratas tar éis éirí as bheith ag obair ar an tairseach ar líne agus nár tugadh an t-iarratas mar chúram don rannóg ábhartha, mar sin de. Dhearbhaigh Ryanair nach bhfuarthas amach faoin earráid seo go dtí tamall ina dhiaidh sin, nuair a tugadh an t-iarratas do Rannóg na Seirbhísí Custaiméara chun na sonraí riachtanacha a sholáthar, an taifeadadh glao san áireamh, agus faoin am sin bhí an taifead dlí tar éis a bheith scríosta de réir pholasaí coimeáda Ryanair. Sholáthair Ryanair cóip dá pholasaí coimeáda don DPC, mar a ndearbhaítear go gcoinnítear taifeadtaí glao ar feadh tréimhse 90 lá ó dháta an ghlaio. Chuir Ryanair an méid seo in iúl: ós rud é go ndearnadh glao an ghearánaigh ar 5 Meán Fómhair 2018, go scriosfaí é go huathoibríoch ar 04 Nollaig 2018. Dhearbhaigh Ryanair freisin nach bhfuil an fheidhmiúlacht acu chun taifeadtaí glao a scriosadh a fháil ar ais.

De bhun Ailt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018, rinne an DPC iarracht réiteach cairdiúil an ghearánaigh a éascú. Ní raibh an gearánach toilteanach, áfach, glacadh le moltaí Ryanair maidir leis an gceist seo. Dá réir sin, b' éigean cinneadh a dhéanamh faoin gceist trí chinneadh faoi Airteagal 60 den GDPR.

(i) Dréachtchinneadh Tosaigh

Ós rud é gur bhain an gearán le próiseáil trasteorann, b' éigean don DPC, de réir phrótíseas Airteagail 60, dréachtchinneadh a dhéanamh maidir leis an ngearán. Ina leagan tosaigh den dréachtchinneadh, rinne an DPC an cinneadh gur sáraíodh Airteagal 15 den GDPR sa mhéid gur theip ar Ryanair cóip dá gcuid sonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil ag am an iarratais a chur ar fáil don ghearánach. Fuair an DPC freisin gur sáraíodh Airteagal 12(3) den GDPR sa mhéid gur theip ar Ryanair eolas a chur ar fáil don ghearánach maidir le bearta a rinneadh ar iarratas uathu faoi Airteagal 15 laistigh den achar ama reachtúil de mhí amháin. Chuir an DPC an dréachtchinneadh ar fáil do Ryanair le cur ar a chumas aighneachtaí a dhéanamh. Ina dhiaidh sin sholáthair Ryanair roinnt aighneachtaí, a cuireadh san áireamh sa dréachtchinneadh (in éineacht le hanailís an DPC díobh).

(ii) Soláthar an Dréachtchinnidh do na húdaráis Mhaoirseachta Ábhartha

De réir phrótíseas Airteagail 60, lean an DPC ar aghaidh gur chuir sé a dhréachtchinneadh faoi bhráid an IMI lena scaipeadh i measc na CSA, de bhun Airteagail 60(3) den GDPR. Rinneadh dréachtchinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020, agus de bhun Airteagail 60(4) den GDPR, bhí ceithre seachtaine ag na CSA ina dhiaidh sin chun aon agóidí ábhartha agus réasúnacha a chur isteach maidir leis an gcinneadh.

Ina dhiaidh sin fuair an DPC roinnt agóidí ábhartha agus réasúnacha agus roinnt tuairimí maidir lena dhréachtchinneadh ó na CSA. D' áitigh roinnt CSA, go háirithe, gur chóir sáruithe breise ar an GDPR a bheith aimsithe, agus ina theannta sin gur chóir iomardú a bheith curtha i gcrích.

(iii) Dréachtchinneadh Athbhreithnithe

De réir Airteagail 60(3) den GDPR, tá iachall ar an DPC tuairimí na CSA a chur san áireamh go cuí. Agus na hagóidí agus tuairimí a fuarthas ó na CSA san áireamh, rinne an DPC machnamh go cúramach faoi gach agóid ábhartha agus réasúnach chomh maith le gach tuairim a fuarthas maidir leis an dréachtchinneadh. Rinne an DPC athbhreithniú ar a dhréachtchinneadh chun achoimre agus anailís de na hagóidí agus na tuairimí a chuirtear in iúl ag na CSA a chur san áireamh. Agus é ag déanamh athbhreithnithe ar a dhréacht tosaigh, ghlac an DPC le cuid de na hagóidí ábhartha agus réasúnacha a fuarthas, ach níor ghlac sé le hagóidí ábhartha agus réasúnacha áirithe eile. Ina dhréachtchinneadh athbhreithnithe, mhol an DPC go ndéanfaí iomardú a eisiúint i leith Ryanair, de bhun Airteagail 58(2) (b) den GDPR. Sholáthair an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe do Ryanair le cur ar a chumas aighneachtaí deiridh a dhéanamh. Thug Ryanair faoi deara go bhfuair an DPC amach go raibh an GDPR sáraithe aige, agus go raibh a chuid cumhachtaí curtha i bhfeidhm ag an DPC sa chás seo de réir Cuntais 129 agus de réir na riachtanas próise cuí in Airteagal 58 den GDPR. Chuir Ryanair in iúl don DPC gur ghlac sé leis an gcinneadh agus leis an iomardú a bhain leis agus nár mhian leis aon aighneachtaí breise a dhéanamh.

(iv) Soláthar Dréachtchinnidh Athbhreithnithe chuig na húdaráis Mhaoirseachta Ábhartha

De réir Airteagail 60(5) den GDPR, nuair a chuir an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe faoi bhráid na CSA lena gcuid tuairimí a fháil, bhí coicís bhreise ag na CSA chun aon agóidí breise a chur isteach maidir leis an gcinneadh.

De bhun Airteagail 60(5) den GDPR, chuir an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe faoi bhráid na CSA chun a dtuairim a fháil ar 20 Deireadh Fómhair 2020. Ós rud é nach bhfuair an DPC aon agóidí ná tuairimí breise maidir leis an dréachtchinneadh athbhreithnithe ó na CSA laistigh den tréimhse reachtúil, measadh gur aontaigh na CSA le dréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC agus go raibh siad ag cloí leis de réir Airteagail 60(6) den GDPR.

(v) Glacadh leis an gCinneadh Deiridh

Tar éis don spriocdháta a bheith thart chun aon agóidí breise a fháil, lean an DPC ar aghaidh gur ghlac sé leis an gcinneadh deiridh, de réir Airteagail 60(7) den GDPR. Ansin rinne an DPC a chinneadh deiridh

a uaslódáil don IMI agus chuir sé é in iúl do Ryanair. Rinneadh an cinneadh deiridh a uaslódáil ar 11 Samhain 2020. De bhun Ailt 60(7), bhí an ICO, lena taisceadh an gearán i dtús báire, freagrach as an gcinneadh a chur in iúl don ghearánach.

Mar achoimre, fuair an DPC sárruithe ar Airteagal 12(3) agus Airteagal 15 den GDPR maidir leis an ngearán seo.

Léiríonn an cás-staidéar seo, nuair nach féidir le gearán a bhaineann le próiseáil trasteorann sonraí pearsanta a réiteach go cairdiúil, go mbíonn nós imeachta Airteagail 60 a tharlaíonn dá bharr sin

an-chasta, an-deacair agus an-fhadálach ar fad. Sa chás seo, rinneadh an dréacht tosaigh de chinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020, agus níor glacadh leis an gcinneadh deiridh go dtí 11 Samhain 2020, 6 mhí níos déanaí.

Léiríonn an cás-staidéar seo — arís eile — méid na n-acmhainní DPA a úsáidtear agus torthaí á seachadadh ar cheisteanna arbh fhéidir iad a réiteach ag an rialaitheoir gan dul i muintín an DPC, ag ardú arís ceist chur amú acmhainní DPA gan chúis, á n-atreorú ó réiteach cheisteanna córasacha níos leithne a bhainfeadh torthaí feabhsaithe amach don líon is mó daoine aonair.

Cás-staidéar 11:

Teorannú Cuspóra — An Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí

Scrúdaigh an DPC gearán mar ar mhaígh duine aonair go raibh sonraí a bailíodh i gcomhthéacs áirithe amháin forfheidhmithe dhlí á úsáid ag an rialaitheoir sonraí céanna do chuspóir eile forfheidhmithe dhlí. Bhain an gearán le hionchúiseamh duine aonair do chionta i réimse na leigheasanna eachaí agus ainmhithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara (RTBM) agus atreorú ar leith ag RTBM líomhaintí mí-iompair ghairmiúil do Chomhairle na dTréidlia (CT) maidir leis an duine céanna.

Tar éis don DPC na ceisteanna a tógadh a scrúdú, d'atreoraigh sé an gearánach d'Alt 71(5) den Acht um Chosaint Sonraí 2018:

Nuair a bhailíonn rialaitheoir sonraí pearsanta do chuspóir sonraithe in Alt 70(1)(a), is féidir leis an rialaitheoir nó rialaitheoir eile na sonraí a phróiseáil do chuspóir a sonraíodh seachas an cuspóir dár bailíodh na sonraí, sa mhéid go bhfuil—

(a) an rialaitheoir údaraithe chun a leithéid de shonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh a leithéid de chuspóir de réir dhlí an Aontais Eorpaigh nó dlí an Stáit, agus go bhfuil

(b) an phróiseáil riachtanach agus comhsheasmhach leis an gcuspóir dá bhfuil na sonraí á bpróiseáil.

Maidir le hAlt 70(1)(a) agus “dlí an Stáit”, thug an DPC faoi deara na forálacha a leagtar amach san Acht um Chleachtas Tréidliachta 2005 i dtaca le cur i gcrích fhiosrúcháin ag an CT faoi líomhaintí mí-iompair ghairmiúil. Tugann Alt 76 den Acht um Chleachtas Tréidliachta 2005, go háirithe, achoimre gur féidir leis an CT nó aon duine iarratas a dhéanamh ar fhiosrúcháin maidir le hoiriúnacht duine chláraithe chun tréidliacht a chleachtadh. Ar an mbonn seo ní dhearna an DPC machnamh faoi reachtaíocht chosanta sonraí chun atreorú ar leith RTBM a dhícheadú maidir le líomhaintí mí-iompair ghairmiúil don CT i dtaca le duine, i gcomhar le himeachtaí ionchúisimh ag RTBM in aghaidh an duine chéanna do chionta i réimse na leigheasanna eachaí agus ainmhithe.

Cás-staidéar 12:

Nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta an ghearánaigh ag údarás áitiúil (Gearán Sáraithe Shonraí)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta an ghearánaigh ag údarás áitiúil. Líomhnaigh an gearánach go raibh ainm an ghearánaigh, a sheoladh poist agus eolas a bhain le híocaíocht cúnaimh tithíochta go hearráideach chuig tríú páirtí nochtaithe ag an údarás áitiúil. Bhí an t-údarás áitiúil tar éis cur in iúl don duine aonair gur tharla an nochtadh seo. Bhí an duine aonair míshásta, áfach, leis na bearta a rinne an t-údarás áitiúil mar fhreagra ar an nochtadh agus níor mhian leis dul i dteagmháil tuilleadh leis an údarás áitiúil agus é i gceist réiteach cairdiúil an ghearáin a lorg.

Scrúdaigh an DPC an gearán agus rinne sé teagmháil leis an údarás áitiúil chun tuilleadh eolais a lorg maidir le líomhaintí an duine aonair. Dheimhnigh an t-údarás áitiúil don DPC go raibh sárú sonraí pearsanta tar éis tarlú nuair a cuireadh sonraí pearsanta an ghearánaigh san áireamh, go hearráideach, i bhfreagra ar iarratas Saorála Faisnéise chuig tríú páirtí.

Chomh maith leis an eolas a cuireadh ar fáil ag an údarás áitiúil don DPC i gcomhthéacs a scrúdaithe den ghearán, cuireadh an eachtra faoi thrácht in iúl don DPC ag an údarás áitiúil mar shárú sonraí pearsanta, faoi mar a éilítear ag Airteagal 33 den GDPR. Sa chomhthéacs sin, rinne an DPC teagmháil leiththeadach leis an údarás áitiúil maidir le cúinsí an tsáraithe shonraí phearsanta, na bearta slándála sonraí a bhí i bhfeidhm ag an am gur tharla an sárú sonraí pearsanta agus na bearta maolaitheacha a rinne an t-údarás áitiúil, lena n-áirítear iarrachtaí leanúnacha an údaráis áitiúil chun na sonraí a fháil ar ais ón bhfaighteoir.

Bunaithe ar an eolas seo, thug an DPC chun críche a scrúdú den ghearán trí chur in iúl don duine aonair go raibh an DPC sásta nár próiseáladh sonraí pearsanta an ghearánaigh ag an údarás áitiúil ar bhealach a chinntigh slándáil chuí na sonraí pearsanta agus go raibh nochtadh neamhúdaraíthe shonraí pearsanta an ghearánaigh tar éis tarlú, rud atá ina shárú sonraí pearsanta. Bunaithe ar na bearta a rinneadh ag an údarás áitiúil mar fhreagra ar an sárú sonraí pearsanta agus, go háirithe, gurbh amhlaidh nár thug faighteoir shonraí pearsanta an ghearánaigh na sonraí ar ais don údarás áitiúil, níor mheas an DPC go raibh gá le haon bheart breise in aghaidh an údaráis áitiúil maidir le hábhar an ghearáin.



3

Sáruithe

Sáruithe faoin GDPR

I 2020, fuair an DPC 6,783 fhógra sáraithe shonraí faoi Airteagal 33 den GDPR, ar aicmíodh 110 gcás díobh (2%) mar neamhsháruithe ós rud é nár chomhlíon siad sainmhíniú de shárú shonraí pearsanta faoi mar a leagtar sin amach in Airteagal 4(12) den GDPR. San iomlán taifeadadh 6,673 shárú cosanta sonraí bailí ag an DPC i 2020, sin méadú de 10% (604) i gcomparáid leis an líon a tuairiscíodh i 2019.

Ar aon dul le blianta eile, aicmíodh an catagóir ab airde sháruithe sonraí a cuireadh in iúl faoin GDPR mar Nochtuithe Neamhúdaraíthe agus ba iad a bhí i gceist le 86% de na fógraí sáraithe shonraí ar fad a fuarthas i 2020. Tharla mórchuid acu sna hearnálacha seo:

An Earnáil Phríobháideach	4097
An Earnáil Phoiblí	2559
Dheonach	16
Charthanachta	1
Iomlán	6673

Thug an DPC méadú faoi deara freisin maidir le húsáid innealtóireachta sóisialta agus ionsaithe fioscaireachta chun rochtain a fháil ar chórais TFC rialaitheoirí agus próiseálaithe. Cé gur chuir a lán eagraíochtaí, i dtús báire, bearta éifeachtacha slándála TFC i bhfeidhm, is léir nach bhfuil eagraíochtaí ag gníomhú go honnghníomhach chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta seo, nó chun oiliúint a chur ar a bhfoireann chun cinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi bhagairtí de réir mar a thagann siad chun cinn. Sna cásanna seo, leanaimid orainn de bheith ag moladh go dtabharfadh eagraíochtaí faoi athbhreithnithe tréimhsiúla ar a gcuid beart slándála TFC agus go gcuirfidís i bhfeidhm plean cuimsitheach oiliúna d'fhostaithe le tacaíocht ó oiliúint athnuachana agus cláir fheasachta chun na rioscaí sin a mhaolú a bhaineann le tírdhreach ina bhfuil bagairtí ag teacht chun cinn.

Fógraí sáraithe shonraí de réir na catagóire	Príobháideach	Poiblí	Iomlán
Nochtadh (neamhúdaraithé)			5,837
Heaiceáil			146
Bogearraí mailíseacha			19
Fioscaireacht, innealtóireacht shóisialta san áireamh.			74
Bogearraí éirice/diúltú seirbíse			32
Laigí Forbartha Bogearraí			5
Gléas caillte nó goidte (criptithe)			19
Gléas caillte nó goidte (neamhchriptithe)			29
Páipéar caillte nó goidte			275
Dramhthrealamh leictreonach (sonraí pearsanta le fáil ar ghléas as feidhm)			1
Cur de láimh neamhoiriúnach páipéir			21
Míchumraíocht Chórais			40
Rochtain Neamhúdaraithé			146
Foilsíú ar líne neamhbheartaithe			61
Eile			78
Iomlán			6,783

Sárúithe E-Phríobháideachais

San iomlán fuair an DPC **70 fógra bailí sháraithe shonraí faoi na Rialacháin e-Príobháideachais** (I.R. Uimh. 336 ó 2011), sin rud beag le cois 1% den líon iomlán cásanna bailí a fógraíodh don bhliain.

Sárúithe LED

Fuair an DPC freisin **25 fhógra sáraithe maidir leis an LED**, (Treoir (AE) 2016/680), a trasúidh i ndlí na hÉireann ag codanna áirithe den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Measúnú DPC ar shárú

Nuair a dhéantar fógra sáraithe a thaisceadh leis an DPC, déanann an DPC measúnú air, ag cur san áireamh gnéithe iomadúla an tsáraithe agus na rioscaí sin a ghabhann leis. Is é an chéad ghné acu seo ná nádúr an tsáraithe, lena n-áirítear na rudaí seo: an ndearnadh é d'áon ghnó nó de thimpiste, an ndearnadh gadaíocht sonraí nó ar fágadh sonraí dorochtana, agus na modhanna teicneolaíochta agus eagraíochta atá i gceist. Is féidir go léireodh stair shárúithe de chineál ar leith ceist chórasach a théann i bhfeidhm ar rialaitheoir sonraí aonair, ar áit ar leith nó ar earnáil eacnamaíoch iomlán.

Tá tréithe na sonraí pearsanta atá i gceist rithábachtach do mheasúnú an DPC. Áirítear orthu seo cineálacha, formáid agus íogaireacht na sonraí pearsanta, líon na ndaoine agus na dtaifead atá buailte, agus an poitéinseal ar ann dó go léifí nó go scaipfí na sonraí. Breathnóidh an DPC ar an gceist an raibh gnéithe éagsúla ag tarlú, leithéidí próifíliú, cinnteoireacht uathobrithe, monatóireacht nó rianú.

Ar an tslí chéanna, is féidir go mbeadh catagóirí na n-ábhar sonraí — leithéidí an leanaí nó daoine leochaileacha iad — agus tréithe an rialaitheora sonraí agus/nó an phróiseálaí, leithéidí freagrachtaí reachtúla nó próiseáil chineálacha eile sonraí pearsanta, is féidir leis sin bheith an-tábhachtach go deo. Cuirtear san áireamh méid na n-ábhar sonraí agus suíomh na n-ábhar sonraí seo.

Fachtóirí eile atá le cur san áireamh ná na hábhair dhíobhála do na hábhair sonraí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le nochtadh, mí-úsáid nó caillteanas sonraí pearsanta a raibh baint ag an sárú leo. Is minic a dhéanann rialaitheoirí sonraí dearmad ar an ngné seo den mheasúnú riosca. Is féidir go mbeadh i gceist leis na díobhála ó chur isteach sealadach go rioscaí an-tromchúiseacha, leithéidí bradaíl aitheantais, caillteanas airgid, agus mídhíagnóis fhadhbanna sláinte nó dochar do chúl duine. Déanfaidh an DPC machnamh faoi cad é an

tionchar ar na daoine atá buailte, lena n-áirítear déine, scóip agus comhthéacs na ndaoine.

Go deireanach, déanann an DPC measúnú ar fhachtóirí maolaithe, leithéidí an bhfuil cúltacuithe ar fáil, an dtugtar aghaidh ar laigí, agus an bhfaightear na sonraí ar ais nó an gcuirtear cosc ar nochtadh breise. Is minic nach gcuireann rialaitheoirí sonraí bearta simplí i bhfeidhm, leithéidí criptiú eolais a roinntear trí mheán r-phoist, ag cinntiú go bhfuil gach beart slándála TF i bhfeidhm agus go ndéantar iad a nuashonrú go rialta freisin. Cuirtear na fachtóirí seo san áireamh sa mheasúnú.

Mura bhfuil na fíricí go hiomlán ar an eolas nó má tá siad fós doiléir tar éis mheasúnú thosaigh an DPC go ndearnadh sárú, leanfaidh siad orthu de bheith ag dul i dteagmháil leis an rialaitheoir go dtí go bhfuil freagra tugtha ar gach ceist, chun sástacht an DPC. I gcásanna áirithe, is féidir go n-iarrfar ar an rialaitheoir nó ar an bpróiseálaí athmheasúnú a dhéanamh ar chúiseanna agus ar iarmhairtí an tsáraithe le tuairisc a thabhairt ar a chinneadh. Is féidir go n-éileoidh sáruithe ina bhfuil ceisteanna casta TF i gceist measúnú agus anailís ag speisialtóirí teicniúla an DPC. I gcásanna nuair a tháirg nó a choimisiúnaigh an rialaitheoir tuairisc theicniúil nó tuairisc imscrúdaithe maidir leis an sárú, iarrfar cóip de sin.

Ag feitheamh le tabhairt chun críche a imscrúdaithe, is féidir go dtabharfaidh an DPC treoir faoi agus go ndéanfaidh sé monatóireacht ar dhul chun cinn — ar bhonn atrátha — i dtaca le bearta a cuireadh i bhfeidhm chun éifeachtaí an tsáraithe a réiteach nó a mhaolú. D'fhéadfadh sé go mbeadh mar chuid díobh seo cur ábhar sonraí ar an eolas faoin sárú faoi Airteagal 34 den GDPR, nó cur i bhfeidhm bheart teicniúil nó eagraíochtúil chun aghaidh a thabhairt ar laigí.

Bunaithe ar a mheasúnú agus ar bhearta an rialaitheora chun eachtraí breise den chineál céanna a chosc nó a mhaolú, is féidir go dtabharfaidh an DPC a imscrúdú chun críche ag an bpointe seo. Mura bhfuil an DPC sásta leis na maoluithe nó leis na freagraí ón rialaitheoir, is féidir leis an cheist a ghéarú do bhearta breise imscrúdaithe/forfheidhmithe.

Cás-staidéir

Cás-staidéar 13:

Fógra Sáraithe (Earnáil Dheonach) — Ionsaí Bogearraí Éirice

I Mí na Bealtaine 2020, fuair an DPC fógra sáraithe ó phróiseálaí sonraí Éireannach agus ina dhiaidh sin fuair sé fógra ó rialaitheoir sonraí Éireannach atá ag feidhmiú san earnáil dheonach a bhí tar éis an próiseálaí seo a fhostú chun óstáil suíomhanna gréasáin agus seirbhísí bainistithe shonraí a sholáthar.

Bhain an sárú le hionsaí bogearraí éirice a tharla san ionad sonraí a úsáideann an próiseálaí sonraí, agus a tharla de thoradh ar bhogearraí mailíseacha a bhain rochtain amach trí phort⁴ RDP don fhriothálaí.

⁴ RDP — Prótacal Ciandéisce

Chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir agus leis an bpróiseálaí agus trí mheán roinnt cumarsáidí — lena n-áirítear eisiúint cheistneoirí teicniúla agus eagraíochtúla a dhíríonn ar réimsí ina bhféadfaí neamhchomhlíonadh na rialachán cosanta sonraí a bheith i gceist. Áiríodh ar na réimsí seo úsáid an phróiseálaí ionaid sonraí laistigh de na Stáit Aontaithe chun sonraí cúltaca a stóráil gan chomhaontuithe dóthanacha — ná maoirseacht dhóthanach ag an rialaitheoir ar a phróiseálaí — faoi mar a éilítear faoi Airteagal 28 den GDPR.

Chuaigh an DPC i dteagmháil go mion minic leis an dá pháirtí agus thug an DPC an cás seo chun críche trí mholtaí a eisiúint don rialaitheoir agus don phróiseálaí araon. Ina dhiaidh sin lean an DPC air de bheith ag dul i dteagmháil leis an dá pháirtí chun cinntiú go raibh cur i bhfeidhm mholtaí an DPC tar éis tarlú.

Cás-staidéar 14:

Fógra Sáraithe (Earnáil Phoiblí) Foilsíú Mícheart ar Twitter

Chuir eagraíocht earnála poiblí in iúl don DPC go raibh sonraí pearsanta foilsithe acu trí thimpiste trí mheán a n-ardáin mheáin shóisialta (Twitter).

Rinneadh na sonraí pearsanta a phostáil, rud a sháraigh a pholasaí a chuid ábhair go léir a anaithnidíú, rud a d'fhéadfadh duine aonair ar ábhar sonraí iad a aithint. Chuir an eagraíocht faoi thrácht in iúl don DPC gurbh earráid dhaonna ba

bhunchúis leis an eachtra seo, agus gur baineadh an tuáit sháraithe gan mhoill mhíchuí.

Bunaithe ar an mbeart a bhí déanta ag an rialaitheoir sonraí chun an riosca a mhaolú go dtarlódh an cineál seo eachtra arís thug an DPC a scrúdú chun críche ar an gceist seo agus d'éisigh sé roinnt moltaí breise don eagraíocht, ag díriú ar úsáid chuí a chuid ardán meáin shóisialta agus conas ba chóir a chuid cuntas meáin shóisialta a chosaint agus a shrianú do líon sonraithe pearsanra údairithe.

Cás-staidéar 15:

Fógra Sáraithe (Earnáil Airgeadais) Sonraí Bainc curtha trí WhatsApp

Chuir eagraíocht earnála airgeadais príobháidí in iúl don DPC go raibh iarratas déanta ag custaiméir chun a n-uimhreacha IBAN agus BIC a fháil, uimhreacha a bhí á gcoimeád ar comhad. Bhí aithne phearsanta ag an gcustaiméir a bhí ag déanamh an iarratais ar an mball foirne a bhí ag plé leis an iarratas. Ag imeacht ó chleachtais fhaofa, bhain an ball foirne úsáid as a bhfón póca pearsanta chun pictiúr a chur den eolas a bhí á lorg, dar leo, thar ardán curtha teachtaireachtaí (WhatsApp). Go hearráideach, áfach, chuir an ball foirne sonraí a bhain le custaiméir eile chuig an gcustaiméir a rinne an t-iarratas.

Rinne an custaiméir a fuair an t-eolas seo teagmháil leis an eagraíocht chun cur in iúl dóibh nár bhain an t-eolas a fuarthas lena gcuntas siúd agus go raibh siad tar éis glacadh orthu féin an t-ábhar sáraithe ar fad a bhaint dá ngléas. Chuaigh an eagraíocht i dteagmháil le baill fhoirne le cur i gcuimhne dóibh nár chóir ach modhanna údaraithe cumarsáide a úsáid agus iarratais den chineál seo á láimhseáil sa todhchaí. Ghabh an eagraíocht a leithscéal leis na hábhair shonraí go léir a bhí buailte freisin.

D' eisigh an DPC roinnt moltaí a chuimsíonn úsáid uirlisí faofa cumarsáide eagraíochtúla amháin, ag fágáil go bhfuil an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoi iompar inghlactha agus do-ghlactha agus uirlisí cumarsáide eagraíochtúla á n-úsáid acu, agus le cinntiú gur cuireadh oiliúint chuí ar an bhfoireann i dtéarmaí a gcuid dualgas/freagrachtaí faoi fhorálacha an GDPR agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018.

Cás-staidéar 16:

Fógra Sáraithe (12 Chomhar Creidmheasa) Earráid Chódúcháin an Phróiseálaí

Fuair an DPC tuairiscí sáraithe ar leith ó 12 chomhar creidmheasa a d'fhostaigh seirbhísí an phróiseálaí chéanna, a bhí lonnaithe sa RA. D'éascair an sárú ag an bpróiseálaí as earráid chódúcháin a rinneadh ag an bpróiseálaí agus bearta á gcur i bhfeidhm a tugadh isteach mar fhreagra ar phaindéim Covid-19.

Tá iachall ar chomhair chreidmheasa eolas a thuairisciú do Bhanc Ceannais na hÉireann a bhaineann lena gcuid iasachtaithe agus le feidhmíocht a gcuid iasachtaí. Baineann an Banc Ceannais úsáid as an eolas seo chun an Clár Creidmheasa Lárnach (nó CCR) a chothabháil. Lena seal baineann iasachtóirí agus gníomhaireachaí rátála creidmheasa úsáid as an eolas seo chun fiacha agus stair chreidmheasa iasachtaithe a dheimhniú. Baineann líon mór iasachtóirí, go háirithe comhair chreidmheasa, úsáid as comhlachtaí próiseála sonraí chun a leithéid d'fhilleáin CCR a ullmhú agus chun iad a chur ar aghaidh chuig an mBanc Ceannais.

Le linn 2020, thug Rialtas na hÉireann sraith bheart isteach chun anás airgeadais a mhaolú a bhfuil mar chúis aige an phaindéim agus na dianghlásálacha a d'éascair aisti sin. Áiríodh i measc na mbeart seo cur ar chumas institiúidí airgeadais aisíocaíochtaí iasachta a stopadh gan cur isteach ar bhealach dochrach ar rátáil chreidmheasa na n-iasachtaithe. Tugadh treoir do na hiasachtóirí cóid ar leith a úsáid sna fillteáin CCR chun bratach a chur le hiasachtaí a stopadh go sealadach. Ba é a bhí i gceist leis sin ná cosc a chur ar léirmhíniú na n-iasachtaí sin mar iasachtaí faillitheora nó a bheith ag cur in iúl ar bhealach eile go raibh acmhainneacht creidmheasa na n-iasachtaithe ábhartha tar éis dul in olcas.

San eachtra seo bhain an próiseálaí a fostaíodh ag na 12 chomhar creidmheasa úsáid as cóid mhíchearta ar fhilleáin CCR a bhí ag plé le hiasachtaí a stopadh go sealadach. Thug na cóid mhíchearta le fios go raibh na hiasachtaithe a bhí buailte tar éis tabhairt faoi 'imeacht athstruchtúrúraithe' — is minic a tharlaíonn imeacht athstruchtúrúraithe nuair nach mbíonn iasachtaí in ann iasacht a aisíoc thar an tréimhse chomhaontaithe, agus aontaíonn an t-iasachtóir téarmaí na hiasachta a athrú chun feabhas a chur ar chumas an iasachtaí an iasacht a aisíoc. Is féidir leis sin rátáil chreidmheasa iasachtaí a laghdú go mór, agus mar sin de d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint le taifead míchruinn CCR imeachta athstruchtúrúraithe do na daoine atá buailte.

Cuireadh na comhair chreidmheasa faoi thrácht ar an eolas faoi earráid chódúcháin an phróiseálaí maidir lena gcuid fillteán CCR roinnt seachtainí tar éis don phróiseálaí fillteáin CCR a chur chucu den chéadair agus iad ag úsáid na gcód míchearta don Bhanc Ceannais. Tuairiscíodh an cheist don DPC mar shárú agus thóg na comhair chreidmheasa an cheist leis an bpróiseálaí go díreach agus trí mheán grúpa úsaideoirí. Cheadaigh sin gurbh fhéidir na taifid a bhí buailte a aithint, gurbh fhéidir na nósanna imeachta cuí chódúcháin a oibriú amach, agus fillteáin cheartaithe CCR a chur chuig an mBanc Ceannais.

Léiríonn na cásanna seo an tábhacht a bhaineann le conarthaí próiseála a chuireann i bhfeidhm i gceart riachtanais Airteagail 28 den GDPR. Is é an rud is mó a bhaineann le hábhar sna cásanna seo ná nach mór do na conarthaí próiseála soláthar a dhéanamh dó go mbeidh an próiseálaí ag cabhrú leis an rialaitheoir chun a chuid dualgas a chomhlíonadh i dtaca le slándáil phróiseála, agus i dtaca le tuairisciú agus bheith ag tabhairt freagra ar shárúithe.



4

Fiosrúcháin

Fiosrúcháin Reachtúla Trasteorann ar cuireadh tús leo ó 25 Bealtaine 2018.

Comhlacht	Cineál Fiosrúcháin	Ceist atá á scrúdú
Apple Distribution International	Gearánbhunaithe	<i>Bunús dlí don phróiseáil.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Apple a chuid dualgas GDPR i dtaca leis an mbunús dlí ar a bhfuil sé ag brath chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs anailíse iompraíochta agus fógraíochta spriocdhírthe ar a ardán.
Apple Distribution International	Gearánbhunaithe	<i>Trédhearcacht.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Apple a chuid dualgas GDPR i dtaca leis an eolas atá le fáil ina pholasaí príobháideachais agus a chuid doiciméad ar líne maidir le próiseáil sonraí pearsanta úsáideoirí a chuid seirbhísí.
Apple Distribution International	Gearánbhunaithe	<i>Ceart Rochtana</i> Ag scrúdú más rud é gur chloígh Apple le forálacha ábhartha an GDPR maidir le hiarratas rochtana do shonraí pearsanta a bhaineann le seirbhís chustaiméara.
Facebook Inc.	Féintoiliú	<i>Sárú bídeach Facebook Meán Fómhair 2018</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook Inc. a chuid dualgas GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.
Facebook Ireland Limited	Gearánbhunaithe	<i>Ceart Rochtana agus Iniomparthacht Sonraí</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook a chuid dualgas GDPR maidir leis an gceart rochtana ar shonraí pearsanta i mbunachar sonraí Facebook ‘Hive’ chomh maith le hiniomparthacht sonraí pearsanta “breathnaithe”.
Facebook Ireland Limited	Gearánbhunaithe	<i>Bunús dlí don phróiseáil maidir le Téarmaí Seirbhíse agus Polasaí Sonraí Facebook.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook a chuid dualgas GDPR maidir leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta dhaoine aonair a phróiseáil atá ag úsáid ardán Facebook.
Facebook Ireland Limited	Gearánbhunaithe	<i>Bunús dlí don phróiseáil.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook a chuid dualgas GDPR maidir leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs anailíse iompraíochta agus margaíochta spriocdhírthe ar a ardán.
Facebook Ireland Limited	Féintoiliú	<i>Sárú bídeach Facebook Meán Fómhair 2018</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook a chuid dualgas GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.
Facebook Ireland Limited	Féintoiliú	<i>Sárú bídeach Facebook Meán Fómhair 2018</i> Ag scrúdú chomhlíontacht Facebook le dualgais fhógra sháraithe an GDPR.

Comhlacht	Cineál Fiosrúcháin	Ceist atá á scrúdú
Facebook Ireland Limited	Féintoiliú	<i>Tosaithe mar fhreagra ar líon mór sárúithe a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhse ó bhí 25 Bealtaine 2018 ann (cás ar leith ón sárú bídeach)</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook a chuid dualgas GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.
Facebook Ireland Limited	Féintoiliú	Pasfhocail Facebook stóráilte i bhformáid ghnáth-théacs ina chuid friothálaithe inmheánacha. Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook a chuid dualgas faoi fhorálacha ábhartha an GDPR
Facebook Ireland Limited	Féintoiliú	Fiosrúchán ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook Ireland Limited Caibidil V GDPR (go háirithe Airteagal 46) ag cur san áireamh bhreith an CJEU ar 16.07.20
Google Ireland Limited	Féintoiliú	<i>Tosaithe mar fhreagra ar aighneachtaí a fuarthas.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Google forálacha ábhartha an GDPR. Scrúdófar freisin prionsabail thrédhearcacht agus íoslaghdu shonraí an GDPR, chomh maith le cleachtais choimeádta sonraí Google.
Google Ireland Limited	Féintoiliú	Ag scrúdú más rud é go bhfuil bunús dlí ag Google chun sonraí suímh a chuid úsáideoirí a phróiseáil agus más amhlaidh go bhfuil sé ag déanamh freastail ar a chuid dualgas mar rialaitheoir sonraí maidir le trédhearcacht.
Instagram (Facebook Ireland Limited)	Gearánbhunaithe	<i>Bunús dlí don phróiseáil maidir le Téarmaí Úsáide Instagram agus Polasaí Sonraí Instagram.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Facebook a chuid dualgas GDPR i dtaca leis an mbunús dlí ar a bhfuil sé ag brath chun sonraí pearsanta dhaoine aonair a phróiseáil ag úsáid ardán Instagram.
Instagram (Facebook Ireland Limited)	Féintoiliú	Fiosrúchán maidir le comhlíontacht Facebook a chuid dualgas GDPR i dtaca lena phróiseáil sonraí pearsanta úsáideoirí Instagram faoi aois 18 ("Úsáideoirí ar Linbh iad") i dtaobh na socruithe cuntais.
Instagram (Facebook Ireland Limited)	Féintoiliú	Fiosrúchán maidir le comhlíontacht Facebook a chuid dualgas GDPR i dtaca lena spleáchas ar bhunús dlí de bhun Airteagail 6 den GDPR do phróiseáil sonraí pearsanta úsáideoirí Instagram faoi aois 18 ("Úsáideoirí ar Linbh iad").
LinkedIn Ireland Unlimited Company	Gearánbhunaithe	<i>Bunús dlí don phróiseáil.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon LinkedIn a chuid dualgas GDPR i dtaca leis an mbunús dlí ar a bhfuil sé ag brath chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na hanailíse iompraíochta agus na fógraíochta spriocdhíríte ar a ardán.

Comhlacht	Cineál Fiosrúcháin	Ceist atá á scrúdú
MTCH Technology Services Limited (Tinder)	Féintoiliú	Ag scrúdú más rud é go bhfuil bunús dlí ag an gcomhlacht do phróiseáil leanúnach shonraí pearsanta a chuid úsáideoirí agus más rud é go bhfuil sé ag déanamh freastail ar a chuid dualgas mar rialaitheoir sonraí i dtaca le trédhearcacht agus a chomhlíontacht iarratais chearta ábhar sonraí.
Quantcast International Limited	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar aighneacht a fuarthas. Ag scrúdú chomhlíontacht Quantcast le forálacha ábhartha an GDPR. Scrúdófar freisin prionsabal GDPR na gcleachtas trédhearcachta agus coimeáda.
Twitter International Company	Gearánbhunaithe	<i>Ceart Rochtana</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Twitter a chuid dualgas maidir leis an gceart rochtana ar naisc a osclaíodh ar Twitter.
Twitter International Company	Féintoiliú	<i>Tosaithe mar fhreagra ar an líon mór sárúithe a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhe ó bhí 25 Bealtaine 2018 ann. Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon Twitter a chuid dualgas GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.</i>
Twitter International Company	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar fhógra sáraithe. Ag scrúdú ceiste a bhaineann le comhlíontacht Twitter le hAirteagal 33 den GDPR.
Verizon Media/Oath	Féintoiliú	<i>Trédhearcacht.</i> Ag scrúdú chomhlíonadh an chomhlachta leis na riachtanais chun eolas trédhearcach a sholáthar d'ábhair sonraí faoi fhorálacha Airteagail 12-14 den GDPR.
WhatsApp Ireland Limited	Gearánbhunaithe	<i>Bunús dlí don phróiseáil maidir le Téarmaí Seirbhíse agus Polasaí Príobháideachais WhatsApp</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon WhatsApp a chuid dualgas GDPR maidir leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta dhaoine aonair a phróiseáil a bhaineann úsáid as ardán WhatsApp.
WhatsApp Ireland Limited	Féintoiliú	<i>Trédhearcacht.</i> Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon WhatsApp a chuid dualgas trédhearcachta GDPR maidir le soláthar eolais agus trédhearcacht an eolais sin d'úsáideoirí agus do neamhúsáideoirí sheirbhísí WhatsApp, lena n-áirítear eolas a sholáthraítear d'ábhair sonraí faoi phróiseáil eolais idir WhatsApp agus comhlachtaí eile de chuid Facebook.
Yelp	Féintoiliú	Fiosrúchán maidir le comhlíontacht Yelp le hAirteagail 5,6, 7 agus 17 den GDPR tar éis roinnt gearán a fuarthas ag an DPC i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag Yelp ar a shuíomh gréasáin.

Fiosrúcháin Reachtúla Intíre tosaithe ó 25 Bealtaine 2018

Eagraíocht	Cineál Fiosrúcháin	Ceist atá á scrúdú
31 údarás áitiúil agus an Garda Síochána	Féintoiliú	Ag scrúdú fhaireachas ar shaoránaigh ag earnáil an stáit do chuspóirí forfheidhmithe dhlí trí úsáid teicneolaíochtaí leithéidí CCTV, ceamaraí a chaitear ar an gcorp, córais le cuidiú uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR), dróin agus teicneolaíochtaí eile. Is é cuspóir na bhfiosrúcháin seo ná iniúchadh a dhéanamh más rud é go bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta a tharlaíonn sna cúinsí sin comhlíontach le dlí na cosanta sonraí.
An Garda Síochána	Féintoiliú	Ag scrúdú rialachais agus maoirseachta maidir le hiarratais nochta laistigh den AGS agus laistigh d' eagraíochtaí a bhíonn ag próiseáil a leithéid d' iarratais, chomh maith le bheith ag scrúdú na n-iarratas iarbhir a dhéantar ag an AGS chuig tríú páirtithe.
An Garda Síochána	Féintoiliú	Ag scrúdú sháraithe shlándála a raibh de thoradh air ábhar nochta neamhúdairithe shonraí pearsanta a bhí á gcoimeád don phróiseáil LED.
Banc na hÉireann	Féintoiliú	Tosithe mar fhreagra ar an líon mór sárúithe sonraí a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhse ó 25 Bealtaine 2018.
Banc na hÉireann	Féintoiliú	Ag scrúdú ábhar nochta neamhúdairithe shonraí pearsanta sa tslí gur fheistigh BOI custaiméirí áirithe Banking 365. Tharla eachtraí iomadúla ina raibh i gceist go ndearna an banc míchumraíocht ar phróifíl 365 chustaiméara nua sa tslí go mbeadh custaiméir in ann teacht a bheith acu trí thimpiste ar shonraí pearsanta agus ar chuntas reatha custaiméara eile.
BEO Solutions	Féintoiliú	Ag scrúdú sáraithe shonraí pearsanta a cuireadh in iúl maidir le caillteanas ghléis stórála USB. Bainteach leis an bhfiosrúchán faoi PIAB.
An Eaglais Chaitliceach	Féintoiliú	Scrúdú ghearán iomadúil maidir le comhlíontacht le hiarratais ar an gceart coigeartaithe & an ceart go ligfí i ndearmad.
An Roinn Coimirce Sóisialaí (RGFCS roimhe seo)	Féintoiliú	Ag scrúdú sheasamh an Oifigigh Chosanta Sonraí faoi Airteagal 38 den GDPR.
An Roinn Coimirce Sóisialta (RGFCS roimhe seo)	Féintoiliú	Ag scrúdú más rud é go bhfuil próiseáil áirithe agus/ nó próiseáil bheartaithe áirithe shonraí pearsanta ag an Roinn i gcomhthéacs na measúnuithe/seiceálacha leanúnacha incháilitheachta don sochar linbh comhlíontach leis an GDPR agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018.
FSS Laighin Láir (Saotharlanna Thulach Mhór)	Féintoiliú	Tosithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC.
FSS Ospidéal Mhuire Lourdes	Féintoiliú	Ag scrúdú shlándáil na próiseála sonraí, bearta cuí eagraíochtúla agus teicniúla tar éis chaillteanas sonraí pearsanta íogaire.

FSS an Deisceart	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC.
Eagraíocht	Cineál Fiosrúcháin	Ceist atá á scrúdú
Bíuró Creidmheasa na hÉireann	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC.
Seirbhís Príosún na hÉireann	Féintoiliú	Ag scrúdú más rud é gur chomhlíon SPÉ a chuid dualgas GDPR maidir leis an mbunús dlí a bhfuil sí ag brath air chun sonraí pearsanta a phróiseáil.
Ollscoil Mhá Nuad	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC maidir le heachtra fhioscaireachta.
Move Ireland Limited	Féintoiliú	Ag scrúdú chomhlíontachta le dualgais GDPR maidir le caillteanas sheisiún comhairleoireachta taifeadta ina raibh sonraí pearsanta íogaire i gceist.
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	Féintoiliú	Ag scrúdú chomhlíontachta le dualgais GDPR maidir le sárú sonraí pearsanta a cuireadh in iúl a tharla trí chaillteanas ghléis stórála USB. Bainteach le fiosrúchán faoi BEO Solutions.
Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC maidir le nochtadh neamhúdairithe.
SUSI	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC.
An Chomhairle Mhúinteoireachta	Féintoiliú	Ag scrúdú comhlíontachta le dualgais GDPR i dtaca le fioscaireacht dhá chuntas ríomhphoist ar le baill fhoirne na Comhairle iad; socraíodh rialacha atreoraithe r-phoist a spreag próiseáil neamhúdairithe 332 r-phost a raibh sonraí pearsanta le fáil iontu a bhain le líon mór ábhar sonraí.
TUSLA	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar roinnt sárúithe a cuireadh in iúl don DPC.
TUSLA	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar roinnt sárúithe a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhse ó 25 Bealtaine 2018.
TUSLA	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC.
UCD	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar roinnt sárúithe a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhse ó 25 Bealtaine 2018.
Ollscoil Luimnigh	Féintoiliú	Tosaithe mar fhreagra ar shárú a cuireadh in iúl don DPC maidir le heachtra fhioscaireachta.

5

Cinntí

Cinntí faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018

Déanann an DPC cinneadh, de bhun fiosrúcháin reachtúil, más rud é gur tharla sáruihte na reachtaíochta cosanta sonraí. Tá mar chuid de na fiosrúcháin reachtúla seo fiosrúcháin féintoilthe agus fiosrúcháin de bhun gearán. Nuair a fhaightear sáruihte, déanann an cinnteoir cinneadh freisin más rud é gur chóir cumhacht cheartaitheach a chur i bhfeidhm, agus, más rud é gur chóir, cad é an chumhacht/cad iad na cumhachtaí atá le cur i bhfeidhm.

Nuair a chinneann an DPC fíneáil riaracháin a ghearradh, agus mura ndéantar achomharc in aghaidh an chinnidh sin, ní mór don DPC iarratas a dhéanamh ar bhealach achomair chuig an gCúirt Chuarda do dheimhniú an chinnidh chun fíneáil riaracháin a ghearradh de bhun Ailt 143(1) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Foráileann Alt 143(2) go ndeimhneoidh an Chúirt Chuarda an cinneadh ach amháin má tá cúis mhaith aici gan a leithéid a dhéanamh. Íoctar gach fíneáil DPC don Státhchiste tar eis í a fháil de réir Ailt 141(7) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Eagraíochtaí	Cinneadh eisithe
Comhairle Contae Chiarraí	25-Már-20
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	21-D.Fó-20
Tusla An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (3 shárú)	07-Aibr.-20
Tusla An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (1 shárú)	21-Beal-20
Tusla An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (71 shárú)	12-Lún-20
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS An Deisceart)	18-Lún-20
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Ospidéal Mhuire Lourdes)	29-M.Fó-20
Ryanair	11-Sam-20
Twitter International Company	9-Noll-20
Groupon	16-Noll-20
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	17-Noll-20

Comhairle Contae Chiarraí

I Mí Mhárta 2020, d'éisigh an DPC cinneadh do Chomhairle Contae Chiarraí maidir le ceann den líon fíorúcháin féintoilthe ar thug sé faoi a bhaineann le hÚdarais Áitiúla. Déanann na fíorúcháin seo machnamh faoi raon leathan ceistanna a bhaineann le teicneolaíochtaí faireachais a mbaineann údarais Stáit feidhm astu. Cuireadh an fíorúcháin i gcrích i dtús báire trí mheán iniúchta faoi Alt 136 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. D'éascaigh sin an DPC agus é ag cur fíricí le chéile maidir le húsáid teicneolaíochtaí faireachais ag an gComhairle. Tugadh tuairisc dheiridh an DPC chun críche ar 4 Deireadh Fómhair 2019 agus cuireadh í faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir).

Fuarthas amach sa chinneadh seo go raibh córais áirithe CCTV a bhí á bhfeidhmiú ag Comhairle Contae Chiarraí mídhleathach cheal údaraithe ó Choimisinéir na nGardaí faoi Alt 38 den Acht um an Gharda Síochána 2005. Go suntasach, rinneadh machnamh cuimsitheach faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996, agus an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 agus fuarthas amach sa chinneadh nach soláthraíonn na hAchtanna sin bunús dlí d'úsáid CCTV do chuspóirí fhorfheidhmithe dhlí.

Mar chuid den chinneadh rinneadh machnamh freisin faoin gcomharthaíocht a úsáidtear ag an gComhairle chun an pobal a chur ar an eolas faoina úsáid CCTV, fuarthas amach go raibh cuid den chomharthaíocht easnamhach ag cur san áireamh riachtanais an Ahta um Chosaint Sonraí 2018. Mar chuid den chinneadh rinneadh machnamh faoi réimse radhairc an CCTV atá á fheidhmiú ag an gComhairle agus fuarthas amach an méid seo, cheal mhascadh príobháideachais, bhí an bailiú sonraí iomarcach i roinnt suíomhanna inar ghabh an CCTV tithe príobháideacha freisin. Rinneadh cinntí freisin maidir

leis an easpa rialacha nó treoirlínte scríofa a rialaíonn rochtain fhoirne don CCTV; úsáid fhón cliste nó gléasanna taifeadta eile i seomra monatóireachta an CCTV; an cleachtas atá ann de bheith ag roinnt sonraí logála isteach chun teacht ar scannánaíocht an CCTV; bearta slándála chun scannánaíocht CCTV a aistriú chuig an nGarda Síochána; agus an riachtanas do Mheasúnachtaí Tionchair Chosanta Sonraí.

Chuir an cinneadh cosc sealadach i bhfeidhm ar phróiseáil Chomhairle Contae Chiarraí shonraí pearsanta maidir le ceamaraí áirithe CCTV. Mar chuid den chinneadh freisin ordaíodh don Chomhairle a cuid próiseála a thabhairt chun comhlíontachta trí bheart sonraithe a dhéanamh agus tugadh iomardú don Chomhairle maidir leis na sárúithe. Ar 27 Aibreán 2020, thaisc Comhairle Contae Chiarraí achomharc in aghaidh an chinnidh don Chúirt Chuarda. Ar 8 Meán Fómhair 2020, tharraing Comhairle Contae Chiarraí siar an t-achomharc, ag glacadh le hábhar an chinnidh.

Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

I Mí Dheireadh Fómhair 2020, d'éisigh an DPC cinneadh do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le fíorúcháin eile a bhaineann le teicneolaíochtaí maoirseachta a úsáidtear ag údarais Stáit. Cuireadh an fíorúcháin i gcrích i dtús báire trí mheán iniúchta faoi Alt 136 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. D'éascaigh sin an DPC agus é ag cur fíricí le chéile maidir le húsáid teicneolaíochtaí faireachais ag an gComhairle. Tugadh an tuairisc dheiridh chun críche ar 24 Deireadh Fómhair 2019 agus cuireadh í faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir).

Fuarthas amach sa chinneadh nach bhfuil bunús dlí ag úsáid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

cheamaraí deaise agus cheamaraí faoi cheilt chun caitheamh bruscair agus dumpáil a aimsiú do chuspóirí fhorfheidhmithe dhlí san Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 agus san Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996. Fuarthas amach sa chinneadh freisin go raibh ceamaraí áirithe CCTV a bhí á bhfeidhmiú ag an gComhairle do chosc ar an gcoireacht mídhleathach cheal údairithe ó Choimisinéir na nGardaí faoi Alt 38 den Acht um an Gharda Síochána 2005.

Fuarthas amach sa chinneadh gurb iad an Garda Síochána agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge comhrialtitheoirí maidir le ceamaraí áirithe CCTV faoi Alt 38(3)(c) den Acht um an Gharda Síochána 2005. I dtaca leis seo, fuarthas amach sa chinneadh gur sháraigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Alt 79 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 trí theip comhaontú a chur i bhfeidhm i scríbhinn leis an nGarda Síochána. Rinneadh cinntí freisin maidir le sásúlacht pholasaí Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir lena húsáid drón do chomhlíonadh monatóireachta ar láithreáin cheadaithe dramhaíola agus cosc dumpála ar láithreáin dramhaíola mhídhleathacha, agus an dualgas atá uirthi logleabhar sonraí a chothabháil do bhearta sonracha rochtana do thaifeadtaí CCTV.

Chuir an cinneadh cosc sealadach i bhfeidhm ar phróiseáil Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge shonraí pearsanta trí mheán cheamaraí follasacha áirithe, ceamaraí deaise do chuspóirí fhorfheidhmithe dhlí agus ceamaraí faoi cheilt. Mar chuid den chinneadh freisin ordaíodh don Chomhairle a cuid próiseála a thabhairt chun comhlíontachta trí bheart sonraithe a dhéanamh agus tugadh iomardú don Chomhairle maidir leis na sárúithe. Ní dhearna Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge achomharc in aghaidh an chinnidh seo.

Tusla — Aibreán 2020

I Mí Aibreáin 2020, d'éisigh an DPC cinneadh maidir le fiosrúchán féintoilthe i dtaca le 3 shárú sonraí pearsanta a cuireadh in iúl don DPC ag Tusla. Tharla na sárúithe seo nuair a theip ar Tusla doiciméid a fholú agus iad á roinnt le tríú páirtithe. Tharla an chéad sárú sonraí pearsanta nuair a sholáthair Tusla trí thimpiste seoladh chúramóra altrama d'athair bheirt leanaí faoi chúram. Tharla an dara sárú nuair a sholáthair Tusla trí thimpiste do dhuine a raibh drochúsáid ghnéasach leanaí á cur ina leith seoladh an linbh a rinne an gearán chomh maith le huimhir theileafóin a máthar. Tharla an tríú sárú nuair a sholáthair Tusla trí thimpiste do sheanmháthair linbh faoi chúram seoladh agus sonraí teagmhála thuismitheoirí altrama an linbh chomh maith le suíomh scoil an linbh.

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán ar 24 Deireadh Fómhair 2019 agus scrúdaíodh más rud é go raibh a chuid dualgas comhlíonta ag Tusla maidir leis na sárúithe, chun cinneadh ar briseadh aon fhoráil/ghorálacha den GDPR agus/nó an Achta um Chosaint Sonraí 2018 ag Tusla. Tugadh an tuairisc fhiosrúcháin deiridh chun críche ar 24 Feabhra 2020 agus cuireadh í faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir)

Sa chinneadh rinneadh machnamh faoi oiriúnacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil a bhí i bhfeidhm ag Tusla ag am na sárúithe. Fuarthas amach sa chinneadh go raibh Airteagal 32(1) den GDPR sáraithe ag Tusla trí theip bearta cuí a chur i bhfeidhm maidir le folú doiciméad. Sa chinneadh rinneadh machnamh freisin faoi cheann de na sárúithe sonraí pearsanta a cuireadh in iúl maidir leis an dualgas an DPC a chur ar an eolas gan mhoill mhíchúil de bhun Airteagail 33(1) den GDPR. Chuir Tusla an sárú seo in iúl don DPC 5 lá tar éis dó fáil amach faoi. Fuarthas amach sa chinneadh gur mhoill mhíchúil a bhí ann sna cúinsí agus fuarthas amach go raibh Airteagal 33(1) sáraithe ag Tusla.

Sa chinneadh tugadh iomardú do Tusla, ordaíodh dó a chuid próiseála a thabhairt chun comhlíontachta le Airteagal 32(1) den GDPR, agus gearradh fineáil riaracháin de €75,000. Ní dhearnadh aon achomharc ag Tusla in aghaidh chinneadh an DPC. Ar 4 Samhain 2020, rinne an DPC iarratas don Chúirt Chuarda chun a chinneadh a dheimhniú san fhiosrúchán seo chun an fhíneáil riaracháin a ghearradh. Dheimhnigh an Chúirt Chuarda an cinneadh de bhun Ailt 143 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Tusla — Bealtaine 2020

I Mí na Bealtaine 2020, d'éisigh an DPC cinneadh maidir le fiosrúchán eile féintoilthe a bhaineann le Tusla. Bhain an fiosrúchán seo le sárú amháin sonraí pearsanta a chuir Tusla in iúl don DPC ar 4 Samhain 2019. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán ar 11 Nollaig 2019 agus scrúdaíodh más rud é go raibh a chuid dualgas comhlíonta ag Tusla i dtaca le hábhar an tsáraithe chun socrú an raibh aon fhoráil/ghorálacha den GDPR agus/nó den Acht um Chosaint Sonraí 2018 briste ag Tusla.

Tharla an sárú nuair a scríobh Tusla litir chumhdaigh chuig tríú páirtí a raibh le fáil inti céannacht daoine aonair a raibh líomhaintí drochúsáide déanta acu chomh maith le sonraí na líomhaintí a rinneadh. Roinneadh an litir a nocht na sonraí níos déanaí ar na meáin shóisialta ag faighteoir na litreach. Ar 19 Márta 2020, tugadh an tuairisc fhiosrúcháin deiridh chun críche agus cuireadh í faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir).

Sa chinneadh rinneadh machnamh faoi oiriúnacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil a bhí i bhfeidhm ag Tusla ag am an tsáraithe maidir lena phróiseas litreach cumhdaigh. Fuarthas amach gur sháraigh Tusla Airteagal 32(1) den GDPR trí theip bearta eagraíochtúla a chur i bhfeidhm a bhí oiriúnach don riosca. Sa chinneadh rinneadh machnamh freisin faoin sárú maidir leis an dualgas an sárú a chur in iúl don DPC gan mhoill mhíchúil de bhun Airteagail 33(1) den GDPR. Cuireadh an sárú seo in iúl don DPC breis is 29 seachtaine tar éis do Tusla bheith curtha ar an eolas faoi. Fuarthas amach sa chinneadh gur sháraigh Tusla Alt 33(1) trí theip an sárú a chur in iúl don DPC gan mhoill mhíchúil. Sa chinneadh tugadh iomardú do Tusla, ordaíodh dó a chuid próiseála a thabhairt chun comhlíontachta, agus gearradh fineáil riaracháin de €40,000. Ní dhearna Tusla achomharc in aghaidh an tsocraithe seo. Agus é seo á scríobh, táthar

ag feitheamh le hiarratas an DPC os comhair na Cúirte Cuarda chun an fhíneáil riaracháin a dheimhniú.

Tusla — Mí Lúnasa 2020

I Mí Lúnasa 2020, d'éisigh an DPC cinneadh maidir le fiosrúchán féintoilthe i dtaca le 71 shárú sonraí pearsanta a cuireadh in iúl don DPC ag Tusla. Tharla na sárúithe ábhartha idir 25 Bealtaine 2018 agus 16 Samhain 2018 agus bhain siad go léir le nochtadh, nó rochtain neamhúdraithe, ar shonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil ag Tusla. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán ar 6 Nollaig 2018 agus scrúdaíodh más rud é gur chomhlíon Tusla a chuid dualgas i dtaca le hábhar na sárúithe le cinneadh más rud é go raibh aon fhoráil/fhorálacha den GDPR agus/nó den Acht um Chosaint Sonraí 2018 briste ag Tusla. Tugadh an tuairisc fhiosrúcháin deiridh chun críche ar 3 Aibreán 2020 agus cuireadh í faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir).

Rinneadh cinntí maidir le slándáil phróiseála, cruinneas sonraí pearsanta, agus dualgas Tusla sárúithe sonraí pearsanta a chur in iúl gan mhoill mhíchúí. Maidir le slándáil phróiseála, fuarthas amach sa chinneadh cúig shárú ar leith Airteagail 32(1) den GDPR maidir le dualgas Tusla bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun leibhéal slándála a chinntiú atá oiriúnach don riosca atá i gceist lena chuid oibríochtaí éagsúla próiseála. Bhain na hoibríochtaí próiseála a bhí á mbreithniú le seachadadh Tusla sonraí pearsanta ar a chóras faisnéise inmheánach; seachadadh Tusla sonraí pearsanta go himmheánach trí r-phost; seachadadh Tusla sonraí pearsanta go seachtrach trí phost agus trí r-phost; priontáil agus scanadh Tusla; agus bainistiú taifead agus láimhséail eolais Tusla. Fuarthas amach sa chinneadh gur sháraigh Tusla Airteagal 32(4) den GDPR trí theip gníomhú chun cinntiú nach ndéanann daoine atá ag gníomhú faoina údarás sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil seachas faoi threoir ó Tusla. Fuarthas amach sa chinneadh gur sháraigh Tusla Airteagal 5(1)(d) den GDPR ceithre huairé trí theip cinntiú go raibh na sonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil aige cruinn, agus nuair is gá sin, nuashonraithe. Ar deireadh, fuarthas amach sa chinneadh gur sháraigh Tusla Alt 33(1) trí theip sárúithe sonraí pearsanta a chur in iúl don DPC gan mhoill mhíchúí ocht n-uairé.

Sa chinneadh tugadh iomardú do Tusla maidir lena sárúithe Airteagail 5(1)(d), 32(1), 32(4), agus 33(1) den GDPR. Sa chinneadh ordaíodh freisin do Tusla a chuid próiseála a thabhairt chun comhlíontachta le hAirteagal 32(1) den GDPR trí bhearta sonraithe cuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun leibhéal slándála a chinntiú atá cuí i dtaca leis na rioscaí a aimsíodh.

I gcúinsí nuair a bhain cuid de na sárúithe leis na hoibríochtaí próiseála céanna nó le hoibríochtaí nasctha, agus nuair nach raibh ceann de shárúithe Airteagail 32(1) nasctha leis na hoibríochtaí próiseála eile a bhí á mbreithniú sa chinneadh, fuarthas amach sa chinneadh go raibh sé cuí dhá fhíneáil riaracháin ar leith a ghearradh ar Tusla. Ghearr an cinneadh fíneáil riaracháin amháin ar luach €50,000, agus fíneáil riaracháin amháin ar luach €35,000. Ní dhearna Tusla achomharc in aghaidh an

tsocraithe seo. Agus é seo á scríobh, táthar ag feitheamh le hiarratais an DPC roimh an gCúirt Chuarda chun na fíneálacha riaracháin a dheimhniú.

FSS — Mí Lúnasa 2020 & Mí Mheán Fómhair 2020

I Mí Lúnasa 2020, d'éisigh an DPC cinneadh maidir le fiosrúchán féintoilthe a bhain le sárú sonraí pearsanta a cuireadh in iúl ag an FSS don DPC ar 14 Meitheamh 2019. Tharla an sárú sonraí pearsanta nuair a cuireadh de láimh i lárionad athchúrsála poiblí doiciméid a raibh le fáil iontu sonraí pearsanta 78 n-ábhar sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta sainchatagóire maidir le seisear de na hábhair shonraí sin. Cruthaíodh na doiciméid in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile Corcaigh, ach ba bhall den phobal a tháinig orthu i limistéar athchúrsála poiblí. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán ar 17 Deireadh Fómhair 2019 agus scrúdaíodh más rud é gur chomhlíon an FSS a cuid dualgas i dtaca le hábhar an tsáraithe shonraí pearsanta sin agus chun cinneadh más rud é gur briseadh aon fhoráil/fhorálacha den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus/nó an GDPR ag an FSS sa chomhthéacs sin. Tugadh an tuairisc fhiosrúcháin deiridh chun críche ar 27 Aibreán 2020 agus cuireadh í faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir).

I Mí Mheán Fómhair 2020, d'éisigh an DPC cinneadh maidir le fiosrúchán eile féintoilthe a bhain leis an FSS. Bhain an fiosrúchán le sárú sonraí pearsanta a chuir an FSS in iúl don DPC ar 1 Bealtaine 2019. Tharla an sárú sonraí pearsanta sin i gcúinsí nuair a chuir ball den phobal in iúl don FSS go raibh doiciméid faighte ina ngairdín tosaigh acu, atá suite cóngarach d'Ospidéal Mhuire Lourdes. Nótaí aistrithe othar a bhí sna doiciméid faoi thrácht, iad ginte ag an FSS chun othair a aithint a thagann faoi chúram na foirne ag gach athrú seala oibre. Tá na nótaí riachtanach do chúram agus do chóir leighis leanúnach na n-othar. Bhí sonraí pearsanta 15 ábhar sonraí le fáil sna nótaí agus bhí san áireamh iontu sonraí a bhain le heolas cliniciúil agus cóireálacha leighis a fuarthas. Clóbhuaileadh na nótaí ar 11 Aibreán 2019, ach ní raibh an FSS in ann an dáta a shonrú nuair a tharla an sárú i dtús báire. Ní raibh aon mhíniú ar cá háit a raibh na nótaí idir an dáta gur clóbhuaileadh iad agus an uair go bhfuarthas iad. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán ar 26 Samhain 2019 agus scrúdaíodh ann más rud é gur chomhlíon an FSS a cuid dualgas i dtaca le hábhar an tsáraithe shonraí pearsanta chun cinneadh más rud é gur briseadh aon fhoráil/fhorálacha den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus/nó den GDPR ag an FSS sa chomhthéacs sin.

Fuarthas amach i gcinneadh Mhí Lúnasa 2020 gur sháraigh an FSS Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) den GDPR trí theip chur i bhfeidhm bheart cuí teicniúil agus eagraíochtúil chun leibhéal slándála a chinntiú atá cuí i dtaca leis na riosca a chuireann a úsáid i láthair, chomh maith le cur de láimh dhoiciméad cóipe crua ina bhfuil sonraí pearsanta othar le fáil. Sa chinneadh gearradh fíneáil riaracháin de €65,000 ar an FSS as a cuid sárúithe d'Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) den GDPR. Tugadh iomardú ann freisin don FSS agus ordaíodh di a cuid oibríochtaí

próiseála maidir le húsáid agus cur de láimh dhoiciméad cóipe crua ina bhfuil sonraí pearsanta othar le fáil a thabhairt chun comhlíontachta le hAirteagail 5(1)(f) agus 32(1) den GDPR trí bhearta áirithe sonraithe a chur i bhfeidhm. Ní dhearna an FSS achomharc in aghaidh an chinnidh seo. Agus é seo á scríobh, táthar ag feitheamh le hiarratas an DPC os comhair na Cúirte Cuarda chun an fhíneáil riaracháin a dheimhniú.

Ar an tsli chéanna, fuarthas amach sa chinneadh i Mí Mheán Fómhair 2020 gur sháraigh an FSS Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) den GDPR trí theip bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun leibhéal slándála a chinntiú atá cuí i dtaca leis an riosca a chuireann a úsáid i láthair, chomh maith le cur de láimh dhoiciméad cóipe crua ina bhfuil sonraí pearsanta othar le fáil. Maidir leis an ordú, an t-iomardú, agus an fhíneáil a gearradh i dtaca le cinneadh na FSS i Mí Lúnasa 2020, fuair an DPC amach nach raibh sé cuí tuilleadh cumhachtaí ceartaitheacha a chleachtadh sa Chinneadh seo. Bhain cinntí na sárúithe sa dá chinneadh leis na hoibríochtaí céanna próiseála, ar thug an rialaitheoir céanna fúthu, le linn na tréimhse céanna ama.

Twitter International Company — Mí na Nollag 2020

I Mí na Nollag 2020, d'éisigh an DPC cinneadh maidir le fiosrúchán féintoilte i dtaca le Twitter International Company ('TIC'). Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán ar 22 Eanáir 2019, agus bhain sé le ceist chomhlíontacht TIC lena chuid dualgas faoi Airteagail 33(1) agus 33(5) den GDPR maidir le cur in iúl agus doiciméadú sháraithe shonraí pearsanta. D'éascair an sárú sonraí pearsanta as fabht in aip mhóibíleach Twitter do Android a chiallaigh go ndearnadh tvúiteanna "cosanta" go léir (cinn nach bhfuil infheicthe ach ag a gcuid "leantóir") aon úsáideora a d'athraigh an seoladh r-phoist a bhain lena gcuntas, go ndearnadh na tvúiteanna sin inrochtana go poiblí.

Fuarthas amach sa chinneadh gur sháraigh TIC Airteagal 33(1) den GDPR trí theip an sárú sonraí pearsanta a chur in iúl don DPC gan mhoill mhíchúí. I dtéarmaí amlíne an fhógra, fuarthas an sárú sonraí pearsanta amach ag fophróiseálaí sonraí ar 26 Nollaig 2018 agus measadh é a bheith ina ábhar sáraithe shonraí faoin GDPR ag eagraíocht Twitter go ginearálta ar 3 Eanáir 2019. Tharla moill, áfach, (go dtí 7 Eanáir 2019), maidir le cur in iúl an tsáraithe do TIC (mar rialaitheoir) agus don DPO Domhanda, moill a d'éascair as teip fhostaithe Twitter Inc. treoir inmheánach a leanúint. Le linn an fhiosrúcháin, rinne TIC aighneacht go raibh sé tar éis, i gcúinsí gur chuir sé an sárú in iúl don DPC ar 8 Eanáir, a chuid dualgas a chomhlíonadh faoi Airteagal 33(1).

Sa chinneadh tugadh achoimre nárbh fhéidir le TIC (mar rialaitheoir), ar aimsiú shárú Airteagail 33(1) dó, nárbh fhéidir leis bheith ag brath ar theip ag a phróiseálaí próiseas inmheánach a leanúint agus / nó mí-éifeacht sa phróiseas sin chun freagracht a sheachaint faoi Airteagal 33(1) den GDPR as fógra mall an tsáraithe don DPC. Fuarthas amach sa chinneadh freisin gur sháraigh TIC Airteagal 33(5) den GDPR trí theip an sárú sonraí pearsanta a dhoiciméadú go sásúil.

Chuir an DPC a dhréachtchinneadh san fhiosrúchán seo faoi bhráid CSA eile faoi Airteagal 60 den GDPR ar 22 Bealtaine 2020. Ba é seo an chéad dréachtchinneadh a chuaigh trí phróiseas réitigh achrainn Ailt 65 agus ba é an chéad dréachtchinneadh i gcás "teicneolaíochta móire" ina ndeachthas i gcomhairle le gach údarás maoirseachta san AE mar CSA. Ghlac an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí lena chinneadh faoi Alt 65(1)(a) ar 9 Samhain 2020. D'éisigh an DPC a chinneadh deiridh do TIC ar 9 Nollaig 2020. Sa chinneadh sin gearradh fíneáil riaracháin de \$500,000 (measta don chuspóir seo mar €450,000) ar Twitter mar bheart éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

UCD — Mí na Nollag 2020

I Mí na Nollag 2020, d'éisigh an DPC cinneadh maidir le fiosrúchán féintoilte a bhain le Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath ('UCD'). Bhain an fiosrúchán seo le seacht sárú sonraí pearsanta a chuir UCD in iúl don DPC idir 8 Lúnasa 2018 agus 21 Eanáir 2019. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán ar 19 Iúil 2019 agus scrúdaíodh más rud é go raibh a chuid dualgas comhlíonta ag UCD i dtaca le hábhar na sárúithe agus cinneadh más rud é go raibh aon fhoráil/fhorálacha d'Acht 2018 agus/nó den GDPR briste ag UCD sa chomhthéacs sin.

Bhain na sárúithe sonraí pearsanta le cásanna inar oscail tríú páirtithe neamhúdraithe cuntais r-phoist UCD, nó nuair a postáileadh an t-eolas logála isteach do chuntais r-phoist UCD ar líne. Ar 8 Iúil 2020, thug an DPC chun críche an tuairisc fhiosrúcháin deiridh agus chuir sé í faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir).

Sa chinneadh rinneadh machnamh faoi oiriúnacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil a cuireadh i bhfeidhm ag UCD ag am na sárúithe maidir lena seirbhís r-phoist. Fuarthas amach ann gur sháraigh UCD Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) den GDPR trí theip sonraí pearsanta a phróiseáil ar a seirbhís r-phoist ar bhealach a chinntigh slándáil chuí na sonraí pearsanta ag úsáid bheart cuí teicniúil agus eagraíochtúil. Fuarthas amach sa chinneadh freisin gur sháraigh UCD Airteagal 5(1)(e) den GDPR trí stóráil sonraí pearsanta áirithe i gcuntas r-phoist i bhfoirm a cheadaigh aithint ábhar sonraí ar feadh tréimhsí níos faide ná mar a bhí riachtanach don chuspóir dá ndearnadh na sonraí pearsanta a phróiseáil. Fuarthas amach sa chinneadh freisin go raibh Airteagal 33(1) den GDPR sáraithe ag UCD trí theip ceann de na sárúithe sonraí pearsanta a chur in iúl don DPC gan mhoill mhíchúí. Cuireadh an sárú sonraí pearsanta seo in iúl 13 lá tar éis do UCD bheith ar an eolas faoi.

Sa chinneadh ordaíodh do UCD a chuid oibríochtaí próiseála a bhain lena seirbhís r-phoist a thabhairt chun comhlíontachta leis na hailt sháraithe, tugadh iomardú do UCD maidir lena chuid sárúithe, agus gearradh fíneáil riaracháin ar luach €70,000 maidir leis na sárúithe. Ní dhearna UCD achomharc in aghaidh an chinnidh seo. Agus é seo á scríobh, tá an DPC ag ullmhú a iarratais chun an fhíneáil riaracháin a dheimhniú.

Ryanair

I mí na Samhna 2020, ghlac an DPC cinneadh maidir le Ryanair. Bhain an gearán le trasteorann próiseáil ina raibh an DPC inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta. Fuair an cinneadh é sin Sháraigh Ryanair Airteagal 15 GDPR trí mhainneachtain an gearánach le cóip de thaifeadadh glao ina dhiaidh iarratas ar rochtain ar ábhar. Mar gheall ar an moill ar Ryanair's mar chuid de phróiseáil na hiarrata, scriosadh an taifeadadh ó rinneadh an iarraidh. Fuair an cinneadh sin freisin Sháraigh Ryanair Airteagal 12 (3) GDPR trí mhainneachtain soláthar a dhéanamh faisnéis an ghearánaigh faoi na bearta a rinneadh maidir lena iarraidh faoi Airteagal 15 laistigh den chreat ama reachtúil de mí amháin. Chuir an cinneadh iomardú ar Ryanair ina leith de na sárúithe. Sonraíonn Cás-Staidéar 10 den tuarascáil é seo ina iomláine.

Groupon

I mí na Nollag 2020, ghlac an DPC cinneadh maidir le Groupon. An gearán lena mbaineann próiseáil trasteorann ina raibh an DPC inniúil gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta. Fuarthas an cinneadh gur sháraigh Groupon Airteagal 5 (1) (c) GDPR trína cheangal an gearánach a chéannacht a fhíorú trí a cóip de dhoiciméad aitheantais náisiúnta. Cuireadh an riachtanas i bhfeidhm nuair a rinne ábhair sonraí iarratais áirithe, ach ní cathain chruthaigh ábhair sonraí cuntas Groupon, agus níos lú réiteach sonraí-tiomáinte ar cheist an fhíoraithe aitheantais ar fáil do Groupon. Fuair an cinneadh sin freisin Ailt sáraithe ag Groupon 12 (2), 17 (1) (a) agus 6 (1) GDPR agus iomardaíodh Groupon i leith na sárúithe. Sonraíonn Cás-Staidéar 7 den tuarascáil é seo go hiomlán.

Cinntí faoi na hAchtanna Cosanta Sonraí 1988 agus 2003

INM — Mí na Nollag 2020

Chomh maith le cinntí a rinneadh de bhun an GDPR, leanann an DPC air de bheith ag tabhairt chun críche méid áirithe gearán agus imscrúduithe nach mór iad a chinneadh de réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. I Mí na Nollag 2020, thug an DPC imscrúdú chun críche maidir le Independent News and Media (INM) agus a chomhlíontacht lena chuid dualgas mar rialatheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, agus eisíodh an Tuairisc Dheiridh do INM ó shin. Bhí imscrúdú an DPC i dtaca le heachtra slándála sonraí a tharla go déanach i 2014 agus a bhain le próiseáil sonraí pearsanta á bhí á gcoinneáil i gcórais inmheánacha TF agus cúltaca INM. Fuair an DPC amach gur bhris INM na hAchtanna ar roinnt bealaí. Baineann an cinneadh faoi shárú faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 le hAlt 2(1)(a) agus 2D (cothroime agus trédhearcacht phróiseála), 2A(1) (bunús dlí don phróiseáil) agus 2(1)(d) agus 2C (slándáil phróiseála de shonraí pearsanta).

Cárta Seirbhísí Poiblí

Tá Aguisín III de Thuarascáil Bhliantúil 2019 an DPC leagtha amach mionsonraí an imscrúdaithe ar phróiseáil pearsanta sonraí le DEASP maidir leis an gCárta Seirbhísí Poiblí. Rinneadh gníomh forfheidhmithe i mí na Nollag 2019 ag an DPC i ndáil leis an ábhar sin trí sheirbhéail Fógra Forfheidhmithe ar an Aire Fostaíochta Gnóthaí agus Cosaint Shóisialta. An Fógra Forfheidhmithe sin rinne an tAire agus iad seo achomharc ina dhiaidh sin tá imeachtaí achomhairc fós ar siúl roimh Bhaile Átha Cliath An Chúirt Chuarda. Ar leithligh tá an DPC ag leanúint dá imscrúdú ar gnéithe áirithe eile den phróiseáil a dhéanann DEASP i ndáil le PSCanna agus SAFE 2 a eisiúint córas clárúcháin, lena n-áirítear slándáil na próiseála, próiseáil meaitseála aghaidhe ag DEASP i dtaca le an CSP agus cásanna úsáide sonracha an CSP.

Imscrúduithe agus Bearta Forfheidhmithe Eile

Faireachas ag Earnáil an Stáit do Chuspóirí Forfheidhmithe Dhlí

Is féidir le córais fhaireachais fhíseáin a ghabhann íomhánna dhaoine a mbíonn de thoradh orthu aithint daoine aonair, cé acu go díreach nó go hindíreach, (i.e. nuair a chomhcheanglaítear iad le píosaí eile eolais), is féidir leo infheidhmeacht an GDPR a spreagadh chomh maith leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018. Ó pheirspictíocht chosanta sonraí de, téann faireachas físeáin i bhfeidhm ar chearta agus ar shaoirsí dhaoine go suntasach agus tá sé tábhachtach, mar sin de, go mbíonn aon chórais den chineál sin ag feidhmiú de réir an dlí um chosaint sonraí.

Ba ar an mbonn seo gur chuir an DPC tús, i Mí Mheithimh 2018, le roinnt fhiosrúcháin féintoilthe faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 maidir le faireachas físeáin saoránach ag earnáil an stáit do chuspóirí fhorfheidhmithe dhlí trí úsáid teicneolaíochtaí leithéidí CCTV, ceamaraí a chaitear ar an gcorp, dróin agus teicneolaíochtaí eile leithéidí córais le cuidiú uathaithe uimhirphlátaí (ANPR). Tá na fiosrúcháin féintoilthe seo á gcur i gcrích faoi Alt 110 agus Alt 123 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ag úsáid an chumhacht iniúchta cosanta sonraí a bhforáiltear di in Alt 136 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tá chéad chéim na bhfiosrúcháin seo ag díriú ar úsáid fhaireachais fhíseáin ag na 31 údarás áitiúil in Éirinn agus freisin ag úsáid fhaireachais fhíseáin ag an nGarda Síochána. Is é cuspóir na bhfiosrúcháin seo ná fiosrú a dhéanamh más rud é gur féidir le rialaitheoirí sonraí a leithéid de chórais taispeánt go bhfuil a gcuid córas ag feidhmiú i gcomhlíontacht leis an reachtaíocht chosanta sonraí.

Údaráis Áitiúla

Ó Mhí Mheán Fómhair 2018 chuir an DPC iniúchtaí i gcrích sna húdaráis áitiúla seo a leanas: Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh,

Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Contae Shligigh, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Bhaile Átha Cliath Theas. San iomlán, tá breis is 1,500 ceamara CCTV á bhfeidhmiú ag na seacht n-údarás áitiúla seo do chuspóirí faireachais. *(Ní bhaineann na fiosrúcháin le ceamaraí slándála leithéidí na cinn sin a mbaintear úsáid astu do ghnáthchuspóirí slándála.)*

Mar chuid den phróiseas fiosrúcháin, lorg an DPC ó na rialaitheoirí sonraí faoi seach fianaise pholasaithe láidre cosanta sonraí chomh maith le fianaise mhaoirseachta gníomhaí agus rialachais fhónta. Aithníodh laigí i roinnt údarás áitiúil a tharraing aird ar bhearnaí trédhearcachta. Tháinig cúiseanna imní chun cinn freisin maidir le slándáil sonraí pearsanta a bailíodh trí theicneolaíochtaí faireachais.

Nuair a tharlaíonn monatóireacht bheo chóras CCTV, seachas bheith ag fáil rochtana ar an scannánaíocht ar bhonn eachtra, thug an DPC teip faoi deara ag rialaitheoirí sonraí léiriú go raibh rochtain á fáil ar na córais CCTV go cuí ná go raibh siad á mbainistiú go cuí. Téama coitianta eile sna húdaráis áitiúla sin a ndearnadh iniúchadh orthu ná easpa thuairiscithe rialta faoi phríomh-mhéadracht leithéidí an líon uaireanta a ndearnadh rochtain ar chóras nó an cuspóir a bhain leis an rochtain.

Is féidir go spreagadh cineál na ngléasanna CCTV a úsáidtear cúiseanna imní cosanta sonraí freisin. Is féidir ceamaraí *Pan-Tilt-Zoom* (PTZ) a úsáid chun zúmáil isteach ó achar sách fada ar dhaoine aonair agus ar a réadmhaoin agus dá bharr sin is féidir go mbeadh rioscaí níos mó ag baint le cumais phróiseála na ngléasanna seo i dtaca le príobháideacht daoine aonair. Ina theannta sin, tá úsáid cheamaraí ANPR ag éirí níos coitianta in Earnáil an Stáit ach tá easpa pholasaithe cosanta sonraí a rialaíonn úsáid a leithéid de theicneolaíocht suntasach.

Tá i gceist freisin leis na fiosrúcháin in earnáil na n-údarás áitiúil iniúchadh úsáid na gcóras pobalbhunaithe CCTV

atá údaraithe faoi Alt 38(3)(c) den Acht um an Gharda Síochána 2005. Éilíonn na scéimeanna seo gur rialaitheoir sonraí a bheadh san údarás áitiúil agus go bhfaighfí cead ó Choimisinéir na nGardaí roimh ré. Tá na fiosrúcháin ag scrúdú, i measc rudaí eile, conas atá na húdaráis áitiúla ag freastal ar dhualgas rialaitheora shonraí faoi mar a éilítear faoin Acht sin.

Agus é seo á scríobh, tá a chuid fiosrúcháin curtha i gcrích ag an DPC maidir le 6 cinn de na húdaráis áitiúla thuasluaite agus tá tuairisc fhiosrúcháin deiridh á tabhairt chun críche faoi láthair don seachtú húdarás áitiúil. Cé go bhfuil a chur chuige suaithinseach féin ag gach ceann de na húdaráis áitiúla maidir le conas a chuireann sé faireachas i bhfeidhm ar a chuid saoránach, bhí de thoradh ar obair an DPC sa réimse seo aithint cheisteanna suntasacha comhlíontachta cosanta sonraí maidir le ceisteanna leithéidí úsáid cheamaraí CCTV faoi cheilt, úsáid CCTV chun dumpáil mhídhleathach a chosc, úsáid cheamaraí a chaitear ar an gcorp, ceamaraí deaise, dróin agus ceamaraí ANPR, ceamaraí CCTV ag siúlbealaí áiseanna nó raonta rothar, agus easpa pholasaithe agus mheasúnachtaí tionchair chosanta sonraí. Ar an tslí chéanna, is cúis shuntasach imní don DPC é an tslí ina bhfuil údaráis áitiúla ag comhlíontadh a gcuid dualgas sonraí pearsanta mar rialaitheoirí sonraí agus an géarghá atá ann le go ndéanfaidís níos mó chun a gcuid oibríochtaí a thabhairt chun comhlíontachta le reachtaíocht chosanta sonraí agus chun cuntasacht a chinntiú do na córais CCTV atá faoina smacht.

Cinntí

I measc na bhfiosrúcháin éagsúil atá curtha i gcrích ag an DPC maidir le húsáid teicneolaíochtaí faireachais ag údaráis áitiúla, tá dhá fhiosrúcháin tugtha chun críche ag an DPC — faoi Chomhairle Contae Chiarraí agus faoi Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir lena n-úsáid trealaimh faireachais fhíseáin, ag eisiúint cinntí deireanacha sa dá cheann. Cé gur thaisc Comhairle Contae Chiarraí achomharc i dtús báire in aghaidh chinneadh an DPC ag an gCúirt Chuarda faoi Alt 150 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, tarraingíodh an t-achomharc seo siar níos déanaí ag an gComhairle.

Tá tuilleadh eolais mionsonraithe maidir leis na cinntí seo le fáil i gCaibidil 5 den tuairisc seo.

An Garda Síochána

Chomh maith leis na fiosrúcháin leanúnacha in earnáil na n-údarás áitiúil, cuireadh fiosrúcháin i gcrích ar an nGarda Síochána maidir le scéimeanna CCTV a chuirtear i bhfeidhm ag na Gardaí (soláthraíonn Alt 38(3)(a) den Acht um an Gharda Síochána 2005 bunús dlí dá leithéid de scéimeanna).

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais mhionsonraithe maidir leis an bhfiosrúcháin seo agus maidir leis an gcinneadh seo, a eisíodh i Mí Lúnasa 2019, sa tuairisc fhoilsithe *Tuairisc faoi Ghníomhaíochtaí Rialála an DPC Bealtaine 2018 — Bealtaine 2020* ag Aguisín 1: Faireachas ag Earnáil an Stáit do Chuspóirí Forfheidhmithe Dhlí.

Scuabadh agus Forfheidhmiú Fhiosrúcháin Fianán

Le linn na bliana d'fhorbair an DPC cuid mhór ár gcuid fiosrúcháin fianán, ag scrúdú líon suntasach suíomhanna

gréasáin chun comhlíontacht na reachtaíochta ábhartha a mheasúnú, .i. Rialachán 5(3), 5(4) agus 5(5) de na Rialacháin ePríobháideachais. (I.R. 336/2011). Foráileann an reachtaíocht sin gur gá toiliú a fháil chun aon eolas a chur ar ghléas úsáideora, nó chun teacht ar eolas atá á stóráil cheana ar a ngléas, ach amháin má chomhlíontar ceann amháin as dhá dhíolúine shrianta. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go mbaineann an dlí le feidhm, ní hamháin i gcás shuíomhanna gréasáin, ach freisin aipeanna móibíleacha agus táirgí eile a bhaineann úsáid as fianáin nó teicneolaíochtaí rianaithe den chineál céanna a osclaíonn gléas. Cuireadh tús le fiosrúcháin an DPC faoi fhianáin agus fócas méadaithe an phobail le sonrú sa chúla faoi úsáid a leithéid de theicneolaíochtaí chun daoine aonair a rianú ar fud a gcuid gléasanna agus a gcuid gníomhaíochta ar líne go ginearálta.

I Mí Aibreáin, d'fhoilsigh an DPC treoir nua maidir le húsáid fhianán agus teicneolaíochtaí rianaithe. Táirgeadh sin tar éis scuabtha fhianán a cuireadh i gcrích maidir le 40 suíomh gréasáin idir Mí Lúnasa 2019 agus Mí na Nollag 2019. Foilsíodh tuairisc faoin gcleachtadh sin in éineacht leis an treoir.

Tugadh spriocdháta 6 mhí d'eagraíochtaí chun a gcuid suíomhanna gréasáin agus seirbhísí eile a úsáideann fianáin a thabhairt chun comhlíontachta. Le linn na tréimhse sin chuir an DPC feachtas leitheadach feasachta poiblí i gcrích maidir leis an treoir nua, ag tabhairt le fios go raibh sé i gceist aige tosú ar bhearta leantacha forfheidhmithe le linn Q4 de 2020.

Ag eascairt as a chuid fiosrúcháin fianán, ar 27 Samhain 2020, scríobh an DPC chuig 18 n-eagraíocht agus chuig dhá eagraíocht eile ar 14 Nollaig 2020, maidir le ceisteanna neamhchomhlíontachta ar a suíomhanna gréasáin, ag tabhairt rabhaidh faoi rún an DPC Fógraí Forfheidhmithe a eisiúint gan tuilleadh fógra a thabhairt, murar tugadh aghaidh ar na ceisteanna neamhchomhlíontachta seo laistigh de 14 lá. Bhí na litreacha seo éifeachtach maidir le roinnt eagraíochtaí a thabhairt go suntasach chun comhlíontachta nó chun comhlíontachta iomláine gan gá a bheith ann le haghaidh tuilleadh beart forfheidhmithe ag an DPC. Leanfaidh an DPC air, áfach, de bheith ag déanamh monatóireachta ar staid reatha na comhlíontachta ar bhonn leanúnach ag gach eagraíocht a ndearna an DPC teagmháil leo maidir lena n-úsáid fhianán.

Theip ar roinnt eagraíochtaí dóthain céimeanna leasúcháin a thógáil chun a suíomh gréasáin a thabhairt chun comhlíontachta laistigh den tréimhse 14 lá a bhí leagtha amach ag an DPC ina chuid litreacha dóibh. Dá thoradh sin, ar 21 Nollaig 2020, sheirbheáil an DPC Fógraí Forfheidhmiúcháin ar sheacht n-eagraíocht le haghaidh neamhchomhlíontachta. Eisíodh na fógraí de bhun Rialacháin 17(4) de na Rialacháin ePríobháideachais (I.R. 336/2011 do sháruithe Rialacháin 5, lena n-áirítear teip maidir le toiliú bailí a fháil d'úsáid fhianán agus teip maidir le heolas soiléir agus cuimsitheach a sholáthar faoi úsáid fhianán ar na suíomhanna gréasáin ábhartha.

Bhí sé suntasach freisin le linn 2020 gur thosaigh an DPC de bheith ag feiceáil níos mó gearán agus cúiseanna imní ón bpobal faoi úsáid fhianán agus teicneolaíochtaí rianaithe agus táthar ag súil leis go leanfar den treocht seo.

Leanfaidh fiosrúcháin agus forfheidhmiú sa réimse seo de bheith mar phríomheilimint de chuid ghníomhaíochtaí an DPC i 2021 agus níos déanaí.



7

Gnóthaí Dlí

Uimh.	Uimh. Thaifid	Teideal	Cineál bearta agus Ionad	Dáta an Bhreithiúnais/Ordú
1.	2018/4097	An tSeirbhís Cúirteanna v. DPC (Páirtí Fógra: PM)	Achomharc reachtúil An Chúirt Chuarda	6 Feabhra 2020
Toradh:			Stádas Reatha an Cháis:	
Trí chinneadh a bhfuil dáta 13 Meitheamh 2018 air, a rinneadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (Achtanna CS), mheas an Coimisinéir Cosanta Sonraí gur theip, trí fhoilsiú breithiúnais a d’aithin an Páirtí Fógra lena ainm, i gcúinsí ina raibh treoir tugtha ag an Ardchúirt níos luaithe nár chóir ainm an Pháirtí Fhógra a fhoilsiú, gur theip ar an tSeirbhís Cúirteanna (1) a dhualgas a chomhlíonadh maidir le bearta cuí slándála a dhéanamh in aghaidh nochtadh neamhúdaraíthe shonraí pearsanta an Pháirtí Fhógra, in aghaidh Ailt 2(1)(d) de na hAchtanna CS; (2) gur phróiseáil sí sonraí pearsanta an Pháirtí Fhógra (agus sonraí pearsanta íogaire) gan bunús dlí faoi Ailt 2A agus 2B de na hAchtanna CS. Trí bhreithiúnas a fógraíodh ar 6 Feabhra 2020, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda d’achomharc ag an tSeirbhís Cúirteanna, agus an tSeirbhís Cúirteanna tar éis orduithe a lorg chun an breithiúnas a chur ar leataobh chomh maith le cinneadh an DPC gur “rialaitheoir sonraí” a bhí sa tSeirbhís Cúirteanna do chuspóirí na nAchtanna CS. Chuir an Chúirt Chuarda srian, áfach, leis an tréimhse ama a bhí intagartha do shárúithe na Seirbhíse Cúirteanna Ailt 2A agus 2B de na hAchtanna CS go dtí an tréimhse 12 Bealtaine 2014 go 15 Bealtaine 2014. I dtaca leis an gCúirt, freisin, chuir sí ar leataobh cinneadh an DPC go raibh teipthe ar an tSeirbhís Cúirteanna a cuid dualgas (slándála) a chomhlíonadh faoi Ailt 2(1)(d) de na hAchtanna CS. Níor ordáíodh aon chostais idir an tSeirbhís Cúirteanna agus an DPC. Tugadh treoir don tSeirbhís Cúirteanna dhá thrían de chostais an Pháirtí Fhógra a íoc, agus an fuilleach le híos ag an DPC. Tabhair faoi deara go bhfanann na srianta tuairiscithe a cuireadh i bhfeidhm trí Ordú an Bhreithimh Linnane, dar dáta 26 Samhain 2018, maidir le céannacht an Pháirtí Fhógra, i bhfeidhm trí ordú na hArdchúirte.			Tá Breithiúnas agus Ordú na Cúirte Chuarda faoi réir ag achomharc don Ardchúirt faoi phointí áirithe dlí, achomharc atá déanta ag an tSeirbhís Cúirteanna. Ar leithligh, tá iarratas déanta ag an DPC chun Breithiúnas agus Ordú na Cúirte Chuarda a athrú sa mhéid gur cheadaigh an Chúirt Chuarda an t-achomharc maidir le hAilt 2(1)(d) de na hAchtanna CS agus gur fhorfheidhmigh sí srian ama ar shárú na Seirbhíse Cúirteanna Ailt 2A agus 2B. Tá an DPC ag déanamh achomhairc freisin in aghaidh orduithe na Cúirte Chuarda le haghaidh costas.	
2.	2019/211 CA	Doolin v: DPC (Páirtí Fógra: Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire)	Achomharc reachtúil An Ardchúirt	21 Feabhra 2020
Toradh:			Stádas Reatha an Cháis:	
Cheadaigh an Ardchúirt achomharc ar phointe dlí in aghaidh cinnidh níos luaithe na Cúirte Chuarda (1 Bealtaine 2019) inar sheas an Chúirt Chuarda lena seal le cinneadh reachtúil de chuid an Choimisinéara Chosanta Sonraí a rinneadh faoi Ailt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Mheas an Ardchúirt nárbh fhéidir cinneadh a rinneadh ag an gCúirt Chuarda ag cur in iúl gurbh ionann úsáid ábhair a baineadh as scannánaíocht CCTV i gcomhthéacs éisteachta smachtaithe agus próiseáil do chuspóirí slándála, nárbh fhéidir an cinneadh sin a cheadú bunaithe ar an bhfianaise. Dá réir sin, bhí earráid dlí déanta ag an DPC nuair a mheas sé nach ndearnadh aon phróiseáil bhreise ar shonraí pearsanta an larratasóra nuair a úsáideadh ábhar a baineadh as an scannánaíocht faoi thrácht ag fostóir an larratasóra le linn éisteachta smachtaithe, ós rud é go bhfuarthas a leithéid d’ábhar do chuspóir difriúil, .i. cuspóir a bhain le cúrsaí slándála.			Tá Breithiúnas agus Ordú na hArdchúirte faoi réir ag achomharc breise don Chúirt Achomhairc; tá an t-achomharc sin liostaithe le haghaidh éisteachta ar 26 Meitheamh 2021.	

Uimh.	Uimh. Thaifid	Teideal	Cineál bearta agus Ionad	Dáta an Bhreithiúnais/Ordú
3.	2019/564 JR	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialta v. DPC	Athbhreithniú Breithiúnach An Ardchúirt	3 Márta 2020 (Ordú Deiridh)
Toradh: Tar éis toilithe, chuir an Ardchúirt cinneadh de chuid an DPC ar neamhní ar 5 Meitheamh 2019, cinneadh mar a raibh an DPC tar éis seasamh le gearán a rinneadh ag duine ainmnithe maidir le dlíthiúlacht phróiseáil na Roinne shonraí pearsanta a bhaineann le híocaíochtaí sochair linbh.			Stádas Reatha an Cháis: Imeachtaí tugtha chun críche.	
4.	2019/5078	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialta v. DPC	Achomharc reachtúil Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath	5 Márta 2020 (Ordú Deiridh)
Toradh: Tar éis toilithe, caitheadh amach achomharc a thug an Roinn in aghaidh cinnidh de chuid an DPC a rinneadh ar 5 Meitheamh 2019 [an cinneadh céanna a ndéantar tagairt dó thuas], gan aon ordú le haghaidh costas, i gcúinsí inar cuireadh ar neamhní, de bhun imeachtaí ar leith athbhreithnithe bhreithiúnaigh a tugadh ag an Roinn, an cinneadh faoi thrácht ag ordú a rinneadh ag an Ardchúirt, tar éis toilithe, ar 3 Márta 2020 (féach an iontráil ag mír 3 thuas).			Stádas Reatha an Cháis: Imeachtaí scortha.	
5.	2020/305 JR	Consumentenbond & daoine eile v. DPC	Athbhreithniú Breithiúnach An Ardchúirt	29 Meitheamh 2020 (Ordú Deiridh)
Toradh: Ar 1 Bealtaine 2020, rinne na hlarratasóirí iarratas don Ardchúirt trí mheán athbhreithnithe bhreithiúnaigh chun orduithe áirithe a lorg maidir leis an gcur i gcrích ar fhiosrúchán leanúnach reachtúil a bhfuil an DPC ag tabhairt faoi i dtaca le próiseáil sonraí suímh ag Google. Agus téarmaí áirithe aontaithe idir na páirtithe, caitheadh na himeachtaí amach, tar éis toilithe, ar 29 Meitheamh 2020. Ní dhearnadh aon ordú le haghaidh costas.			Stádas Reatha an Cháis: Imeachtaí scortha.	
6.	2018/139	Nowak v. DPC (Páirtí Fógra: PWC)	Achomharc reachtúil An Chúirt Achomhairc	1 Iúil 2020 (Breithiúnas Scríofa)
Toradh: Sheachad an Chúirt Achomhairc breithiúnas scríofa ar 1 Iúil 2020 , ag diúltú achomhairc ag an Uas. Nowak in aghaidh breithiúnais a rinne an Ardchúirt níos luaithe ina raibh an Ardchúirt tar éis seasamh le cinneadh de chuid an DPC ag cur in iúl nach raibh sonraí pearsanta a bhain leis an Uas. Nowak le fáil i meabhráin áirithe a bhí á gcoinneáil ag PWC, agus mar sin de nach raibh an tUas. Nowak i dteideal ceart rochtana ar na rudáí céanna a chleachtadh. Tar éis a bhreithiúnais, sheachad an Chúirt Achomhairc rialú scríofa ar 27 Iúil 2020 faoi cheist na gcostas, ag meas go bhfuil ar an Uas. Nowak íoc as costais achomhairc an DPC os comhair na Cúirte Achomhairc agus freisin as costais na gcúirteanna faoina bun sin. Ar leithligh, rinne an tUasal Nowak iarratas don Chúirt Uachtarach le haghaidh cead chun achomharc breise a thabhairt don Chúirt sin. Diúltaíodh an t-iarratas sin ag cinneadh scríofa a rinneadh ag an gCúirt Uachtarach ar 16 Nollaig 2020 .			Stádas Reatha an Cháis: Imeachtaí tugtha chun críche.	

Uimh.	Uimh. Thaifid	Teideal	Cineál bearta agus Ionad	Dáta an Bhreithiúnais/Ordú
7.	2018/140	Nowak v. DPC (Páirtí Fógra: Cuntasóirí Cairte na hÉireann)	Achomharc reachtúil An Chúirt Achomhairc	1 Iúil 2020 (Breithiúnas Scríofa)

Toradh:

Sheachad an Chúirt Achomhairc breithiúnas scríofa ar **1 Iúil 2020**, ag diúltú achomhairc ag an Uas. Nowak in aghaidh breithiúnais a rinne an Ardchúirt níos luaithe ina raibh an Ardchúirt tar éis seasamh le cinneadh de chuid an DPC ag cur in iúl, i gcomhthéacs iarratais duine ar a shonraí, go raibh an tUas. Nowak i dteideal cóip a fháil dá chuid sonraí pearsanta amháin, tar éis don Uas. Nowak maíomh go raibh sé i dteideal teacht a bheith aige ar a chuid sonraí pearsanta ina bunfhoirm, is é sin ina foirm lom.

Tar éis a breithiúnais, sheachad an Chúirt Achomhairc rialú scríofa ar **27 Iúil 2020** faoi cheist na gcostas, ag meas go bhfuil ar an Uas. Nowak íoc as costais achomhairc an DPC os comhair na Cúirte Achomhairc. Ní dhearnadh aon ordú maidir le costais na gcúirteanna thíos.

Ar leithligh, rinne an tUasal Nowak iarratas don Chúirt Uachtarach le haghaidh cead chun achomharc breise a thabhairt don Chúirt sin. Diúltaíodh an t-iarratas sin ag cinneadh scríofa a rinneadh ag an gCúirt Uachtarach ar **16 Nollaig 2020**.

Stádas Reatha an Cháis:

Imeachtaí tugtha chun críche.

8.	C-311/18	DPC v. Facebook Ireland Limited & Schrems	Réamhatreorú ó Ardchúirt na hÉireann CJEU	16 Iúil 2020 (Breithiúnas scríofa)
----	----------	--	---	---------------------------------------

Toradh:

Sheachad Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas ar 16 Iúil 2020, inar thug sí aghaidh ar 11 cheist a cuireadh ag Ardchúirt na hÉireann i gcomhthéacs réamhatreoraithe a rinneadh ar 4 Bealtaine 2018.

Mar achoimre, sheas an CJEU le bailíocht chinneadh de chuid Choimisiún an AE ag corprú “na gclásal conarthach caighdeánach” trínar féidir sonraí pearsanta a aistriú go dlíthiúil ón AE/LEE chuig tríú tír nár glacadh le cinneadh leordhóthanachta fúithi ag Coimisiún an AE.

Is tábhachtach a rá go ndeachaigh an CJEU ar aghaidh le soiléiriú a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid na ndualgas a bhfuil easpórtálaithe sonraí agus údaráis mhaoirseachta faoi réir acu in aon chás mar a mbítear ag brath ar CCU chun aistrithe sonraí chuig tríú tír a dhlísteaí, agus é i gceist cinntiú go dtugtar, i dtéarmaí cosaintí cuí, ceart infheidhmithe agus réiteach éifeachtach dlí, leibhéal cosanta d’ábhair shonraí a n-aistrítear a gcuid sonraí chuig tríú tír atá comhionann, go bunúsach, leis an leibhéal sin a ráthaítear laistigh den AE ag an GDPR, agus an Chairt á cur san áireamh.

Tar éis cinntiú áirithe a dhéanamh a bhfuil feidhm ghinearálta ag baint leo maidir le leordhóthanacht na cosanta a sholáthraítear do shaoránaigh de chuid an AE sna Stáit Aontaithe, rialaigh an CJEU freisin go raibh cinneadh Choimisiún an AE, ag glacadh leis do na socruithe “Sciath Phríobháideachais” d’áistrithe sonraí do SAM, go raibh sin neamhbhaillí.

Tabhair faoi deara go raibh ceist na gcostas sna bunimeachtaí faoi réir ag rialú ar leith ag an Ardchúirt a rinneadh ar 28 Deireadh Fómhair 2020; tagraítear dó sin ag mír 12 thíos.

Féach cur síos mionsonraithe ar na himeachtaí seo in Aguisín V.

Stádas Reatha an Cháis:

Imeachtaí tugtha chun críche.

Uimh.	Uimh. Thaifid	Teideal	Cineál bearta agus Ionad	Dáta an Bhreithiúnais/Ordú
9.	2020/5	Scott v. DPC	Achomharc in aghaidh ordaithe a rinneadh in athbhreithniú breithiúnach An Chúirt Achomhairc	31 Iúil 2020 (Ordú Deiridh)

Toradh:

Trí bhreithiúnas scríofa ó 5 Nollaig 2019, chaith an Ardchúirt amach imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a tugadh ag Ms Scott faoi Thaifead na hArdchúirte Uimh. 2019/95 JR. Caitheadh na himeachtaí amach ar chúiseanna bréagchúirte, ar iarratas an DPC, tar éis don DPC cinntí a sheachadadh níos luaithe maidir le gearáin áirithe a rinneadh ag an Iarratasóir. (Ina cuid imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnais, bhí orduithe iarrtha ag Ms Scott ag déanamh riachtanach seachadadh chinntí maidir lena cuid gearán.)

Ar 3 Eanáir 2020, rinne Ms Scott achomharc in aghaidh Bhreithiúnas agus Ordú na hArdchúirte.

I ndeireadh na dála, d'áontaigh Ms Scott an t-achomharc sin a tharraingt siar. Caitheadh amach é in am trátha, tar éis toilithe, ar 31 Iúil 2020.

Tabhair faoi deara go bhfuil ceann den dá chinneadh a seachadadh ag an DPC a dtagraítear dó thuas faoi réir faoi láthair ag achomharc reachtúil (ar leith) a tugadh ag Ms Scott i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath. Níor tosaíodh éisteacht an achomhairc sin fós.

Stádas Reatha an Cháis:

Imeachtaí tugtha chun críche.

10.	2020/00172	Comhairle Contae Chiarraí v. DPC	Achomharc reachtúil Cúirt Chuarda Chiarraí	10 Meán Fómhair 2020 (Ordú Deiridh)
-----	------------	---	--	-------------------------------------

Toradh:

Tarraingíodh siar achomharc a tugadh ag Comhairle Contae Chiarraí in aghaidh chinneadh de chuid an Choimisiúin a rinneadh ar 3 Márta 2020 tar éis fiosrúcháin faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 (a bhaineann le húsáid CCTV ag an gComhairle i gcomhthéacsanna áirithe), tarraingíodh siar sular éist an chúirt leis. Ní dhearnadh aon ordú le haghaidh costas.

Stádas Reatha an Cháis:

Achomharc scortha.

11.	2017/464 CA 2017/459 CA	Grant Thornton Corporate Finance v. Scanlan	Achomharc in aghaidh ordaithe a rinneadh i ngníomh iomlánach An Chúirt Achomhairc / An Chúirt Uachtarach	28 Meán Fómhair 2020 (Ordú Deiridh)
-----	----------------------------	--	--	-------------------------------------

Toradh:

Ar 31 Deireadh Fómhair 2019, dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc achomharc ag an gCosantóir, Ms Scanlan, in aghaidh ordaithe a rinne an Ardchúirt níos luaithe ag diúltú iarratas idirbhreitheach Ms Scanlan chun an DPC a cheangal leis na himeachtaí seo. (Baineann na himeachtaí le diúltú Ms Scanlan céimeanna áirithe a thógáil maidir le heolas a fuair sí ó Grant Thornton a bhaineann le tríú páirtithe inaitheanta.)

Diúltaíodh an t-iarratas a rinne Ms Scanlan ina dhiaidh sin chun cead a fháil chun achomharc breise a thabhairt chuig an gCúirt Uachtarach, diúltaíodh sin ag an gCúirt Uachtarach trí chinneadh scríofa a rinneadh ar 31 Meán Fómhair 2020.

Stádas Reatha an Cháis:

Imeachtaí tugtha chun críche.

Uimh.	Uimh. Thaifid	Teideal	Cineál bearta agus Ionad	Dáta an Bhreithiúnais/Ordú
12.	2019/718 JR	Scott v. DPC	Athbhreithniú breithiúnach An Ardchúirt	13 Deireadh Fómhair 2020 (Ordú Deiridh)

Toradh:

Trí Ordú ó 13 Deireadh Fómhair 2020, a rinneadh le toiliú na bpáirtithe, chaith an Ardchúirt amach imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a tugadh ag Ms Scott faoi Thaifead Ardchúirte Uimh. 2019/718 JR, tar éis don DPC cinneadh a sheachadadh níos luaithe maidir le gearán ar leith a rinneadh ag an Iarratasóir. (Ina cuid imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, d'íarr Ms Scott ordú a dhéanfadh riachtanach seachadadh an chinnidh faoi thrácht).

Bronnadh na costais ar Ms Scott.

Tá an cinneadh a seachadadh ag an DPC faoi réir faoi láthair ag achomharc reachtúil (ar leith) a tugadh ag Ms Scott i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath. Níor tosaíodh éisteacht an achomhairc sin fós.

Stádas Reatha an Cháis:

Imeachtaí tugtha chun críche.

13.	2016/4809P	DPC v. Facebook Ireland Limited & Schrems	Gníomh iomlánach ag iarraidh réamhatreoraithe don CJEU An Ardchúirt	28 Deireadh Fómhair 2020 (Rialú scríofa)
-----	------------	--	---	--

Toradh:

Tar éis aighneachtaí scríofa agus béil ag na páirtithe, rinne an Ardchúirt rialú ar 28 Deireadh Fómhair 2020, ag tabhairt treorach don DPC costais an Uas. Schrems a íoc do na himeachtaí san Ardchúirt agus sa CJEU.

Dhiúltaigh an Ard-Chúirt iarratas an Choimisiúin Cosanta Sonraí ar ordú chun a ordú ar Facebook costais an Choimisiúin Cosanta Sonraí a íoc agus an fhreagracht a ghlacadh as an costais sin faoi mar gur ordaíodh don Choimisiún Cosanta Sonraí an tUasal Schrems a íoc.

Stádas Reatha an Cháis:

Níor tugadh an t-ordú deiridh chun críocha fós agus mar sin ní dheachaigh an tréimhse ama chun an t-achomharc (más ann dó) a thionscnamh in éag.

14.	2020/02845	An Coimisiún Cosanta Sonraí i leith Tusla/an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	Iarratas reachtúil Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath	4 Samhain 2020 (Ordú Deiridh)
-----	------------	---	---	-------------------------------

Toradh:

Ar iarratas an Choimisiúin Cosanta Sonraí, rinne an Chúirt Chuarda ordú de bhun alt 143(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018, inar dearbhaíodh fíneáil riaracháin a thobhaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí ar Tusla (suim €75,000) de bhun chinneadh an Choimisiúin Cosanta Sonraí arna dhátú an 7 Aibreán 2020 i ndiaidh fiosrúcháin a rinneadh faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018. Dámhadh costais don Choimisiún Cosanta Sonraí chomh maith.

Stádas Reatha an Cháis:

Iarratas curtha i gcrích.

8

Maoirseacht

Le rannpháirtíocht le heagraíochtaí na earnála poiblí agus na hearnála príobháidí, lucht déanta beartas agus reachtóirí is féidir leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí tuiscint a fháil ar na bealaí a ndéanann rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí pearsanta a phróiseáil, agus cuirtear ar chumas an Choimisiúin Cosanta Sonraí ábhair imní faoi chosaint sonraí pearsanta a shainaithint go réamhghníomhach agus, i gcás táirgí nó seirbhísí úra, a chinntiú go bhfuil na heagraíochtaí ar an eolas faoina n-oibleagáidí um chomhlíonadh agus fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn sula dtosófar ag próiseáil na sonraí pearsanta.

Is é is aidhm leis an rannpháirtíocht mhaoirseachta treoir a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus chun ceangal go réamhghníomhach mar rialtóir ag a bhfuil láithreacht infheicthe, ag cinntiú go seasfar le cearta um chosaint úsáideoirí seirbhíse. Ar an tslí sin, tacaíonn an Coimisiún Cosanta Sonraí le cearta daoine aonair trí sháruithe féideartha a mhaolú sula dtarlaíonn siad. Tá feidhm na Maoirseachta ina cuid thábhachtach den chreat rialála, mar trína chinntiú go gcuirfear an dea-chleachtas i bhfeidhm ag céimeanna pleanála tionscadail bainfear torthaí níos fearr amach d'ábhair shonraí agus ní bheidh a oiread gá ann le gníomhaíocht ex-post atá dian ó thaobh acmhainní de don Choimisiún Cosanta Sonraí.

Fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí 724 iarratas ar chomhairliúchán le linn 2020. Is é seo a leanas miondealú earnála:

	#	%
An Earnáil Phríobháideach	413	57%
An Earnáil Phoiblí	191	26%
An Earnáil Sláinte	89	13%
An Earnáil Dheonach/Charthanachta	23	3%
An Earnáil um Fhorfheidhmiú Dlí	8	1%
Iomlán	724	

An Earnáil Sláinte

Chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí tús leis an mbliain trí fhreastal ar ócáidí i roinnt ospidéal mhóra, ag obair le hOifigigh Cosanta Sonraí chun comhairle agus treoir phraiticiúil a thabhairt do bhaill foirne cúraim sláinte ar an líne thosaigh. Cé gur cuireadh srian leis an obair fhor-rochtana sin mar gheall ar phaindéim Covid-19, tá sé beartaithe tús a chur leis an gclár an-rathúil seo a arís nuair is féidir in 2021.

Covid-19

Bhí 2020 ina bhliain neamhghnách agus dhúshlánach mar gheall ar phaindéim Covid-19. Bhí an Coimisiún Cosanta Sonraí páirteach ó luathchéim in obair chun cuidiú le heagraíochtaí tuiscint a fháil ar na himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann leis an gcuid mhór beart ar iarradh orthu tabhairt fúthu chun dul i ngleic le scaipeadh an víris. D'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí chomh maith le Ranna Rialtais lena chinntiú go raibh cosaint sonraí á cur san áireamh go cuí i bhforbairt beartas poiblí agus reachtaíochta i gcomhthéacs na paindéime.

D'fhoilsigh an Coimisiún Cosanta Sonraí treoir agus blúirí blag ar réimse topaicí a raibh tionchar ag Covid-19 orthu, lena n-áirítear Sonraí Custaiméirí a Phróiseáil lena n-áirítear Rialú Teagmhálaithe Covid-19, na hImpleachtaí Cosanta Sonraí maidir leis an bPrótacal um Fhilleadh go Sábháilte ar an Obair, agus Sonraí Pearsanta a Chosaint agus Cianobair á Déanamh.

Sna réimsí maidir le beartas agus reachtaíocht na sláinte poiblí, d'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí leis an Rialtas i ndáil le réimsí amhail Prótacal náisiúnta um Fhilleadh go Sábháilte ar an Obair agus Foirm um Aimsitheoir Paisinéirí Covid-19. D'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí leis an FSS chomh maith maidir leis na himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann le teagmhálaithe a rianú.

I bhfianaise chineál domhanda phaindéim Covid-19, d'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun cuidiú a thabhairt le dul i ngleic leis na himpleachtaí cosanta sonraí ar bhealach comhsheasmhach. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht in obair an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, ag glacadh ballraíochta ar thascfhórsa Covid an Tionóil Príobháideachta Dhomhanda, agus ag obair go díreach le comhghleacaithe ag Oifig Choimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe. Leanfaidh an Coimisiún Cosanta Sonraí ag obair le comhpháirtithe domhanda in 2021 lena chinntiú go dtabharfaimid comhairle cruinn faoin dea-chleachtas d'eagraíochtaí in Éirinn, ag breathnú go háirithe ar phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le vacsaíní agus cláir vacsaínithe.

Aip Rianaithe Teagmhálaithe Covid19

Ag céim luath i scaipeadh domhanda víreas Covid-19, aithníodh ar bhonn idirnáisiúnta go mb'fhéidir go bhféadfaí úsáid a bhaint as aipeanna fón póca chun cuidiú le hiarrachtaí rianaithe teagmhálaithe. I mí an Mhárta 2020, chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí tús le

rannpháirtíocht chomhairleach le páirtithe leasmhara an Rialtais maidir leis an bhféidearthacht go bhforbrófaí aip náisiúnta rianaithe teagmhálaithe. Chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí béim ar na dúshláin shuntasacha maidir le cosaint sonraí a thiocfadh chun cinn ó aon úsáid as sonraí suímh, go háirithe, agus ar an ngá a bhí ann don Rialtas ábhair imní faoi chosaint sonraí a chorprú ag an gcéim is luaithe den tionscadal.

I gcomhthráth le plé le páirtithe leasmhara thionscadal náisiúnta na haipse, bhí an Coimisiún Cosanta Sonraí páirteach i dtaighde agus i bplé le comhghleacaithe idirnáisiúnta chomh maith chun tuiscint níos iomláine a fháil ar impleachtaí cosanta sonraí an réitigh theicneolaíoch sin a bhí ag teacht chun cinn agus a bhí á fhorbairt go gasta. Áiríodh leis sin teagmháil a dhéanamh le Google agus le Apple, comhfhorbairí an Chórais Fógra Nochta Bluetooth-bhunaithe ar a mbeadh aip na hÉireann bunaithe.

Chríochnaigh an chéad chéim den phróiseas comhairleach ar an aip le soláthar grinnthuarascála ón gCoimisiún Cosanta Sonraí maidir le Measúnú um Thionchar ar Chosaint Sonraí (DPIA) le haghaidh aip Rianaire Covid na hÉireann. Agus scrúdú á dhéanamh ar an DPIA sin, ba mhian leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí a chinntiú sula ndéanfaí aip a sheoladh lena húsáid ag pobal na hÉireann, go ndéanfaí measúnú imleor ar gach riosca ar chosaint sonraí agus go gcuirfí san áireamh iad. Rinneadh an DPIA a mheasúnú i bhfianaise threoir fhoilsithe an EDPB maidir le húsáid sonraí suímh agus uirlisí rianaithe teagmhálaithe. Ar mhaithe le trédhearcacht, molann an Coimisiún Cosanta Sonraí go ndéanfaí an DPIA agus na doiciméid choimhdeacha ar fad a fhoilsiú chun mionscrúdú poiblí iomlán a éascú.

I ndiaidh sheoladh aip Rianaire Covid na hÉireann, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí ag obair leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara eile maidir le hidir-in-oibritheachta aipe trasteorann a chur chun feidhme agus maidir le monatóireacht ar chur i bhfeidhm na gcosaintí chun na sonraí pearsanta a bpróiseáiltear a chosaint.

Géanómaíocht

In 2020, mar chuid dá chuid oibre le hearnáil an taighde sláinte, ghlac an Coimisiún Cosanta Sonraí páirt i gcleachtadh maoirseachta le Genuity Science (Ireland) Ltd, chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta um chomhlíonadh cosanta sonraí na cuideachta agus nuair ba ghá a lorg go ndéanfaidh gníomh leighis. Áiríodh leis sin féachaint ar chórais le haghaidh bainistíocht toilithe agus astarraingt toilithe ag rannpháirtithe taighde, chomh maith leis na coinníollacha maidir le rochtain tríú páirtí ar shonraí taighde a shoiléiriú. In 2021, leanfaidh an Coimisiún Cosanta Sonraí leis an rannpháirtíocht sin, ag lorg go gcuirfear moltaí a chuirfear ar aghaidh ina chéad chéim chun feidhme.

Sa réimse géanómaíochta atá ag fás, agus in eolaíocht na beatha i gcoitinne, glacann an Coimisiún Cosanta Sonraí ról réamhghníomhach ag obair leis an tionscal agus le taighdeoirí lena chinntiú go soláthrófar torthaí cúraim sláinte tábhachtacha ar bhealach a n-urramaítear cearta

um chosaint sonraí daoine aonair. Mar chuid den straitéis sin, d'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí chomh maith le grúpa tionscail sna réimsí maidir le feistí leighis, agus teiripe ceall agus géinte, agus d'oibrigh sé lenár gcomhghleacaithe Eorpacha ar cheisteanna maidir le cur i bhfeidhm an RGCS ar thaighde eolaíochta.

An Earnáil Phoiblí

Chomh maith le rannpháirtíocht leis an Rialtas agus le comhlachtaí poiblí ar chúrsaí maidir le Covid-19, sholáthair an Coimisiún Cosanta Sonraí treoir ar réimse de bhearta reachtacha agus beartais poiblí in 2020. Ó tugadh isteach an RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, d'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí chun caidreamh a chothú le príomhchinnteoirí i gcomhlachtaí poiblí chun rannpháirtíocht luath ar thograí reachtacha agus ar thionscnaimh bheartais a éascú agus leanadh leis sin in 2020. Agus an bhéim á cur ar bhuarthaí maidir le cosaint sonraí cinntítear go ndéanfar prionsabal na cosanta sonraí trí dhearadh a urramú agus go bhfuil sé ar mhaithe le seasamh le cearta um chosaint sonraí shaoránaigh na hÉireann.

Samplaí de chomhairliúcháin reachtacha:

- Na Rialacháin fán an Acht Sláinte 1947 (Alt 31A — Ceanglais Shealadacha) (Foirm um Aimsitheoir Paisinéirí Covid-19) 2020.
- Na Rialacháin fán an Acht Sláinte 1947 (Alt 31A — Srianta Sealadacha) (Covid-19) (Uimh. 4) 2020.
- An Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) (Leasú) (Uimh. 8) 2020
- An tAcht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020
- Trasuíomh Threoir (AE) 2019/770 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar
- Bille an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach) — Scéim Ghinearálta
- An Bille um Chaomhnú agus Aistriú Taifead Sonraithe de chuid an Choimisiúin Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Áirithe Gaolmhara)
- An Bille um Choimisiún Ardoideachais 2020
- Trasuíomh ar an 5ú Treoir AML agus cruthú clár úinéireachta tairbhiúla le haghaidh (a) lontaobhais (b) Cuntais Bainc (c) Feithiclí Infheistíochta agus comhair chreidmheasa
- An Bille Airgeadais — Bailiú idirbheart cártaí creidmheasa comhiomlána na gCoimisinéirí Ioncaim ó institiúidí Airgeadais maidir le bailiú CBL ó mhiondíoltóirí ar líne
- Trasuíomh Threoir 2018/1972 in Éirinn lena mbuinaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach
- An Bille um Adhlacthaí Institiúideacha Áirithe (Idirghabhálacha Údaraithe)

Samplaí de Chomhairliúcháin Neamhreachtacha

- Cuir i gcrích Ardteistiméireacht 2020 agus Córais Grád Ríofa i gcomhthéacs Covid-19

- Tionscnaimh éagsúla maidir le sonraí seirbhíse poiblí faoi stiúir OGCIÓ lena n-áirítear Catalóg um Shonraí Seirbhíse Poiblí agus Bord Rialachais na Sonraí Seirbhíse Poiblí
- Soláthar ar líne na tástála náisiúnta teoirice tiománaí
- Comhroinnt sonraí idir an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF) agus an Garda Síochána
- Cuir i gcrích Dhaonáireamh 2021 ag CSO
- Tionscadal Voter.ie, arna riar ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath thar ceann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Fhine Gall, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- Forbairt bunachair sonraí náisiúnta maidir le Dlíteanas Tríú Páirtithe
- Próiseáil sonraí comhionannais ag comhlachtaí na hearnála poiblí chun críocha staidrimh
- Córas Bainistíochta tionóntachta an Bhoird um Thi-onóntachtaí Cónaithe
- Próiseáil sonraí pearsanta ag Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí ar Fhorbairtí Ilaonad, leis an nGníomhaireacht Tithíochta
- Comhairliúchán ilgheallsealbhóirí ar mhéadrú cliste leictreachais
- Úsáid drón i bhforfheidhmiú dramhaíola ag Údarás Áitiúla

Ardteistiméireacht 2020

Rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí teagmháil go réamhghníomhach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir lena phleananna le haghaidh Ardteistiméireacht athbhreithnithe do 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19. Ba é an fócas inár gcomhairliúchán leis an Roinn a chinntiú go ndearnadh measúnú cuí ar an Ardteistiméireacht athbhreithnithe ó thaobh cosaint sonraí pearsanta de agus go raibh próiseáil na sonraí cóir, dleathach agus go ndearnadh í ar bhealach trédhearcach i ngach céim den phróiseas. Chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí béim faoi leith ar a chinntiú go mbeadh trédhearcacht iomlán ann do na daltaí agus do pháirtithe seachtracha maidir le ríomh na ngrád agus maidir leis an bpróiseas um caighdeánú, agus go ndeachaigh an Roinn i ngleic go sásúil le ceisteanna a bhain le rochtain dalta ar a rangú ranga. Cé go n-aithníonn an Coimisiún Cosanta Sonraí gur tháinig deacrachtaí chun cinn i dtaca le hearráid leis an algartam a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar na gráid a ríomhadh, bhí sé sásta gur chomhlíon an Roinn a hoibleagáidí ó thaobh cosaint sonraí de. Mar gheall gur chuir an Roinn faisnéis mhionsonraithe ar fáil i ndáil leis an bpróiseáil agus leis an dóigh a ndearnadh na gráid a ríomh, bhí daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí ábalta cruinneas na ngrád ríofa deiridh a mheasúnú agus a cheistiú. De dheasca faisnéis dhóthanach agus mionscrúdaithe ina dhiaidh sin ag an bpróiseálaí ar deireadh sainaithníodh an earráid ar tugadh go leor poiblí di san algartam agus mar gheall air sin fuair os cionn 6,000 dalta torthaí uasghrádaithe. Tugtar chun suntais leis sin an ról a d'fhéadfadh a bheith ag trédhearcacht i gcomhthéacs prionsabail na cothroime

a chomhlíonadh agus i gcomhthéacs bheith ábalta measúnú a dhéanamh ar chruinneas na próiseála.

Earnáil Airgeadais agus Phríobháideach

Ceanglais maidir le Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta

Is ceist dhúshlánach iad fós na ceanglais faoi na dlíthe maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta (AML) do rialaitheoirí maidir le sonraí pearsanta a gcustaiméirí a phróiseáil, trí chur chuige réasúnta bunaithe ar riosca, chun AML a bhrath nó a chosc. Le linn 2020, d'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí le OCSanna san earnáil airgeadais maidir le hábhair imní sna réimsí seo a leanas:

- Bailiú iomarcach sonraí custaiméirí i gcás nach ceanglas ábhartha nó riachtanach é faoi na dlíthe AML;
- Próiseáil iomarcach de shonraí airgeadais custaiméirí i gcás nach raibh amhras ar bith ann faoi ghníomhaíocht neamhdhleathach agus nach raibh gá le bearta feabhsaithe díchill chuí a dhéanamh; agus
- Próifiliú uathoibríthe iomarcach bunachar sonraí custaiméirí agus liostaí faire gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin.

Cuideachtaí a phróiseálann méideanna suntasacha sonraí custaiméirí le haghaidh comhlíonadh AML ar chóir go mbeadh DPIA curtha i gcrích acu a ndearnadh measúnú ar na riosca do dhaoine aonair i ndáil leis na bearta agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le haghaidh próiseáil AML.

Bunachair shonraí úra le haghaidh úinéireacht Thairbhiúil AML faoin 4ú agus 5ú Treoracha maidir le Frithsciúradh Airgid

Le linn 2020 ghlac an Coimisiún Cosanta Sonraí páirt i gcomhairliúchán fairsing maidir le bunú na mbunachar sonraí seo a leanas:

- An Cláraitheoir um Úinéireacht Thairbhiúil Cuideachtaí agus Cumann Tionscail agus Coigiltis. Le hIonstraim Reachtúil Uimh. 110/2019 ceanglaítear ar gach eintiteas corparáideach agus dlíthiúil faisnéis chruinn agus reatha maidir lena n-úinéir tairbhiúil (úinéirí tairbhiúla) a chur isteach;
- Féachtar le Clár um Úinéireacht Thairbhiúil an Bhainc Cheannais Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a dhíspreagadh agus chun iad siúd a fhéachann lena n-úinéireacht agus rialú ar eintitis chorparáideacha nó dlíthiúla a cheilt a shainaithint trína chinntiú go ndéanfar úinéirí/rialaitheoirí ar deireadh ICAVanna, Comhair Chreidmheasa, Iontaobhas Aonad a shainaithint; agus
- An Clár um Úinéireacht Thairbhiúil Iontaobhas. Tá an dréacht-reachtaíocht á hullmhú ag an Roinn Airgeadais.

Méadrú Cliste

In 2020 lean an Coimisiún Cosanta Sonraí ag obair leis na páirtithe leasmhara a bhí páirteach i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm chlár um Méadrú Cliste na hÉireann. Go sonrach, thacaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí leis an ngá le níos mó trédhearcachta don phobal agus do pháirtithe leasmhara ar an dóigh a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar chosaint sonraí pearsanta agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun deireadh a chur le riosca ar bith do shonraí pearsanta daoine aonair nó an riosca sin a laghdú. Cuireann an Coimisiún Cosanta Sonraí fáilte roimh na céimeanna chun feabhas a chur ar an trédhearcacht lena n-áirítear foilsiú DPIAnna ag Líonraí BSL agus ábhair threoracha nuashonraithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU).

Suirbhéireacht Fintech

Le linn na céad ráithe in 2020, d'iarr an Coimisiún Cosanta Sonraí ar chuideachtaí san earnáil Fintech atá ag fás in Éirinn páirt a ghlacadh i suirbhé ar chosaint sonraí. Eisíodh ceisteanna chuig rialaitheoirí agus próiseálaithe inar clúdaíodh topaicí amhail Bonn Dleathach, Cuntasaíocht, Aistrithe Idirnáisiúnta agus Ceart um Chosaint Sonraí Daoine Aonair. Cé gur tugadh deis leis an suirbhé don Choimisiún Cosanta Sonraí tuiscint a fháil ar leibhéal na cosanta sonraí laistigh den tionscal, cuireadh na heagraíochtaí ar an eolas chomh maith leis faoi infhaighteacht an Choimisiúin Cosanta Sonraí chun cuidiú a thabhairt i gcáil chomhairleach ar cheann ar bith de na ceisteanna a cuireadh.

Áirítear ar chuid de na torthaí ón suirbhé:

- D'éiligh 95% de na freagróirí gur chuir siad oiliúint ar na fostaithe faoi na ceanglais um chosaint sonraí;
- Bhain 66% leas as seirbhís Oifigigh Cosanta Sonraí agus níor chláraigh ach 33% díobh Oifigeach Cosanta Sonraí leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí;
- D'éiligh 33% de na freagróirí go ndearna siad Measúnú Tionchair um Chosaint Sonraí maidir lena bpróiseáil sonraí pearsanta agus d'éiligh na freagróirí ar fad gur smaoinigh siad ar aon chosaint sonraí trí dheardh nó mar réamhshocrú ina bpróiseáil nó ina gcórais teicneolaíochta;
- Aistríonn 40% díobh sonraí pearsanta lasmuigh den LEE; agus
- Bailíonn 66% de na rialaitheoir sonraí pearsanta ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí amhail an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó Liostaí de Mhainnitheoirí Cánach agus ní úsáideann ach níos lú ná duine amháin acu as ceathrar foilseacháin na meán sóisialta nó nuachtáin chun sonraí pearsanta neamhanailíseacha a bhailiú.

TikTok Ireland agus an Phríomháit Ghnó

Le linn 2020, rinneadh iniúchadh ar dhearbhuí TikTok Ireland maidir lena phríomháit ghnó in Éirinn chun leas a bhaint as aonad ilfhreastail an RGCS. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé acu ar chomhlíon TikTok Ireland critéir oibiachtúla maidir leis an bpríomháit ghnó, rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí athbhreithniú ar na doiciméid mhionsonraithe agus na freagairtí a sholáthair TikTok inar leagadh amach na bearta dlíthiúla, riaracháin, rialachais agus bearta eile a cuireadh chun feidhme. Breithníodh ceist na príomháite gnó faoi lionsa Airteagal 4(16) den RGCS, Réamhaithris 36 den RGCS agus Treoirlínte an EDPB maidir le príomhúdaráis maoirseachta rialaitheora nó próiseálaí a shainaithint.

Is iad seo cuid de na príomhcheistean a breithníodh:

- Ar cuireadh “síniú” deiridh le cinntí faoi chuspóirí agus faoi mhodhanna na próiseála?
- An ndearnadh cinntí faoi ghníomhaíochtaí gnó a bhaineann le próiseáil sonraí?
- Cé aige a bhfuil an chumhacht chun cinntí a chur chun feidhme go héifeachtúil?
- Cá bhfuil an Stiúrthóir (nó na Stiúrthóirí) ag a bhfuil an fhreagracht bainistíochta fhoriomlán as an bpróiseáil trasteorann lonnaithe?
- Cá bhfuil an rialaitheoir nó an próiseálaí cláraithe mar chuideachta, má tá sé i gcríoch amháin?

Bunaithe ar a mheasúnú ar na bearta a cuireadh chun feidhme chun na critéir maidir leis an bpríomháit ghnó a chomhlíonadh, bhí an Coimisiún Cosanta Sonraí sásta ar deireadh go raibh sé ar chumas TikTok fíorfheidhmiú éifeachtúil gníomhaíochtaí bainistíochta a léiriú lena socraíodh na príomhchinntí maidir le cuspóirí agus modhanna na próiseála trí shocruithe seasta.

Case Studies

Cás-staidéar 17:

Lorgaíonn Vodafone sonraí fostaíochta ó chustaiméirí

Fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí roinnt fiosruithe faoi gur iarr Vodafone ar chustaiméirí úra nó ar chustaiméirí reatha a sonraí fostaíochta agus a n-uimhir fóin oibre a chur ar fáil mar cheanglas maidir le soláthar na seirbhíse ón gcuideachta sin.

Ba iad na buarthaí a tháinig chun cinn go raibh na hiarratais iomarcach agus ag teacht salach ar phrionsabal Airteagal 5 de bhailiú dleathach, cóir agus trédhearcach toisc nár bhain próiseáil na sonraí i ndáil lena stádas fostaíochta ar chor ar bith leis an táirge nó an tseirbhís a bhí siad ag fáil ón gcuideachta teileachumarsáide, a bhí faoi choinne a n-úsáid phearsanta nó bhaile amháin.

Sa dara háit, bhí buarthaí ann nach raibh an t-iaratas éigeantach le haghaidh ceird/áit oibre/uimhir fóin oibre custaiméara dóthanach, ábhartha nó riachtanach faoin gceanglas “íoslaghdú sonraí”

agus nár chomhlíonadh sé prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra arna leagan amach in Airteagal 5 den RGCS.

Sa tríú háit, bhí buarthaí ann chomh maith i measc custaiméirí nár chomhlíon cosaint sonraí/fógra próbháideachta na cuideachta ceanglas trédhearcachta Airteagal 13(1) den RGCS.

I ndiaidh teagmhála leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí, d'admhaigh Vodafone go ndearna sé earráid i mbailiú na faisnéise sin. Shonraigh an chuideachta gur tharla na fadhbanna mar gheall ar chóras oidhreachta TF nár nuashonraíodh chun an ceanglas sin a bhaint agus go raibh rochtain ar bith ar na sonraí sin thar a bheith teoranta agus nár bhain siadsan úsáid astu le haghaidh cuspóirí breise próiseála. Chuir Vodafone tús le plean láithreach chun na fadhbanna a tharla a leigheas agus, ar áitiú an Choimisiúin Cosanta Sonraí, d'fhoilsigh sé sonraí ar a shuíomh gréasáin faoi cad a tharla, ionas go mbeadh custaiméirí ar an eolas faoin bhfadhb.

Cás-staidéar 18:

Geandáil ar Facebook

I mí Facebook 2020, cuireadh an Coimisiún Cosanta Sonraí ar an eolas faoi sheoladh a bhí le teacht, ‘Facebook Dating’ san Aontas Eorpach. Ba é an t-ábhar imní an gearrfhógra a tugadh faoina sheoladh, mar aon le faisnéis an-teoranta faoi conas a chinntigh Facebook go gcloífeadh an gné Gheandála le ceanglais um chosaint sonraí. Mar thoradh air sin, rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí cigireacht ar an láithreán ar oifigí Facebook i mBaile Átha

Cliath chun doiciméid agus faisnéis níos fairsinge a fháil. Cuireadh roinnt fiosruithe agus ábhair imní arna sainaithint ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí os comhair Facebook maidir leis an táirge úr agus a ghnéithe. Mar thoradh air sin sholáthair Facebook soiléiriú mionsonraithe maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus rinne sé roinnt athruithe ar an táirge sular seoladh é in AE i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Áirítear iad seo a leanas ar na hathruithe sin:

- soiléiriú ar úsáid sonraí catagóire speisialta a bhí an-doiléir sa chéad togra. D'aontaigh Facebook nach mbeadh fógraíocht ar bith ann ag baint úsáid as sonraí catagóire speisialta agus nach mbainfidh príomhsheirbhís Facebook úsáid as sonraí catagóire speisialta;
- athruithe ar an gcomhéadan úsáideoirí thart ar rogha creidimh reiligiúnaigh úsáideora ionas go gcuirfí an rogha “b’fhearr liom gan é a lua” chuig barr liosta na roghanna;
- níos mó trédhearcachta d’úsáideoirí trína dhéanamh soiléir sa sreabhadh cláraithe gur táirge Facebook é Geandáil agus go bhfuil sé clúdaithe i dtéarmaí seirbhíse agus beartas sonraí Facebook agus Téarmaí Forlíontacha Geandála Facebook; agus
- athbhreithnithe ar an gceannteideal ar thoiliú le próiseáil na sonraí catagóire speisialta le bratach a chur go sonrach nach ndéanfar sonraí catagóire speisialta (sa chás seo rogha inscne agus creideamh reiligiúnach) chun críocho fógraíochta (spriocdhírithe nó eile).

Cás-staidéar 19:

Gné Féinmharaíthe agus Féinghortaithe Facebook

I dtús 2019, labhair Facebook ar dtús leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí agus chuir siad a bpleananna in iúl dó maidir lena nUirlis chun Féinmharú agus Féinghortú a Chosc (SSI) a leathnú, rud a bhain le hard-algartaim a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar idirghníomhaíocht agus ar phostálacha ar líne úsáideoirí Facebook agus Instagram. Bhí sé beartaithe ag Facebook go gcuideoidh an uirlis le húsáideoirí a bhí i mbaol féinmharaíthe nó féinghortaithe a shainaithint. Chuirfí sonraí faoi na húsáideoirí in iúl ansin do pháirtithe seachtracha (na gardaí agus eagraíochtaí deonacha) chun idirghabháil a dhéanamh leis na húsáideoirí sin. D’ardaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí líon buarthaí le linn na rannpháirtíochta (2019 — 2020) lena n-áirítear bonn dleathach agus cosaintí dóthanacha i ndáil le próiseáil sonraí catagóire speisialta. Ghlac Facebook an seasamh go mbraithfeadh próiseáil sin na sonraí ar dhíolúine leasa phoiblí faoi Airteagal 9 den RGCS.

Mar chuid de mheasúnú an Choimisiúin Cosanta Sonraí moladh gur cheart do Facebook dul i gcomhairle leis na húdaráis sláinte poiblí san Eoraip sula rachadh siad ar aghaidh. D’admhaigh Facebook go raibh tuilleadh oibre le déanamh acu agus go dtabharfadh siad faoi chomhairliúchán agus tuilleadh taighde leis na húdaráis sláinte poiblí ar fud na hEorpa maidir leis an uirlis SSI. Chuir Facebook in iúl go leanfar leis an rannpháirtíocht sin mar thionscnamh fadtéarmach i bhfianaise na ndúshlán atá ag Rialtais na mBallstát agus na húdaráis náisiúnta sláinte poiblí mar gheall ar phaindéim Covid-19. Tuigeann an Coimisiún Cosanta Sonraí go bhfuil an rannpháirtíocht sin fós ar siúl.

Ag deireadh 2020, labhair Facebook leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí agus mhol siad úsáid níos teoranta den uirlis seo chun ábhar a thagann salach ar Chaighdeán Phobail Facebook agus ar Threoirlínte Pobail Instagram a bhaint amháin, ag feitheamh le réiteach ábhar imní a d’ardaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí. Níor shainaithin an Coimisiún Cosanta Sonraí ábhair imní mhóra ar bith fad is gur bhain an phróiseáil le mionathrú ábhair amháin.

Cás-staidéar 20:

Meabhrúchán Facebook do Lá an Toghcháin

Roimh Olltoghchán na hÉireann i mír Feabhra 2020 chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí in iúl do Facebook gur ardaigh Meabhrúchán Facebook do Lá an Toghcháin (EDR) buarthaí faoi chosaint sonraí pearsanta go háirithe maidir le trédhearcacht d'úsáideoirí faoin dóigh a mbailítear sonraí pearsanta agus idirghníomhaíocht á déanamh leis an ngné agus an dóigh a n-úsáideann Facebook ina dhiaidh sin iad.

D'iarr an Coimisiún Cosanta Sonraí go gcuirfeadh Facebook sásra chun feidhme ag an bpointe a n-úsáideann (nó a n-úsáidfidh) úsáideoirí an fheidhm EDR lena chinntiú go gcuirfí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13 den RGCS, lena n-áirítear

faisnéis lena dtugtar aghaidh ar na cúinsí sonracha agus an comhthéacs ina ndéantar na hoibríochtaí próiseála, ar fáil d'úsáideoirí ar bhealach ar féidir teacht uirthi go héasca, sula gcinntfidh úsáideoir an fheidhm EDR a úsáid/idirghníomhú léi. Ábhar imní faoi leith a bhí ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí ná an easpa soiléireachta ó Facebook ar cé acu an ndéanfaí sonraí ar bith a ghinfeadh úsáideoir agus é nó í ag idirghníomhú leis an ngné a úsáid le haghaidh fógraíocht spriocdhírthe agus pearsantú fotha nuachta nó nach ndéanfaí.

Toisc nárbh fhéidir athruithe a dhéanamh roimh thoghchán na hÉireann, d'fhreagair Facebook ar an gCoimisiún Cosanta Sonraí ag cur in iúl dó go raibh sé beartaithe aige cur i bhfeidhm na gné EDR a aistarraingt agus nach ndéanfaí an ghné a ghníomhachtú le linn aon toghcháin AE ag feitheamh le freagairt ón gCoimisiún Cosanta Sonraí lenar tugadh aghaidh ar na hábhair imní a ardaíodh.

Cás-staidéar 21:

Teicneolaíocht Chúntóir Gutha Google

Leanadh le rannpháirtíocht an Choimisiúin Cosanta Sonraí le Google ar tháirge cúntóra gutha na cuideachta in 2020. Thosaigh an rannpháirtíocht sin i ndiaidh chlúdach na meán i samhradh 2019. D'iarr an Coimisiún Cosanta Sonraí freagairt ar Google ar na bearta breise a d'fhéadfadh Google a dhéanamh chun maolú a dhéanamh i gcoinne na rioscaí do shonraí pearsanta úsáideoirí, go háirithe na cinn a thagann as míghníomhachtú chúntóir Google. Rinne Google roinnt athruithe chun dul i ngleic leis na hábhair imní a ardaíodh.

Áirítear orthu sin:

- Sreabhadh úr trédhearcach rannpháirtíochta agus toilithe chun faisnéis a chur san áireamh faoin tsraith cosaintí atá i bhfeidhm chun na rios-

caí do na hábhair shonraí a laghdú agus rialuithe úsáideoirí a dhéanamh níos inrochtana;

- Bearta chun míghníomhachtú a laghdú. Is féidir le húsáideoirí cé chomh fogair is atá gléasanna Chúntóir Google i leith nód amhail "Hé Google" a chur in oiriúint anois, rud a thugann níos mó smachta d'úsáideoirí míghníomhachtú neamhbheartaithe a laghdú, nó é a dhéanamh níos éasca d'úsáideoirí cúnamh a fháil i dtimpeallachtaí torannacha. Tá Google ag leanúint chomh maith le feabhas a chur ar bhearta gléasanna agus freastalaí chun gníomhachtú bréagach chúntóir Google a bhrath;
- Scríosadh trí ordú gutha ar Chúntóir. Tá úsáideoirí ábalta a n-idirghníomhaíocht le Chúntóir a scríosadh óna gcuntas anois trí rudaí a rá amhail "Hé Google, scríos an rud deireanach a dúirt mé" nó "Hé Google, scríos gach rud a dúirt mé leat an tseachtain is a chuaigh thart." Má iarrann úsáideoirí níos mó ná idirghníomhaíocht ar feadh seachtaine a scríosadh óna gcuntas, treoróidh an Chúntóir iad chuig an leathanach ina socruithe cuntais chun an scríosadh a chríochnú.

9

Oifigigh Cosanta Sonraí

Fógraí OCSanna chuig an gCoimisiún Cosanta Sonraí

Is é ceann de na cúraimí atá ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí Clár um Oifigigh Cosanta Sonraí (OCS) a choinneáil laistigh den Choimisiún Cosanta Sonraí, mar a fhógraíonn a eintitis rialáilte ábhartha dó, arb é sin na heagraíochtaí sin a chomhlíonann an tairseach le haghaidh cheanglas OCS.⁵

Sonraítear in **Airteagal 37.7** den RGCS “go bhfoilseoidh an rialaitheoir nó an próiseálaí sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí agus go gcuirfidh siad in iúl don údarás maoirseachta iad.”

⁵ Tá OCS éigeantach le haghaidh: Údaráis phoiblí; Eagraíochtaí a mbaineann a bpríomhghníomhaíochtaí le hoibríochtaí próiseála óna dteastaíonn monatóireacht rialta agus chórasach ar ábhair shonraí ar mhórsála; nó Eagraíochtaí a mbaineann a bpríomhghníomhaíochtaí le próiseáil ar mhórsála de chatagóirí speisialta sonraí pearsanta nó sonraí pearsanta i ndáil le ciontuithé agus cionta coiriúla.

In 2020, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí 517 fógra OCS tríd an bhfoirm ghréasáin ar líne ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Ar an iomlán, tá 2,166 taifead de OCSanna i mbunachar sonraí fógraí OCSanna an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Sa tábla thíos taispeántar na hearnálacha tionscail óna ndearnadh na fógraí in 2020.

Fógraí OCSanna le haghaidh 2020

Príobháideach	417
Poiblí	109
Eagraíochtaí Seachbhrabúsacha	44
Iomlán in 2020	570 (2,166 ar an iomlán)

Comhlíonadh OCS na hEarnála Poiblí

Ordaítear in Airteagal 37.1 den RGCS, nach mór do gach eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta, mar rialaitheoir sonraí nó mar phróiseálaí sonraí, OCS a ainmniú i gcás 'gurb é údarás nó comhlacht poiblí a dhéanamh an phróiseáil'.

Sonraítear in **Airteagal 37.7** den RGCS "go bhfoilseoidh an rialaitheoir nó an próiseálaí sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí agus go gcuirfidh siad in iúl don údarás maoirseachta iad."

In 2020, chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí tús le tionscadal chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh comhlachtaí maidir le hoibleagáidí Airteagal 37. Ó 250 comhlacht poiblí san iomlán, ina gcuimsítear Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais, chomh maith le hÚdarás Áitiúla, sainithníodh go bhféadfadh sé nach raibh 77 comhlacht poiblí ag cloí leis na ceanglais. Mar thoradh ar rannpháirtíocht le gach ceann de na comhlachtaí poiblí sin thug 66 ceann dóibh iad féin chun comhréireachta le hAirteagal 37.7 den RGCS faoi dheireadh 2020, rud a fhágann gur ardaigh ráta um chomhlíonta na hearnála ó 69% go 96%.

Leanfaidh an Coimisiún Cosanta Sonraí ag obair leis comhlachtaí na hearnála poiblí faoi mar a cheanglaítear in 2021 chun comhlíonadh Airteagal 37(3) a bhaint amach.

Thug an Coimisiún Cosanta Sonraí faoi deara gur bhrath roinnt gníomhaireachtaí Ranna ar Airteagal 37(3) den RGCS ina sonraítear *"I gcás gur údarás nó comhlacht poiblí é an rialaitheoir nó an próiseálaí, féadfar oifigeach aonair cosanta sonraí a ainmniú le haghaidh roinnt údarás nó comhlachtaí dá leithéid, agus struchtúr agus méid a n-eagraíochta á gcur san áireamh"*.

D'fhéadfaí OCS aonair a ainmniú le haghaidh roinnt údarás nó comhlachtaí dá leithéid; mar sin féin, níor cheart go mbainfeadh sin oibleagáid na gníomhaireachta nó an aonaid gnó sin faoi mháthair-roinn sonraí teagmhála a OCS a fhoilsiú ar leithligh nó na sonraí sin a chur in iúl ar leithligh don údarás maoirseachta fiú má bhíonn sé déanta ag an máthair-roinn chomh maith.

Más mian le comhlacht sonraí OCS a chur in iúl, cé acu OCS a nuashonrú nó OCS úr a chlárú, ba cheart é sin a dhéanamh trí bhealaí oifigiúla ag baint úsáid as *foirm ghréasáin* nó ríomhphost an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Méadóidh an Coimisiún Cosanta Sonraí a ghníomhaíochtaí comhlíonta agus monatóireachta sa réimse seo chun eagraíochtaí a chur san áireamh seachas comhlachtaí poiblí a gceanglaítear orthu chomh maith OCS a ainmniú agus cloí le hAirteagal 37.7 den RGCS le linn 2021. Déanfar é sin de réir cur chuige earnáil le hearnáil. Moltar d'eagraíochtaí nach bhfuil OCS acu smaoineamh ar an gceanglaítear orthu OCS a bheith acu — tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar *shuíomh gréasáin* an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Rannpháirtíocht le OCSanna

Tá an Coimisiún Cosanta Sonraí fós tiomanta do thacaíocht a thabhairt do OSCanna agus dá bhfoirne, in aitheantas an róil thábhachtaigh atá ag OCSanna lena chinntiú go n-aistreofar cláir RGCS go cultúr eagraíochtúil agus comhlíonadh a mhairfidh. Labhair foireann an Choimisiúin Cosanta Sonraí ag a lán imeachtaí fíorúla do OCSanna le linn na bliana. Mar chuid d'iarachtaí an Choimisiúin Cosanta Sonraí OCSanna a chumhachtú i gcomhlíonadh a ndualgas, bhunaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí Lónra OCSanna ag deireadh 2019. Ba é an cuspóir leis an Lónra rannpháirtíocht idir piraí agus comhroinnt eolais a chothú idir OCSanna agus gairmithe cosanta sonraí.

Mar gheall ar Covid-19, b'éigean Comhdháil Lónra OCSanna an Choimisiúin Cosanta Sonraí a bhí le bheith ar siúl i mí an Mhárta a chur siar. Ina ionad sin chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí na tacaíochtaí sin ar líne, agus roinn thiomnaithe do OCSanna ar a shuíomh gréasáin ina ndéantar na hacmhainní, lena n-áirítear podchraoltaí agus treoir, a lárú chun críocha rochtain éasca. Leanann an Coimisiún Cosanta Sonraí le bheith rannpháirteach le OCSanna ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear nuachtlitir ráithiúil, lena chinntiú go gcuirfear bonn eolais faoi na hacmhainní a sholáthraíonn sé le riachtanais an chohóirt.

Cóid Iompair

Le linn 2020 dhréachtaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí ceanglais maidir le creidiúnú a bhí le comhlíonadh ag Comhlachtaí Monatóireacht féideartha le haghaidh Cóid Iompair. D'fhaomh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí 'Na Ceanglais um Chreidiúnú le haghaidh Comhlachtaí Monatóireacht Cód' agus ghlac an Coimisiún Cosanta Sonraí iad. Ba é sin an céim dheireanach maidir lena chur ar chumas an Choimisiúin Cosanta Sonraí bunú agus faomhadh Cód Iompair a chur ar aghaidh in Éirinn i gcomhréir le hAirteagail 40 agus 41 den RGCS. Tá an Coimisiún Cosanta Sonraí ag obair cheana le roinnt úinéirí féideartha Cód agus tá sé ag dréim leis an gcéad dréacht-Chód oifigiúil a fháil i dtús 2021.



10

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Aistrithe Idirnáisiúnta — Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha

Príomhfhócas sa réimse aistrithe idirnáisiúnta don Choimisiún Cosanta Sonraí is ea measúnú agus faomhadh iarratais ar Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha ó chuideachtaí ilnáisiúnta.

Tugadh Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha (RCC) isteach mar fhreagairt do riachtanais eagraíochtaí cur chuige domhanda a bheith acu maidir le cosaint sonraí i gcás go raibh roinnt fochuideachtaí ag a lán eagraíochtaí ar fud an domhain, ag aistriú sonraí ar mhórsála. Le linn 2020, lean nó thosaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí ag gníomhú mar phríomh-athbhreithneoir i ndáil le 42 iarratas ar RCC ó 28 cuideachta éagsúil. Chuidigh an Coimisiún Cosanta Sonraí chomh maith le Gníomhaireachtaí Eorpacha um Chosaint Sonraí eile

trí fheidhmiú comh-athbhreithneoir nó ar fhoirne a dhréachtú le haghaidh Tuairimí Airteagal 64 ar 5 RCC sa tréimhse sin.

D'eisigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí tuairimí Airteagal 64 ar naoi n-iarratas RCC in 2020, lena n-áirítear Tuairimí ar rialaitheoir RCC agus ar phróiseálaí RCC an Reinsurance Group of America, ar a raibh an Coimisiún Cosanta Sonraí ina phríomhúdarás.

Mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach in 2020, bhí an Coimisiún Cosanta Sonraí i dteagmháil le roinnt cuideachtaí ag fiosrú faoina bpríomhúdarás a aistriú chuig an gCoimisiún Cosanta Sonraí chun críocha RCC. Cuireadh an próiseas sin i gcrích le haghaidh líon iarratasóirí, rud a mhéadaigh ualach oibre an Choimisiúin Cosanta Sonraí go mór in 2020.

Brexit

Sa chuid dheireanach de 2020 ag druidim le deireadh na hIdirthréimhse ar an 31 Nollaig, bhí an-fhéidearthacht ann go bhfágfadh an Ríocht Aontaithe ar deireadh gan mhargadh leis an Aontas Eorpach agus dá réir sin go dtitfeadh sí amach as saorshreafaí sonraí AE. Cruthaíodh impleachtaí leis sin d'earnálacha móra ghnó na hÉireann agus don earnáil phoiblí, arbh éigean dóibh sásraí aistrithe a chur i bhfeidhm chun leanúint le haistrithe dlisteanacha chuig an Ríocht Aontaithe i gcás Brexit gan mhargadh a éascú.

Lean an Coimisiún Cosanta Sonraí le rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcion orthu, chun comhroinnt phras faisnéise ar fud fhorbairt an phróisis idirbheartaíochta a éascú.

Ar an 24 Nollaig 2020, síníodh an Comhaontú Trádála agus Comhair agus rinneadh soláthar sa chomhaontú sin d'aistrithe sonraí, ina gceadaítear tréimhse suas le sé mhí (an tréimhse idirlinne mar a thugtar air), lena bhféadfaí leanúint le haistrithe chuig an Ríocht Aontaithe amháil is go raibh an Ríocht Aontaithe fós ina cuid den LEE, agus táthar ag leanúint le hidirbheartaíocht ar chomhaontú dóthanach.

Ceisteanna Eile maidir le hAistriú Idirnáisiúnta

I mí Iúil 2020, neamhbhailíochtaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an sásra um Sciath Phríobháideachais a d'éascaigh aistrithe áirithe ón LEE go dtí SAM agus, cé gur sheas sé le húsáid na gClásal Conarthach Caighdeánach, ní shoiléirigh sé má chiallaíonn na dlíthe agus na cleachtais i dtríú tír nach bhfuil an leibhéal cosanta do na sonraí a aistrítear cinntithe i gcás faoi leith, bheadh gá stop a chur le haistrithe mura féidir easnaimh ar bith sa chosaint a dhúnadh le bearta breise.

D'fhoilsigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí dréacht-mholtaí maidir le Beart Breise agus tá aighneachtaí a fuarthas á measúnú anois ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. Tá nóta iomlán maidir leis an Dlíthíocht i ndáil le Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha ar fáil in Aguisín 5 den tuarascáil seo.

Údaráis Maoirseachta Eorpacha um Chosaint Sonraí

Le linn 2020, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí le páirt a ghlacadh i gclár oibre na gComhlachtaí Eorpacha um Maoirseacht le haghaidh córais mhórsála TF AE amháil Europol, Eurojust, an Córas Faisnéise Custaim agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI). Rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí roinnt iniúchtaí deisce le hAonad Náisiúnta Europol sa Gharda Síochána i ndáil le cearta ábhar sonraí agus próiseáil sonraí i gcórais Europol. Lena chois sin, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí lena ról mar bhreathnóir ar mhaoirseacht chomhordaithe Chóras Schengen agus na gCóras Faisnéise Víosaí (CFS II agus VIS). Maidir le CFS II, leanfar in 2021 leis an gclár oibre chun rannpháirtíocht Éireann a chur chun cinn.

Sásraí comhsheasmhachta agus Cúraimí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí

Cosúil le gach údarás maoirseachta LEE um chosaint sonraí eile, ní mór don Choimisiún Cosanta Sonraí a chinntiú go ndéanfaidh sé an RGCS a léirmhíniú, a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú ar bhealach lena mbainfear comhsheasmhacht amach. In 2020, ghlac an Coimisiún Cosanta Sonraí páirt in os cionn 180 cruinniú EDPB (a ndearnadh an chuid is mó dóibh ar bhonn fíorúil), lena n-áirítear na cruinnithe an 12 fhoghrúpa saineolaithe de chuid EDPB.

Chuir baill foirne an Choimisiúin Cosanta Sonraí cion fairsing le forbairt na dtreoirlínte agus na dtuairimí i measc fhoghrúpaí saineolaithe uile an EDPB le linn 2020. Gníomhaíonn an Coimisiún Cosanta Sonraí mar chomhordaitheoir ar fhoghrúpa saineolaithe na Meán Sóisialta chomh maith.

BIIDPA 2020

Ar an 18 Meitheamh 2020, d'óstáil an Coimisiún Cosanta Sonraí cruinniú fíorúil de chuid Údaráis Cosanta Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán (BIIDPA) ag cur fáilte roimh ionadaithe ó údaráis mhaoirseachta Bheirmiúda, Oileáin Cayman, Ghiobráltar, Gheansaí, Oileán Mhanann, Gheirsí, Mhálta agus na Ríochta Aontaithe. Tá cúlra comhchoiteann dlí ag lucht freastail BIIDPA agus tagann siad le céile gach bliain chun plé a dhéanamh ar réimse éagsúil de thopaicí a bhaineann le cosaint sonraí. In 2020, mar gheall ar shrianta taistil a bhí i bhfeidhm mar thoradh ar Covid-19, d'óstáil an Coimisiún Cosanta Sonraí cruinniú fíorúil den chéad uair. Áiríodh ar na ceisteanna a pléadh Covid-19 agus Straitéis Chumarsáide an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Tionól Príobháideachta Domhanda, 13-15 Deireadh Fómhair

I mí Dheireadh Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún Cosanta Sonraí páirt sa Tionól Príobháideachta Domhanda (GPA); cruinniú bliantúil níos mó ná 130 údarás um chosaint sonraí agus príobháideachta ó gach cearn den domhan.



11

Príomhthionscadail an Choimisiúin Cosanta Sonraí

Beartas Leanaí

Gníomhaíochtaí le linn 2020

I ndiaidh chonclúid chomhairliúcháin poiblí an Choimisiúin Cosanta Sonraí agus foilseachán dá thuarascáil ar staidreamh agus aiseolas ó shruthanna na ndaoine fásta agus na leanaí den chomhairliúcháin in 2019, chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí tús le próiseas fairsing maidir le treoir a dhréachtú d'eagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí.

I gcomhthráth leis an obair sin, d'oibrigh an Coimisiún Cosanta Sonraí le líon saineolaithe agus ionadaithe leanaí ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus seach-bhrabúsacha chun tuilleadh dearchtaí a lorg i ndáil le ceisteanna teicniúla éagsúla a rabhthas le dul i ngleic leo sa treoir.

I rith 2020, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí lena rannpháirtíocht mar bhall den Chomhairle Náisiúnta Chomhairleach um Shábháilteacht ar Líne, i gcás gur chuidiú sé le grinnscrúdú Scéim Ghinearálta an Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialú na Meán — arna thabhairt i gcrích ag an Roinn Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán i mí na Nollag 2020 — chun creat soiléir le haghaidh comhair idir an Coimisiún Cosanta Sonraí agus rialtóirí eile a mbaineann a sainchúram le hábhair imní faoi shábháilteacht ar líne a chinntiú.

Na “Bunphrionsabail”

In mí na Nollag 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Cosanta Sonraí a threoir dhoiciméad a rabhthas ag súil go mór leis dar teideal “Leanaí sa Tosach agus sa Lár: Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí” (na “Bunphrionsabail” go gairid).

Tugadh aghaidh sna Bunphrionsabail ar phríomhcheisteanna cosanta sonraí amhail an aois ar féidir le leanaí cearta um chosaint sonraí a fheidhmiú iad féin, ról na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus iad ag gníomhú thar ceann a leanaí, deimhniú aoise agus deimhniú toilithe tuismitheora, chomh maith leis na rialacha lena rialaítear próifiliú sonraí pearsanta leanaí le haghaidh margaíocht dhíreach, próifiliú nó chun críocha fógraíochta.

Leagann an Coimisiún Cosanta Sonraí amach sna Bunphrionsabail chomh maith bearta molta éagsúla lena gcuirfear feabhas ar an leibhéal cosanta a thugtar do leanaí ar na rioscaí um próiseáil sonraí a chuirtear rompu trína n-úsáid as/ rochtain ar sheirbhísí sa saol ar líne agus sa saol as líne araon. Tá comhairliúcháin poiblí á dhéanamh ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí ar an dréacht-leagan de na Bunphrionsabail agus tá aighneachtaí ó na páirtithe uile ar suim leo an scéal á lorg aige go dtí an 31 Márta 2021.

Agus an t-aiseolas a fuarthas á chur san áireamh, foilseoidh an Coimisiún Cosanta Sonraí an leagan deiridh de na Bunphrionsabail lena gcuirfear bonn eolais faoi ghníomhaíochtaí, maoirseacht agus rialála an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Cóid Iompair

Le linn 2021, oibreoidh an Coimisiún Cosanta Sonraí le páirtithe leasmhara tionscail, rialtais agus na hearnála deonaí agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun dréachtú Cóid Iompair a spreagadh i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus daoine óga, i gcomhréir le hAlt 32 d'Acht um Chosaint Sonraí na hÉireann 2018. Beidh tionscadal na gCód Iompair ina phríomhthionscnamh don Choimisiún Cosanta Sonraí in 2021.

Straitéis Rialála

Leanadh leis an obair ar Straitéis Rialála an Choimisiúin Cosanta Sonraí in 2020 — le rannpháirtíocht geallsealbhoirí inmheánacha agus seachtracha araon — agus tá forbairt na straitéise beagnach críochnaithe. Bhí forbairt Straitéis Rialála an Choimisiúin Cosanta Sonraí ina próiseas atriallach, ag forbairt mar fhreagairt do riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus a n-aiseolas. Agus an straitéis á dréachtú, bhreithnigh an Coimisiún Cosanta Sonraí go cúramach ar an dóigh is fearr le torthaí feabhsaithe a bhaint amach don líon is mó daoine, i dtírdhreach rialála atá ag teacht chun cinn i gcónaí mar fhreagairt ar riachtanais dhlíthiúla agus shochaíocha.

Cuid lárnach de phróiseas fhorbairt na straitéise in 2020 ba ea soláthar agus foilsiú Thuarascáil Gníomhaíochtaí Dhá Bhliain an Choimisiúin Cosanta Sonraí faoin RGCS, arbh dheis é chun machnamh a dhéanamh ar fhírinne na rialála ó mhí na Bealtaine 2018 i leith agus na ceisteanna téamacha agus staitisticí a chaithfear a chur san áireamh i bplean straitéiseach an Choimisiúin Cosanta Sonraí don todhchaí a shainiú. Bhain anailís rialála an Choimisiúin Cosanta Sonraí in 2020 le dhá thimthriall ceardlann chomh maith. Díríodh sa chéad cheann ar fhaire na fáistine le haghaidh 2020 agus díríodh sa dara ceann ar mhodheolaíochtaí láimhseála gearán as seo amach.

An Tionscadal ARC

Lean an Coimisiún Cosanta Sonraí lena chomhpháirtíocht le hÚdarás Cosaint Sonraí na Cróite, AZOP, agus Ollscoil Vrije sa Bhreiséil ar thionscadal arna mhaoiniú ag AE (Tionscadal ARC) — a dhírigh go sonrach ar FBManna — chun comhlíonadh ar fud earnáil na FBManna a mhéadú. Cuireadh tús le hobair ar an tionscadal i R1 de 2020 agus beidh sé ar siúl ar feadh dhá bhliain eile. Tríd an rannpháirtíocht sin — lena n-áirítear suirbhéanna, seónna bóthair agus comhdhálacha — tá sé beartaithe leis an tionscadal tuiscint níos mionsonraithe a chothú ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn FBManna agus acmhainní praiticiúla a chur ar fáil chun tacú leo ina n-iarachtaí um chomhlíonadh.



12

Cumarsáid

Rannpháirtíocht leis na meáin

Lean próifíl an Choimisiúin Cosanta Sonraí, agus suim na meán ann ag fás ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon le linn 2020. Tháinig a lán de rannpháirtíocht na meán as fiosrúchán agus obair dhlíthíochta an Choimisiúin Cosanta Sonraí, lena n-áirítear aird shuntasach idirnáisiúnta na meán thart ar dhréachtchineadh an Choimisiúin Cosanta Sonraí i bhfiosrúchán Chuideachta Idirnáisiúnta Twitter.

Rannpháirtíocht Dhíreach

Lean an Coimisiún Cosanta Sonraí le bheith páirteach go díreach le páirtithe leasmhara éagsúla le linn 2020, ag coigeartaigh na srianta de dheasca Covid-19. Ó mhí an Mhárta ar aghaidh, bhí gach comhdháil agus gach imeacht inar ghlac an Coimisiún Cosanta Sonraí páirt ina gcinn fhíorúla. Ghlac an Coimisiún Cosanta Sonraí páirt i mbreise agus 100 imeacht in 2020.

Treoir, blaganna agus podchraolta

Lean an Coimisiún Cosanta Sonraí le treoir chuimsitheach ar réimse leathan topaicí do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí araon a sholáthar, a nuashonrú agus a scaipeadh. Soláthraíodh thart ar 40 mír threorach in 2020, inar clúdaíodh réimse leathan ceisteanna idir fhíschomhdháil agus rianú teagmhálaithe.

Tuarascáil gníomhaíochtaí

In mhí an Mheithimh, d'fhoilsigh an Coimisiún Cosanta Sonraí DPC Ireland 2018-2020: Regulatory Activity Under GDPR' — tuarascáil gníomhaíochtaí rialála dhá bhliain ina soláthraítear lionsa leathanuileach chun measúnú a dhéanamh ar obair an Choimisiúin Cosanta Sonraí trí ó cuireadh an RGCS i bhfeidhm. Beidh tionchar ag na treochtaí agus na patrúin arna sainaithint ar chúrsaí rialála an Choimisiúin Cosanta Sonraí as seo amach.

Na meáin shóisialta

In 2020, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí lena láithreacht ar na meáin shóisialta a mhéadú ar Twitter, Instagram agus LinkedIn, mar thaca lena ghníomhaíochtaí ardaithe feasachta agus cumarsáide. Tháinig méadú os cionn 8,000 le linn 2020, ar na leantóirí le chéile ar na trí ardán, go dtí beagnach 29,000. Sroicheadh beagnach 2.8 milliún duine de réir a chéile, agus bhí rannpháirtíocht láidir ann i ngach cás.

Suíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí

Bhí suíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí (www.dataprotection.ie) ina acmhainn thar a bheith tábhachtach do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí le linn 2020. I mí na Samhna, sheol an Coimisiún Cosanta Sonraí athdhearadh den suíomh gréasáin, á dhéanamh níos fusa d'úsáideoirí faisnéis a aimsiú agus a nascleanúint. Tá roinn thiomnaithe sa suíomh athdheartha chomh maith d'Oifigigh Cosanta Sonraí.





13

Rialachas Corparáideach

Maoiniú agus Soláthar Foirne an Choimisiúin Cosanta Sonraí

Tháinig méadú ar mhaoiniú an Choimisiúin Cosanta Sonraí ón rialtas bliain ar bhliain ó €1.7 milliún in 2013 go €16.9 milliún in 2020 (a chuimsíonn €10.5 milliún i leithdháileadh pá agus €6.4 milliún i leithdháileadh neamhphá).

Lean an Coimisiún Cosanta Sonraí ag obair leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun foireann a earcú le linn 2020. Chuir Covid-19 isteach ar an bpróiseas earcaíochta. Bhí líon baill foirne de 145 ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí ag deireadh na bliana, agus bhí dhá chomórtas earcaíochta fós ar siúl ar an 31 Nollaig 2020. Beidh tuilleadh earcú ball foirne, chomh maith leo siúd ar éirigh leo sa dá chomórtas sin, ina thosaíocht don Choimisiún Cosanta Sonraí in 2021.

Seirbhísí Corparáideacha agus Saoráidí

Cé go raibh oifig an Choimisiúin Cosanta Sonraí dúnta den chuid ba mhó — go fisiciúil — mar gheall ar shrianta Covid-19, lean an Coimisiún Cosanta Sonraí le creatfhoireann a choinneáil chun comhfhreagras poist isteach agus

amach a phróiseáil agus chun an tacaíocht lóistíochta ba ghá chun cianobair éifeachtúil fhoireann na Choimisiúin Cosanta Sonraí a sholáthar.

Rialachas Corparáideach

Rinneadh a Oifigeach Cuntasaíochta féin den Choimisiún Cosanta Sonraí ar an 1 Eanáir 2020. Dá réir sin, rinneadh-monatóireacht ar rialuithe inmheánacha DPC i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanfar Ráiteas bliantúil maidir le Rialú Inmheánach an Choimisiúin Cosanta Sonraí do 2020 atá riachtanach a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí lena Ráiteas Airgeadais níos déanaí sa bhliain.

Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin Cosanta Sonraí

In 2020 bhunaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar aon dul leis an gCaighdeán um Rialachas Corparáideach don Státseirbhís (2015), agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste:

- Conan McKenna (cathaoirleach);
- Bride Rosney;
- Karen Kehily;
- Michael Horgan; agus
- Graham Doyle (an Coimisiún Cosanta Sonraí).

Tionóladh seacht gcruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2020.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Le linn 2020, d'ullmhaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí a chúigiú Scéime Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Rinne an tAire Turasóireachta, Cultúir, Oidhreachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán a scéim dheiridh a dhearbhu ina dhiaidh sin, agus cuireadh faoi bhráid oifig an Choimisinéara Teanga í, agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Cuireadh tús leis an gcúigiú Scéim ar an 21 Nollaig 2020 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana.

Saoráil Faisnéise (SF)

In 2020, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí 65 iarratas SF ar an iomlán. Deonaíodh ocht gcinn díobh, rinneadh trí cinn díobh a dheonú i bpáirt agus measadh go raibh 38 ceann díobh lasmuigh den raon feidhme. Tá gníomhaíocht rialála an Choimisiúin Cosanta Sonraí díolmhaithe ó iarratais SF chun rúndacht á ngníomhaíochtaí maoirseachta, imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin a chaomhnú. Mar sin féin, tá an Coimisiún Cosanta Sonraí tiomanta d'fhaisnéis thrédhearcach a chur ar fáil don phobal i ndáil le riarachán a oifige agus úsáid acmhainní poiblí.

Deonaithe	8
Deonaithe i bPáirt	3
Diúltaithe (OOS)	38
SI Aistarraingthe/Láimhseáilte Lasmuigh	8
Beo	8
Iomlán na n-iarratas	65

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Caighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Bunaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus oibríonn sé i gcomhréir le forálacha an Achta sin. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfaidh baill foirne an Choimisiúin Cosanta Sonraí, ag a bhfuil poist ainmnithe, forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Caighdeán in Oifigí Poiblí 2001.

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Tá sé mar aidhm leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 a chinntiú go ndéanfar gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcomhréir le hionchais phoiblí na brústocaireachta. Tá an Coimisinéir Cosanta Sonraí ina Oifigeach Poiblí Ainmnithe (OPA) faoin Acht seo, faoi mar a shonraítear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Ní mór do na brústocairí caidreamh idir comhlachtaí brústocaireachta agus OPAnna a thuairisciú. Chuir an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (SIPO) clár brústocaireachta ar líne ar bun ag www.lobbying.ie chun an ceanglas sin a éascú.

In Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 — Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine (an Dualgas)

Chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí bearta i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfear cearta an duine agus comhionannas san áireamh i bhforbairt beartas, nósanna imeachta agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus a shainordú maidir le ceart bunúsach AE chun cosaint sonraí á chomhlíonadh. Tá an Dualgas leabaithe sa Chreat um Rialachas Corparáideach agus sa Chairt Custaiméirí agus sa phlean Gníomhaíochta chomh maith. Tá suíomh gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí mar aon le faisnéis fhoilsithe eile ceaptha i ndáil le prionsabail an Bhéarla shimplí, agus d'fhoilsigh an Coimisiún Cosanta Sonraí clos-acmhainní chomh maith.

Le tacú lena chustaiméirí a dteastaíonn cúnamh uathu agus na seirbhísí a sholáthraíonn an Coimisiún Cosanta Sonraí á n-úsáid acu, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Inrochtaineachta an Choimisiúin Cosanta Sonraí trí na bealaí atá liostaithe ar a shuíomh gréasáin.

Cairt Custaiméirí

In 2020, rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí a Chairt Custaiméirí a athbhreithniú. Beidh an Chairt athbhreithnithe agus an Plean Gníomhaíochta na Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí i bhfeidhm don tréimhse 2021–2023.

In 2020, fuair agus réitigh an Coimisiún Cosanta Sonraí 37 gearán seirbhíse custaiméirí.



Appendices

Aguisín 1: Tuarascáil maidir le Nochtadh Cosanta a fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí in 2020

Tá an beartas atá á fheidhmiú ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí faoi théarmaí an Achta um Chosaint Sonraí 2014 ceaptha chun gach oibrí a éascú agus a spreagadh le fíorbhuarthaí inmheánacha a ardú maidir le héagóir fhéideartha sa láthair oibre ionas go mbeifí ábalta na buarthaí sin a imscrúdú ag leanúint phrionsabail an cheartais nádúrtha agus dul i ngleic leo ar bhealach a oirfidh do chúinsí an cháis.

Le hAlt 22 den Acht um Chosaint Sonraí 2014, cean-
gláítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil a ullmhú agus
a fhoilsiú, faoin 30 Meitheamh gach bliain, i ndáil leis an
mblain roimhe sin i bhfoirm anaithnidithe.

De bhun an cheanglais sin, dearbhaíonn an Coimisiún
Cosanta Sonraí maidir le 2020

- Ní bhfuarthas nochtadh cosanta ar bith (ó fhoireann
an Choimisiúin Cosanta Sonraí).

- Fuarthas naoi nochtadh cosaint (arna leagan amach sa
tábla thíos) ó dhaoine aonair taobh amuigh den Cho-
imisiún Cosanta Sonraí i ndáil le ceistanna a bhain-
eann le cosaint sonraí laistigh d'eintitis eile. Ardaíodh
na cásanna sin leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí ina
ról mar an “duine forordaithe” faoi mar a fhoráiltear
faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (liostaithe in
IR 339/2014 arna leasú le IR 448/2015, ar cuireadh IR
364/2020 ina ionad i Meán Fómhair 2020).

Uimhir Thagartha	Cineál	Dáta a Fuarthas	Stádas	Toradh
09/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	9 Nollaig 2020	Á mBreithniú	
08/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	16 Meán Fómhair 2020	Á mBreithniú	
07/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	9 Iúil 2020	Á mBreithniú	
06/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	26 Bealtaine 2020	Dúnta	Déanta gan ainm agus ní raibh sé ina nochtadh cosanta — atreoraithe chuig feidhm chomhairliúcháin lena
05/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	12 Bealtaine 2020	Dúnta	Ní raibh sé ina nochtadh cosanta — atreoraithe chuig gnáthláimhseáil gearán
04/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	28 Aibreán 2020	Dúnta	Ní raibh sé ina nochtadh cosanta — atreoraithe chuig gnáthláimhseáil gearán
03/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	22 Feabhra 2020	Dúnta	Ní raibh sé ina nochtadh cosanta — atreoraithe chuig gnáthláimhseáil gearán
02/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	3 Feabhra 2020	Dúnta	Níor lean an ngearánaí le cúrsaí.
01/2020	Alt 7 (seachtrach, chuig ‘duine forordaithe’)	6 Eanáir 2020	Dúnta	Níor lean an ngearánaí le cúrsaí.

Aguisín 2:

Tuarascáil maidir le hÚsáid Fuinnimh ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí

Forléargas ar an Úsáid Fuinnimh

BAILE ÁTHA CLIATH

21 Cearnóg Mhic Liam

Tá ceannoifig an Choimisiúin Cosanta Sonraí lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Baineann an t-ídiú fuinnimh don oifig le leictreachas amháin, a úsáidtear i gcomhair téimh, soilsithe agus úsáid trealaimh.

Is foirgneamh faoi chosaint é 21 Cearnóg Mhic Liam agus mar sin tá sé díolmhaith ón gcóras rátála fuinnimh.

Oifig shatailíte

Coimeádann an Coimisiún Cosanta Sonraí spás breise oifige i mBaile Átha Cliath faoi láthair chun freastail ar an méadú ar líon na mball foirne. Is é Oifig na nOibreacha Poiblí a fuair an oifig seo agus d'áitigh an Coimisiún Cosanta Sonraí i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tá an Oifig 828 méadar cearnóg ar méid.

Baineann an t-ídiú fuinnimh don oifig le leictreachas amháin, a úsáidtear i gcomhair téimh, soilsithe agus úsáid trealaimh.

Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

CÚIL AN tSÚDAIRE

Tá achar 444 méadar cearnóg in oifig an Choimisiúin Cosanta Sonraí i gCúil an tSúdaire agus tá sí lonnaithe ar an urlár uachtarach i bhfoirgneamh dhá stór a tógadh in 2006.

Baineann an t-ídiú fuinnimh don oifig le leictreachas i gcomhair soilsithe, úsáid trealaimh agus gás nádúrtha don téamh.

Is é C1 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

Gníomhaíochtaí a rinneadh

Glacann an Coimisiún Cosanta Sonraí páirt i gcóras ar líne ÚIFÉ chun a úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Fuinnimh na Críochúsáide agus le Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).

Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig in 2019 (figiúirí bailíochtaithe ÚIFÉ is déanaí atá ar fáil):

Leictreachas Gás Nádúrtha

Baile Átha Cliath

Cearnóg Mhic Liam 93,878KwH

Oifig Shatailíte 89,279KwH

Cúil an tSúdaire 40,651KwH 49,379

Forléargas ar bheartas/ráiteas um Chomhshaoil don eagraíocht

Tá an Coimisiún Cosanta Sonraí tiomanta d'fheidhmiú i gcomhréir le beartais um chomhshaoil agus inbhuanaitheacht Rialtas na hÉireann.

Breac-chuntas ar thionscnaimh maidir le inbhuanaitheacht an chomhshaoil

- Tháinig deireadh le ceannach plaisteach aon úsáide ó Eanáir 2019 i leith
- Soilsiú LED a chur in ionad soilsiú fluaraiseach in oifig Chúil an tSúdaire toisc gur theip ar aonaid nó theastaigh na bolgáin a athrú
- Soilsiú braiteora in úsáid in oifig amháin (Satailít)
- Athbhreithniú ar an gcóras téimh in oifig amháin ar siúl (Cearnóg Mhic Liam)
- Cuireadh comórtas tairisceana úr i gcrích le haghaidh seirbhísí bailithe araidí chun seirbhís araidí múirín a chur san áireamh do Chúil an tSúdaire agus don Cearnóg Mhic Liam.

Laghdú ar an Dramhaíl a Ghintear

- Úsáideann an Coimisiún Cosanta Sonraí socrú réam-hshocraithe printéara chun doiciméid dhéthaobhacha a phriontáil.
- Thug an Coimisiún Cosanta Sonraí démhonatóirí isteach chomh maith don fhoireann chun an gá atá le doiciméid a phriontáil lena n-athbhreithniú / cur i gcomparáid le doiciméid eile le linn cásoibre a laghdú.
- Soláthraíonn an Coimisiún Cosanta Sonraí araidí do Dhramhaíl Ghinearálta agus d'Athchúrsáil ag stáisiúin ar fud na n-oifigí.

Athchúrsáil a Uasmhéadú

Is é beartas an Choimisiúin Cosanta Sonraí an páipéar dramhaíola ar fad a stialladh go sábháilte. Tá consóil curtha ar fáil ag a lán suíomhanna ar fud na n-oifigí. Déantar an páipéar stiallta a athchúrsáil.

Soláthar Inbhuanaithe

Comhlíonann soláthairtí agus próisis uile an Choimisiúin Cosanta Sonraí an Soláthar Inbhuanaithe.

Forordaítear i gconarthaí lónadóireachta eisiama plasteach aon úsáide.

Aguisín 3:

Ionchúisimh i ndáil le gearáin faoi margaíocht dhíreach leictreonach

D'ionchúisigh an Coimisiún Cosanta Sonraí 6 chuideachta le linn 2020 as teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist gan iarraidh a sheoladh chuig custaiméirí nó iarchustaiméirí nó custaiméirí ionchasacha gan a gcead agus i gcás amháin gan seoladh bailí óna bhféadfaí an faighteoir iarratas a chur chun deireadh a chur le cumarsáid dá leithéid. Áiríodh leis na cuideachtaí sin Three Ireland Services (Hutchison) Limited, Mizzoni's Pizza & Pasta Company Limited, AA Ireland Limited, Ryanair DAC, Three Ireland (Hutchison) Limited agus Windsor Motors Unlimited Company.

Ionchúiseamh Three Ireland Services (Hutchison) Limited

In mhí an Mheithimh agus mí Lúnasa 2019, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí dhá ghearán ó dhaoine aonair i ndáil le teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh a fuair siad ón gcuideachta teileachumarsáide Three Ireland Services (Hutchison) Limited. Mar fhreagairt d'imscrúdú an Choimisiúin Cosanta Sonraí ar an gcéad ghearán, mhínigh Three cé gur iarr an custaiméir tarraingt amach as an margaíocht dhíreach leictreonach, mar gheall ar earráid theicniúil níor nuashonraíodh a rogha ar chórais na cuideachta. Maidir leis an dara gearán, léirigh Three gur cuireadh moill ar chur i bhfeidhm iarratas an chustaiméara chun tarraingt amach mar gheall ar locht a d'fhorbair ina gcóras bainistíochta cásanna mar thoradh ar athruithe inmheánacha TF.

D'eisigh an Coimisiún Cosanta Sonraí litir um rabhadh foirmiúil chuig Three in mí Eanáir 2016 i ndáil le gearán roimhe sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún Cosanta Sonraí dul ar aghaidh le hionchúiseamh a tháinig as an dá chás gearáin sin.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 2 Márta 2020, phléadail Three ciontach as dhá chiontú faoi Rialacháin 13(1) agus 13(13)(a)(i) de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas. Chuir an Chúirt Dúiche Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, ag ordú go ndéanfaí an cheist a chaitheamh amach ar bhonn tabhartas carthanachta €200 le Little Flower Penny Dinners i ndáil le gach ceann den dá chiontú. D'aontaigh Three go n-íocfadh sé costais dhlíthiúla an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Ionchúiseamh Mizzoni's Pizza & Pasta Company Limited

I mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2019, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí ceithre ghearán ó dhaoine aonair i ndáil le teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh a fuair siad ó Mizzoni's Pizza & Pasta Company Limited. Go sonrach, cuireadh béim sna gearáin ar an mbuairt go bhféadfadh sé gur coinníodh uimhreacha fóin na gcustaiméirí ar feadh tréimhse shuntasach ama i ndiaidh dháta a n-ordaithe dheireanaigh. I ndiaidh imscrúdú ar na gearáin, bhí an Coimisiún Cosanta Sonraí sásta nár chloigh Mizzoni leis na rialacha maidir le toiliú bailí le haghaidh margaíocht dhíreach leictreonach faoi Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas.

D'eisigh an Coimisiún Cosanta Sonraí litir um rabhadh foirmiúil chuig Mizzoni in mí na Samhna 2013 i ndáil le gearán roimhe sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún Cosanta Sonraí gníomh ionchúisimh a thionscnamh ar bhonn na gearán úr sin.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 2 Márta 2020, phléadail Mizzoni ciontach as ciontú amháin faoi Rialacháin 13(1) agus 13(13)(a)(i) de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas. Chuir an Chúirt Dúiche Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, ag ordú go ndéanfaí an cheist a chaitheamh amach ar bhonn tabhartas carthanachta €200 le Little Flower Penny Dinners. D'aontaigh Mizzoni go n-íocfadh sé costais dhlíthiúla an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Ionchúiseamh Three Ireland (Hutchison) Limited

In mhí an Mhárta, Aibreáin agus an Mheithimh 2020, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí trí ghearán ó dhaoine aonair

i ndáil le teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh a fuair siad ó chuideachta teileachumarsáide Three Ireland (Hutchison) Limited. Mar fhreagairt d'imscrúdú an Choimisiúin Cosanta Sonraí ar an gcéad ghearán, mhínigh Three cé gur iarr an custaiméir tarraingt amach as an margaíocht dhíreach leictreonach, mar gheall ar fhrídín uaineach ina gcóras, fuarthas teachtaireachtaí amhail tarraingt amach ach níor spreag siad an beart a theastaigh. Mar thoradh air sin níor nuashonraíodh a rogha ar chóras na cuideachta. Maidir leis an dara gearán, léirigh Three nár ionchuireadh iarratais an chustaiméara chun tarraingt amach sa chóras mar gheall ar fhadhb chumraíochta a tháinig as athruithe inmheánacha TF. Maidir leis an tríú gearán, shonraigh Three gur tharraing an custaiméir amach as an margaíocht dhíreach leictreonach agus go bhfuair sé deimhniú ina leith sin. Mar gheall ar earráid dhaonna, áfach, i gcás gur úsáideadh sraith ceadanna mhícheart, cuireadh margaíocht dhíreach leictreonach eile chuici.

Rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí Three a ionchúiseamh roimhe sin in 2012 as Rialachán 13 de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas a sháru maidir le trí ghearán roimhe sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún Cosanta Sonraí dul ar aghaidh go dtí ionchúiseamh eile a tháinig as an trí chás gearáin sin.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 17 Nollaig 2020, phléadail Three ciontach as ceithre chiontú faoi Rialachán 13(1) agus 13(13)(a)(i) de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas. Chuir an Chúirt Dúiche Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, ag ordú go ndéanfaí an cheist a chaitheamh amach ar bhonn tabhartas carthanachta €2, 000 le Little Flower Penny Dinners. D'aontaigh Three go n-íocfadh sé costais dhlíthiúla an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Ionchúiseamh AA Ireland Limited

In mhí Iúil agus Dheireadh Fómhair 2019, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí trí ghearán ó dhaoine aonair i ndáil le teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist margaíochta gan iarraidh a fuair siad ó AA Ireland Limited. Mar fhreagairt d'imscrúdú an Choimisiúin Cosanta Sonraí ar an gcéad ghearán, mhínigh AA gur iarr an custaiméir tarraingt amach as an margaíocht dhíreach leictreonach in 2017 agus gur cuireadh an tarraingt amach sin i bhfeidhm ag an am. Mar gheall ar 'fhadhb sa chóras', áfach, taifeadadh roinnt blianta ina dhiaidh sin gur roghnaigh sé páirt a ghlacadh agus go bhfuair sé tuilleadh margaíocht díreach leictreonach ar an ríomhphost. Maidir leis an dara gearán, léirigh AA go bhfuair sé iarratais an chustaiméara chun tarraingt amach ach toisc gur chuir an custaiméir cúig luachan éagsúla i gcrích agus go gcaithfí an tarraingt amach a chur i bhfeidhm ar gach ceann, mar thoradh air sin tharla moill agus cuireadh naoi déag teachtaireacht téacs margaíochta eile chuici thar thréimhse ocht lá i ndiaidh di tarraingt amach ar dtús. Maidir leis an tríú gearán, shonraigh AA nár roghnaigh an custaiméir margaíocht dhíreach leictreonach a fháil riamh. Mhaigh sé chomh maith gur meabhrúcháin a bhí sna teachtaireachtaí téacs a cuireadh chuig an gcustaiméir go raibh an dáta le haghaidh athnuachan a n-árachais ag druidim linn agus mheas sé gur teachtaireachtaí idirbhirt

a bhí sna teachtaireachtaí sin seachas teachtaireachtaí margaíochta. Mar gheall ar ábhar na dteachtaireachtaí téacs, áfach, mheas an Coimisiún Cosanta Sonraí gur teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh a bhí iontu.

Rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí AA a ionchúiseamh roimhe sin in 2018 as Rialachán 13 de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas a sháru maidir le gearán amháin roimhe sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún Cosanta Sonraí dul ar aghaidh go dtí ionchúiseamh eile a tháinig as an trí chás gearáin sin.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 17 Nollaig 2020, phléadail AA ciontach as trí chiontú faoi Rialachán 13(1) agus 13(13)(a)(i) de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas. Chuir an Chúirt Dúiche Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, ag ordú go ndéanfaí an cheist a chaitheamh amach ar bhonn tabhartas carthanachta €2,500 le Little Flower Penny Dinners. D'aontaigh AA go n-íocfadh sé costais dhlíthiúla an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Ionchúiseamh Ryanair DAC

I mí na Bealtaine 2019, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí gearán ó dhuine aonair maidir le ríomhphost margaíochta a fuair siad ó Ryanair DAC nach raibh siad ábalta díliostáil as. Léirigh an gearánaí nuair a úsáid siad an cnaipe chun díliostáil ón ríomhphost a fuair siad ó Ryanair fuair siad teachtaireacht earráide. Lean siad ar aghaidh ag fáil tuilleadh ríomhphoist mhargaíochta ina dhiaidh sin. Mar fhreagairt ar imscrúdú an Choimisiúin Cosanta Sonraí ar an ngearán, mhínigh Ryanair go bhfuair custaiméirí an 'teachtaireacht earráide' dá dtagraíodh sa ghearán mar gheall ar fhadhb theicniúil laistigh de Adobe Campaign (a úsáideann Ryanair lena bhfeachtais ríomhphoist a reáchtáil) a chuaigh i gcion ar iarratais ar dhíliostáil / tarraingt amach.

D'eisigh an Coimisiún Cosanta Sonraí litir um rabhadh foirmiúil chuig Ryanair in mí Aibreáin 2013 i ndáil le dhá ghearán roimhe sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún Cosanta Sonraí gníomh ionchúisimh a thionscnamh ar bhonn an ghearáin úir sin.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 17 Nollaig 2020, phléadail Ryanair ciontach as dhá chiontú faoi Rialachán 13(1), 13(12)(c) agus 13(13)(a)(i) de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas. Chuir an Chúirt Dúiche Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, ag ordú go ndéanfaí an cheist a chaitheamh amach ar bhonn tabhartas carthanachta €5,000 le Little Flower Penny Dinners. D'aontaigh Ryanair go n-íocfadh sé costais dhlíthiúla an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Ionchúiseamh Windsor Motors Unlimited Company

I mí Mheán Fómhair 2019, fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí trí ghearán ó dhaoine aonair i ndáil le teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh a fuair siad ó Windsor Motors Unlimited Company. Mar fhreagairt ar imscrúdú an Choimisiúin Cosanta Sonraí ar an gcéad agus

ar an dara gearán, mhínigh Windsor Motors gur sholáthair na hiarchustaiméirí a sonraí teagmhála don chuideachta in 2008 nuair a rinneadh obair sheirbhíse ar a bhfeithiclí. D'admhaigh gurbh é i mí Mheán Fómhair 2019 an chéad uair a díríodh ar uimhreacha fóin phóca na n-iarchustaiméirí sin le teachtaireachtaí margaíochta — aon bhliain déag ina dhiaidh sin. Ghlac sé dearcadh an Choimisiúin Cosanta Sonraí nár choinnigh sé toiliú margaíochta ar bith a d'fhéadfadh go bhfuair sé in 2008 cothrom le dáta i gcomhréir leis an riail dhá mhí dhéag atá leagtha amach i Rialachán 13(11)(d) de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachas. Maidir leis an tríú gearán, léirigh Windsor Motors go bhfuair sé iarratas an iarchustaiméara ionchasaigh maidir le tarraingt amach in 2017 agus gur cuireadh déileáladh leis an iarratas sin ar tharraingt amach. Mar sin féin, bhí sé beagnach bliain ina dhiaidh sin mar gheall ar earráid agus córas úr TF á thabhairt isteach gur cuireadh an rogha páirt a ghlacadh sa mhargaíocht arís gan chuimhneamh i sonraí an duine aonair.

D'eisigh an Coimisiún Cosanta Sonraí litir um rabhadh foirmiúil chuig Windsor Motors i mí Iúil 2017 i ndáil le gearán roimhe sin a fuarthas ón gcustaiméir ionchasach dá dtagraítear thuas. Dá réir sin, chinn an Coimisiún Cosanta Sonraí gníomh ionchúisimh a thionscnamh ar bhonn na ngearán úr sin.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 17 Nollaig 2020, phléadail Windsor Motors ciontach as ciontú amháin faoi Rialachán 13(1) agus 13(13)(a)(i) de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachas. Chuir an Chúirt Dúiche Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, ag ordú go ndéanfaí an cheist a chaitheamh amach ar bhonn tabhartas carthanachta €1,000 le Little Flower Penny Dinners. D'aontaigh Windsor Motors go n-íocfadh sé costais dhlíthiúla an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

Aguisín 4:

Cuideachta Idirnáisiúnta Twitter — Fiosrúchán (IN-19-1-1) faoi Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018

Cuideachta Idirnáisiúnta Twitter — Fiosrúchán (IN-19-1-1) faoi Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018

San Fhiosrúchán sin, a thionscain an Coimisiún Cosanta Sonraí ('an Coimisiún') ar an 22 Eanáir 2019, rinneadh scrúdú ar cé acu ar chloígh nó nár cloígh Cuideachta Idirnáisiúnta Twitter ('TIC') lena oibleagáidí faoin RGCS i ndáil lena fhógra, ar an 8 Eanáir 2019, maidir le sárú ('an Sárú') ar shonraí pearsanta don Choimisiún. Bhain an Sárú, a tharla ag próiseálaí TIC, Twitter Inc., le frídín i gcás nuair a dhéanadh úsáideoir Twitter ag a raibh cuntas cosanta, ag úsáid Twitter for Android, a seoladh ríomhphoist a athrú, nach raibh a gcuntas cosanta a thuilleadh.

Ba é an aidhm leis an bhFiosrúchán scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna áirithe thart ar fhógra TIC maidir leis an Sárú, seachas scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna suntasacha a bhain leis an Sárú féin. Maidir leis sin, rinneadh scrúdú san Fhiosrúcháin ar cé acu ar chloígh nó nár chloígh TIC le hAirteagal 33(1) den RGCS i gcomhthéacs uainiú a fhógra maidir leis an Sárú don Choimisiún, agus cé acu ar chloígh nó nár chloígh sé le hAirteagal 33(5) den RGCS, i ndáil lena dhoiciméadú maidir leis an Sárú.

Fíricí as ar tháinig an Fiosrúchán

Rinneadh fógra TIC mar leis an Sárú don Choimisiún, a raibh an Fiosrúchán mar thoradh air, ar an 8 Eanáir 2019 trí Fhoirm chomhlánaithe um Fhógra maidir le Sárú Trasteorann. San Fhoirm, léirigh an TIC go bhfuair sé tuairisc maidir le frídín trína 'Bug Bounty Program' ina ndúradh go bunúsach "...I gcás go ndéanadh úsáideoir Twitter ag a raibh cuntas cosanta, ag úsáid Twitter for Android, a seoladh ríomhphoist a athrú bheadh sé mar thoradh ar an bhfrídín nach raibh a gcuntas cosanta a thuilleadh." San Fhoirm um Fhógra maidir le Sárú a bhfuil tuilleadh eolais tugtha air, i ndáil le cúiseanna nár tugadh fógra don Choimisiún laistigh den tréimhse 72 uair an chloig arna cheangal le hAirteagal 33(1),

"Níor tuigeadh déine na ceiste — agus go raibh sé intu-airiscithe — go dtí an 3 Eanáir 2018 agus ag an bpointe sin cuireadh próiseas freagartha teagmhas Twitter i bhfeidhm."

Sainnithníodh leis an bhFoirm um Fhógra maidir le Sárú go bhféadfadh an tionchar féideartha ar dhaoine a ndeachthas i bhfeidhm orthu, faoi mar a mheasúnaigh TIC, a bheith "suntasach". I bhfoirm iarmheasúnaithe um fhógra a chuir TIC faoi bhráid an Choimisiúin ar an 16 Eanáir 2019, dheimhnigh TIC gurbh é 88,726 líon na n-úsáideoirí AE agus LEE a ndeachthas i bhfeidhm orthu. Dheimhnigh

sé chomh maith gur tugadh isteach an frídín a raibh an Sárú mar thoradh air *“ar an 4 Samhain 2014 agus go raibh sé leigheasta go hiomlán faoin 14 Eanáir 2019”* agus gur chreid sé, toisc nach bhféadfaí gach duine a ndeachthas i bhfeidhm orthu a shainaithint (mar gheall ar theorainneacha coinneála ar logaí a bhí ar fáil), gur cuireadh isteach ar thuilleadh daoine le linn na tréimhse sin.

Fiosrúchán faoi Alt 110, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018

De réir mar a dhealraigh sé ón bhFoirm um Fhógra maidir le Sárú a chuir TIC isteach d’imigh tréimhse níos mó ná 72 uair an chloig thart ó nuair a tháinig TIC (mar rialaitheoir) ar an eolas faoin Sárú, agus ag féachaint do líon na n-ábhar sonraí a ndeachthas i bhfeidhm orthu, chuir an Coimisiún tús leis an bhFiosrúchán, faoi Alt 110(1) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (‘Acht 2018’) chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu ar chloígh nó nár chloígh TIC lena oibleagáidí faoi Airteagal 33, agus níos sonraí arís, lena oibleagáidí faoi Airteagal 33(1) agus Airteagal 33(5).

Comhlíonadh Airteagal 33(1)

Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh TIC maidir le hAirteagal 33(1), scrúdaigh an Coimisiún an amlíne i ndáil le fógra TIC faoin Sárú don Choimisiún. Maidir leis sin, dheimhnigh TIC don Choimisiún le linn an Fhiosrúcháin go bhfuarthas fógra faoin bhfrídín ar dtús ar an 26 Nollaig 2018 ó chonraitheoir seachtrach a bhí fostaithe ag Twitter chun frídíní a chuardach agus a mheasúnú tríd an gClár Big Bounty, clár trína féidir le duine ar bith tuairisc ar fhrídín a chur isteach. Dheimhnigh TIC chomh maith go ndearna an conraitheoir seachtrach, ar an 29 Nollaig 2018, agus measúnú déanta aige ar an tuairisc ar fhrídíní, toradh a mheasúnaithe a chur in iúl do Twitter Inc. Dheimhnigh TIC ansin gur chuir Twitter Inc. tús ansin lena athbheithniú inmheánach ar an tSlándáil Faisnéise maidir leis an gceist ar an 2 Eanáir 2019, agus ina dhiaidh sin, ar an 3 Eanáir 2019, gur mheasúnaigh Twitter Inc. an teagmhas mar a bheith ina shárú féideartha ar shonraí pearsanta faoin RGCS agus chinn sé gur chóir an plean freagartha teagmhas a thionscnamh. Dheimhnigh TIC chomh maith, ina dhiaidh sin (ar an 4 Eanáir 2019), gur osclaíodh ticéad Bainistíochta Teagmhas (IM) ach, mar gheall gur theip ar (fhoireann Twitter Inc.) céim faoi leith a ghlacadh sa phróiseas bainistíochta teagmhas faoi mar a bhí sé ordaithe, níor cuireadh an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) do TIC leis an ticéad IM, rud a raibh moill ar fhógra a chur chuig an OCS (agus, dá réir sin TIC mar rialaitheoir) faoin gceist mar thoradh air.

Dheimhnigh TIC don Choimisiún gurbh é a phróiseálaí, Twitter Inc. a chuir an Sárú in iúl dó ar dtús, ar an 7 Eanáir 2019. D’admhaigh sé gur cloígh sé, i gcúinsí gur thug sé fógra don Choimisiún faoin Sárú ar an 8 Eanáir 2019, leis an gceanglas maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 33(1).

Agus an amlíne i ndáil le fógra TIC den Sárú á cur san áireamh, tháinig an Coimisiún ar an tuairim, in ainneoin fhíorfhéasacht TIC ar an Sárú ar an 7 Eanáir 2019, gur cheart go raibh TIC ar an eolas faoin Sárú níos luaithe agus, sa chás faoi leith sin, faoin 3 Eanáir 2019 ar a dhéanaí. Ag teacht ar an tuairim sin di, chuir an Coimisiún san áireamh gurbh é an 3 Eanáir 2019 an dáta ar a mheas Twitter Inc an teagmhas ar tús mar bheith ina shárú féideartha ar

shonraí pearsanta ach, ar chúiseanna neamhéifeachtúlacht an phróisis sna cúinsí sonracha a thit amach agus/nó mainneachtain Twitter Inc. cloí lena phróiseas bainistíochta teagmhas féin, tharla moill ar an sárú féideartha sonraí a chur in iúl don OCS agus, dá réir sin, níor cuireadh TIC (mar rialaitheoir) ar an eolas faoin Sárú go dtí an 7 Eanáir 2019.

Ag teacht ar an toradh sin di, chuir an Coimisiún moill níos luaithe san áireamh chomh maith a tháinig chun cinn sa tréimhse ó chuir an conraitheoir seachtrach an teagmhas in iúl do Twitter Inc ar dtús ar an 29 Nollaig 2018 go dtí gur thosaigh Twitter Inc. a athbheithniú ar Shlándáil Faisnéise ar an gceist ar an 2 Eanáir 2019. Le linn an Fhiosrúcháin, dheimhnigh TIC don Choimisiún gur tharla an mhoill sin *“mar gheall ar sceideal laethanta saoire an gheimhridh”* (i gcúinsí go raibh trí lá den cheithre lá a bhí i gceist ina laethanta saoire — deireadh seachtaine agus Lá na Bliana Úire), agus mar gheall air sin níor sainaithníodh agus níor formhéasaíodh an cheist mar ba chóir. Mar sin féin, níor ghlac an Coimisiún leis go raibh an mhoill sin réasúnta, go háirithe i gcúinsí nach féidir faillí a dhéanamh i gcás go bhféadfadh rioscaí a bheith i gceist do chearta cosanta sonraí agus príobháideachais ábhar sonraí, fiú ar feadh tréimhse theoranta laethanta, mar gheall gur lá/tréimhse saoire oifigiúil a bhí ann díreach agus á chur san áireamh nach gcuirtear stop le seirbhísí Twitter ag amanna mar sin.

Faoi mar atá léirithe sa Chinneadh, bhainfeadh cur i bhfeidhm malartach Airteagal 33(1), agus é sin a mhol TIC le linn an Fhiosrúcháin, go mbraitheann feidhmiú rialaitheora dá oibleagáid fógra a thabhairt, go bunúsach, ar chomhlíonadh a phróiseálaí maidir lena oibleagáidí faoi Airteagal 33(2), an bhonn ó éifeachtúlacht oibleagáidí Airteagal 33 ar rialaitheoir. Thiocfadh cur chuige dá leithéid salach ar chuspóir foriomlán an RGCS agus rún reachtóir AE.

Comhlíonadh Airteagal 33(5)

Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh TIC maidir le hAirteagal 33(5), rinne an Coimisiún athbheithniú ar na doiciméid a chuir TIC isteach le linn an Fhiosrúcháin, agus inar maígh sé gur thaifead sé an Sárú.

Agus amhlaidh á dhéanamh, fuair an Coimisiún nár chloígh TIC le hAirteagal 33(5). Bhí sé sin sna cúinsí i gcás na ndoiciméad a bhí á gcoinneáil ag TIC — ina n-aonar nó le chéile — nach raibh taifead, nó doiciméad iontu, maidir le, go sonracha, ‘sárú ar shonraí pearsanta’ laistigh de théarmaí Airteagal 33(5), ach seachas sin ba dhoiciméid ghinearálta a bhí iontu, lena n-áirítear tuarascálacha agus teachtaireachtaí inmheánacha, a cruthaíodh le linn bhainistíocht TIC ar an teagmhas.

Lena chois sin, fuair an Coimisiún nach raibh go leor faisnéise sna doiciméid a bhí á gcoinneáil ag TIC i ndáil leis an Sárú chun go mbeifí ábalta ceist um chomhlíonadh TIC maidir le ceanglais Airteagal 33 a dheimhniú, faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 33(5). Go sonracha, fuair an Coimisiún go raibh na doiciméid, ar chuir TIC in iúl gur iad an phríomhthaifead ina raibh na fíricí, éifeachtaí agus gníomh leigheasta a rinneadh maidir leis an Sárú taifeadta aige, easnamhach maidir le cúinsí i gcás raibh na fíricí ábhartha ar fud iontu i ndáil leis an bhfógra faoin Sárú don Choimisiún. Go sonracha, ní raibh tagairt ar bith sna doiciméid do na ceisteanna as ar tháinig an mhoill ar fhógra óna phróiseálaí faoin Sárú do TIC, nó níor tugadh aghaidh iontu ar an dóigh a ndearna TIC measúnú ar an riosca mar gheall ar an Sárú do na húsáideoirí

lena mbaineann. Fuair an Coimisiún chomh maith gur léiríodh easnaimh ar na doiciméid a chur TIC ar fáil mar thaifead den Sárú tuilleadh mar gheall gurbh éigean don Choimisiún, le linn an Fhiosrúcháin, fiosrúcháin iomadúla a ardú chun soiléireacht a fháil maidir leis na fíricí i ndáil le fógra faoin Sárú.

Próiseas faoi Airteagal 60 agus Airteagal 65 den RGCS

Ar an 22 Bealtaine 2020, d'eisigh an Coimisiún dréacht dá Chinneadh ('an Dréachtchinneadh') chuig údarais mhaoirseachta eile lena mbaineann ('CSAnna') dá dtuairim i gcomhréir leis an bpróiseas faoi Airteagal 60 den RGCS. Leagan amach sa Dréachtchinneadh toradh beartaithe an Choimisiúin maidir le sáruithe faoi Airteagail 33(1) agus 33(5) agus a thogra maidir le fíneáil riaracháin a fhorchur. Faoi Airteagal 60(4), tugtar tréimhse ceithre seachtaine do CSAnna chun agóid ábhartha agus réasúnaithe i gcoinne dréachtchinnidh a chur in iúl.

Chuir líon CSAnna agóidí in iúl i ndáil le gnéithe den Dréachtchinneadh, lena n-áirítear agóidí ar an mbonn gurbh cheart don Choimisiún, mar chuid dá Fhiosrúchán, forálacha den RGCS a bhreithniú; agóidí i ndáil le cúrsaí neamhshubstainteacha, amhail ainmniú ról an fhreagróra a bhí faoi imscrúdú (TIC) agus inniúlacht an Choimisiúin, mar Phríomhúdarás Maoirseachta, chun déileáil leis an gceist; agus agóidí i ndáil leis an bhfíneáil riaracháin a mhol an Coimisiún.

I ndiaidh na hagóidí a ardaíodh a chur san áireamh, agus iarrachtaí a dhéanamh chun teacht ar chomhaontú leis na CSAnna, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún na hagóidí a leanúint i nDréachtchinneadh leasaithe. Ar an mbonn sin, d'atreoraigh an Coimisiún an cheist chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí ('EDPB') lena chinneadh de bhun shásra réitigh díospóidí Airteagal 65. Chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí tús le nós imeachta Airteagal 65 ar an 8 Meán Fómhair 2020. Agus a chinneadh ceangailteach faoi Airteagal 65(1)(a) ('an EDPB') glactha aige ar an 9 Samhain 2020, thug an EDPB fógra faoi sin don Choimisiún ar an 17 Samhain 2020. As sin amach, de bhun Airteagal 65(6), ceanglaíodh ar an gCoimisiún a chinneadh deiridh a ghlacadh ar bhonn Chinneadh an EDPB *"gan moill mhíchuí agus faoi mhí amháin ar a dhéanaí i ndiaidh don Bhord a chinneadh a chur in iúl."*

Foráiltear in Airteagal 65(1)(a) maidir le cinneadh ceangailteach an EDPB faoi Airteagal 65, *"...go mbainfidh sé le gach ceist ar ábhar in agóid ábhartha agus réasúnaithe iad, go háirithe cé acu an bhfuil sárú á dhéanamh ar [an RGCS]".* Maidir leis sin, i gcomhthéacs mheasúnú an EDPB ar na hagóidí a d'ardaigh na CSAnna sa chás sin, fuarthas i gCinneadh an EDPB nach raibh roinnt de na hagóidí a ardaíodh 'ábhartha agus réasúnaithe' laistigh de bhrí Airteagal 4(24) ar an mbonn nár sholáthair siad léiriú soiléir ar shuntasacht na rioscaí a bhain leis an Dréachtchinneadh i ndáil le cearta agus saoirsí bunúsacha na n-ábhar sonraí agus, nuair is infheidhme, saorshreabhadh sonraí pearsanta laistigh den Aontas Eorpach (faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(24)).

Maidir le líon agóidí eile a ardaíodh, agus a rinneadh ar an mbonn gurbh cheart go ndearna an Coimisiún sáruithe eile faoi fhorálacha eile den RGCS a bhreithniú (go sonrach, Airteagail 5(1)(f), 5(2), 24 agus 32), agus cé go bhfuair an EDPB go raibh na hagóidí sin ábhartha agus

réasúnaithe faoin Airteagal 4(24), chinn sé nach féidir leis, ar bhonn na ngnéithe fíriciúla sa Dréachtchinneadh nó sna hagóidí féin, a dhearbhu go raibh sáruithe eile dá leithéid (nó a malairt) ann.

Ar deireadh, agus i ndáil leis na hagóidí a d'ardaigh na CSAnna i ndáil leis an bhfíneáil riaracháin a fhorchuireadh, fuair an EDPB go raibh cuid áirithe de na hagóidí sin ábhartha agus réasúnaithe faoi Airteagal 4(24). Dá réir sin, d'eisigh an EDPB treoir cheangailteach chuig an gCoimisiún chun athmheasúnú a dhéanamh ar na gnéithe ar a raibh sé ag brath chun méid na fíneála (faoi Airteagal 83(2) den RGCS) a ríomh agus chun a Dréachtchinneadh a leasú trí leibhéal na fíneála a mhéadú. (*Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Cinneadh an EDPB, féach ar shuíomh gréasáin an EDPB san áit ina bhfuil Cinneadh an EDPB foilsithe.*)

Cinneadh faoi Alt 111 d'Acht 2018

Ghlac an Coimisiún a Cinneadh deiridh ('an Cinneadh') ar bhonn Chinneadh an EDPB de bhun Airteagal 60(7) i gcomhar le hAirteagal 65(6), ar an 9 Nollaig 2020. Ar a fháil amach gur sháraigh TIC Airteagal 33(1) agus Airteagal 33(5) araon, d'fhorchuir an Coimisiún fíneáil riaracháin \$500,000 (a mheastar chun na críche seo ag €450,000) a léirigh méadú ar leibhéal na fíneála riaracháin beartaithe arna leagan amach sa Dréachtchinneadh, i gcomhréir le treoir an EDPB. Agus an fhíneáil sin á socrú, chinntigh an Coimisiún, faoi mar a cheanglaítear air a dhéanamh faoi Airteagal 83(1) den RGCS, go raibh an fhíneáil a forchuireadh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Maidir leis sin, agus cinneadh á dhéanamh i ndáil le fíneáil a fhorchur agus méid na fíneála sin a shocrú, breithnigh an Coimisiún an réimse iomlán tosca faoi Airteagal 83(2) den RGCS i gcomhthéacs chúinsí an cháis faoi leith. Agus amhlaidh á dhéanamh, thug an Coimisiún aird faoi leith ar chineál, ar dhéine agus ar fhad na sáruithe lena mbaineann, ag cur san áireamh cineál, raon agus cuspóir na próiseála agus líon na n-ábhar sonraí lenar bhain. Thug an Coimisiún aird chomh maith ar chineál faillitheach na sáruithe. Agus an fhíneáil á socrú, chuir an Coimisiún tosca eile san áireamh, lena n-áirítear na céimeanna a rinne Twitter Inc. chun an frídín a cheartú.

Ag teacht ar a chinneadh di sa chás sin, chuir an Coimisiún béim chomh maith go mbaineann tábhacht faoi leith le comhlíonadh an rialaitheora maidir leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 33(1) agus Airteagal 33(5) maidir le feidhmiú foriomlán an chórais maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a dhéanann údarais um chosaint sonraí.

Dearbhú ag an gCúirt Chuarda maidir le cinneadh chun fíneáil riaracháin a fhorchur

Faoi Alt 143 d'Acht 2018, ceanglaítear ar an gCoimisiún iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda ar dhearbhu ar a chinneadh fíneáil riaracháin a fhorchur. Ní féidir iarratas dá leithéid a dhéanamh ach nuair a éagfaidh an t-achar ama (28 lá), arna leagan síos le hAlt 142(1) d'Acht 2018, i gcomhair achomhairc ar an gcinneadh a rinne an rialaitheoir nó an próiseálaí lena mbaineann. Ag tráth an fhoilseacháin, agus an t-achar ama don achomharc imithe in éag, tá an Coimisiún ag déanamh réidh le hiarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda, faoi Alt 143 d'Acht 2018, ar dhearbhu ar a cinneadh i ndáil leis an bhfíneáil riaracháin.

Aguisín 5:

Dlíthíocht maidir le Clásail Conarthacha Chaighdeánacha

Coimisinéir Cosanta Sonraí i leith Facebook na hÉireann Teoranta agus Maximilian Schrems [Uimh. Thaifid. 2016/ 4809 P]

Ar an 31 Bealtaine 2016, thionscain DPC (an Coimisinéir Cosanta Sonraí ag an am) imeachtaí in Ard-Chúirt na hÉireann ag lorg tagartha do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le bailíochtú “clásail conarthach caighdeánach” (**CCCanna**) Sásra is ea CCCanna, arna mbunú le líon cinntí ó Choimisiún AE, faoinar féidir sonraí pearsanta a aistriú ón Aontas Eorpach go dtí na Stáit Aontaithe faoi láthair. Thionscain an Coimisiún Cosanta Sonraí na himeachtaí sin i gcomhréir leis na nós imeachta atá leagtha amach ag Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas ar an 6 Deireadh Fómhair 2015 (lenar cealaíodh an córas Tearmainn maidir le haistriú sonraí pearsanta ó AE go SAM). Rialaigh CBAE go gcaithfeadh údarás um chosaint sonraí AE an nós imeachta sin (a bhaineann le tagairt don CBAE a lorg) i gcás go measann údarás um chosaint sonraí AE go bhfuil údar maith le gearán arna dhéanamh ag ábhar sonraí i ndáil le hionstraim AE, amhail cinneadh ó Choimisiún AE.

(1) Cúlra

Tá bunús na n-imeachtaí a rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí sa bhunghearán a rinne an tUasal Maximilian Schrems i mí an Mheithimh 2013 leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí maidir le haistriú sonraí pearsanta ag Facebook Ireland chuig a mháthairchuideachta Facebook Inc. i SAM. Bhí imní ar an Uasal Schrems, mar go raibh a shonraí pearsanta á n-aistriú ó Facebook Ireland go Facebook Inc., go raibh na sonraí pearsanta á rochtain go neamhdhleathach (nó go raibh na baol ann go mbeadh rochtain orthu) ag gníomhaireachtaí slándála stáit na Stát Aontaithe. Tháinig buarthaí an Uasal Schrems chun cinn i bhfianaise nochtadh Edward Snowden i ndáil le cláir áirithe ar maíodh go raibh siad á n-oibriú ag Gníomhaireacht Slándála Náisiúnta SA, go sonrach clár ar a dtugtar “PRISM”. Dhiúltaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán sin ar an bhforas gur bhain sé le cinneadh ó Choimisiún AE (lenar bunaíodh an córas Tearmainn le haghaidh sonraí a aistriú ó AE go SAM) agus ar an mbonn sin bhí sí faoi cheangal faoin dlí náisiúnta agus AE a bhí ann ceana an cinneadh sin ó Choimisiún AE a chur i bhfeidhm. Thionscain an tUasal Schrems caingean athbhreithnithe bhreithiúnaithe i gcoinne an chinneadh gan imscrúdú a dhéanamh

ar a ghearán agus mar gheall ar an gcaingean sin rinne Ard-Chúirt na hÉireann tagairt don CBAE, a sholáthair a chinneadh ar an 6 Deireadh Fómhair 2015.

(2) Nós imeacht CBAE i ndáil le gearáin a bhaineann le cinntí ó Choimisiún AE

Le rialú an CBAE an 6 Deireadh Fómhair 2015 soiléiríodh nuair a dhéantar gearán le húdarás um chosaint sonraí AE a bhaineann le héileamh nach bhfuil cinneadh ó Choimisiún AE comhoiriúnach le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, nach mór don údarás ábhartha um chosaint sonraí scrúdú a dhéanamh ar an ngearán sin fiú mura mbeidh an t-údarás um chosaint sonraí sin é féin ábalta an cinneadh sin a chur i leataobh nó déileáil leis mar a bheith neamhbhainteach. Rialaigh an CBAE má mheasann an t-údarás um chosaint sonraí go bhfuil údar maith leis an ngearán, mar sin ní mór dul i mbun imeachtaí dlíthiúla os comhair na Cúirte náisiúnta agus, má bhíonn an t-amhras céanna ar an gCúirt náisiúnta maidir le bailíocht an chinneadh ó Choimisiún AE, ní mór don Chúirt náisiúnta ansin tagairt a dhéanamh don CBAE le haghaidh réamhráilú maidir le bailíocht an Chinneadh ó Choimisiún AE lena mbaineann. Faoi mar a luaitear thuas, chealaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas ar an 6 Deireadh Fómhair 2015 an cinneadh ó Choimisiún AE chomh maith lenar cuireadh taca faoin gcóras Tearmainn maidir le haistriú sonraí AE go SAM.

(3) Dréachtchinneadh an Choimisiúin Cosanta Sonraí

I ndiaidh chealú an chórais Tearmainn maidir le haistriú sonraí pearsanta, rinne an tUasal Schrems a ghearán a athcheapadh agus a chur isteach arís lena chuntas féin maidir leis an imeacht sin agus d’aontaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí dul ar aghaidh ar bhonn an ghearáin athcheaptha sin. Scrúdaigh an Coimisiún Cosanta Sonraí gearán an Uasal Schrems i bhfianaise airteagail áirithe de Chairt um Chearta Bunúsacha an AE (an Chairt), lena n-áirítear Airteagal 47 (an ceart chun leigheas éifeachtúil i gcás go ndéantar sárú ar na cearta agus saoirsí arna ráthú ag dlí AE). Le linn di imscrúdú a dhéanamh ar ghearán athcheaptha an Uasal Schrems, shocraigh an Coimisiún Cosanta Sonraí gur lean Facebook Ireland le sonraí pearsanta a aistriú chuig Facebook Inc. sna Stáit Aontaithe ar iontaoibh úsáid na CCCanna den chuid ba mhó. Ag teacht óna himscrúdú ar ghearán athcheaptha

an Uasail Schrems tháinig an Coimisiún Cosanta Sonraí ar an réamhthuarim (faoi mar a cuireadh in iúl i ndruchtchinnadh an 24 Bealtaine 2016 agus faoi réir tuilleadh aighneachtaí a fháil ó na páirtithe) go raibh údar maith le gearán an Uasail Schrems. Bhí sé sin bunaithe ar dhréacht-toradh an Choimisiúin Cosanta Sonraí nach bhfuil leigheas dlíthiúil atá comhoiriúnach le hAirteagal 47 den Chairt ar fáil i SAM do shaoránaigh AE a n-aistrítear a sonraí chuig SAM i gcás go bhféadfadh sé go mbeadh siad i mbaol go ndéanadh gníomhaireachtaí Stáit SAM iad a rochtain agus a phróiseáil chun críocha slándáil náisiúnta ar mhodh nach bhfuil comhoiriúnach le hAirteagal 7 agus 8 den Chairt. Tháinig an Coimisiún Cosanta Sonraí ar an réamhthuarim nach dtéann CCCanna i ngleic leis an easpa sin de leigheas éifeachtach atá comhoiriúnach le hAirteagal 47 agus dá réir sin gur dóigh go mbeidh CCCanna féin ina shárú ar Airteagal 47 a mhéid is a bhaineann siad le haistriú sonraí pearsanta shaoránaigh AE go SAM a dhlísteaí.

(4) Na himeachtaí agus an Éisteacht

Dá réir sin thionscain an Coimisiún Cosanta Sonraí imeachtaí in Ard-Chúirt na hÉireann ag lorg dearbhú maidir le bailíocht an chinnidh ó Choimisiún AE i ndáil le CCCanna agus réamhthagartha don CBAE ar an gceist sin. Níor lorg an Coimisiún Cosanta Sonraí faoiseamh sonrach sna himeachtaí i gcoinne Facebook Ireland nó an Uasail Schrems. Mar sin féin, rinneadh an bheirt acu a ainmniú mar pháirtithe sna himeachtaí chun deis a thabhairt dóibh (ach ní oibleagáid) páirt iomlán a ghlacadh toisc go mbeadh tionchar ag toradh na n-imeachtaí ar bhreithniú an Choimisiúin Cosanta Sonraí maidir le gearán an Uasail Schrems i gcoinne Facebook Ireland. Roghnaigh an dá pháirtí go nglacfadh siad páirt iomlán sna himeachtaí. Rinne deich tríú páirtí ar suim leo cúrsaí iarratas chun páirt a ghlacadh mar *amicus curiae* (“cairde na cúirte”) sna himeachtaí agus rialaithe an Chúirt go bhféadfadh ceithre pháirtí de na deich bpáirtí sin (Rialtas SAM, BSA, an Comhaontas Bogearraí, an Eoraip Dhigiteach agus EPIC (An Ionad um Fhaisnéis Ríomhphróibháideachais)) mar amici.

Tionóladh éisteacht na n-imeachtaí os comhair an Bhreithimh Uasail Costello in Ard-Chúirt na hÉireann (Rannóg Tráchtála) thar 21 lá i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2017 agus rinneadh an breithiúnas a fhorchoimeád ag conclúid na héisteachta. Go hachomair, rinneadh aighneachtaí dlíthiúla thar ceann: (i) gach páirtí, arbh iad sin an Coimisiún Cosanta Sonraí, Facebook Ireland agus an tUasal Schrems; agus (ii) gach duine de “chairde na Cúirte”, faoi mar atá sonraithe thuas. D’éist an Chúirt fianaise ó bhéal chomh maith ó 5 sainfhinné ar an iomlán maidir le dlí SAM, faoi mar a leanas:

- Ashley Gorski, Uasal, sainfhinné thar ceann an Uasail Schrems;
- An tOllamh Neil Richards, sainfhinné thar ceann an Choimisiúin Cosanta Sonraí;
- An tUasal Andrew Serwin, sainfhinné thar ceann an Choimisiúin Cosanta Sonraí;
- An tOllamh Peter Swire, sainfhinné thar ceann Facebook; agus

- An tOllamh Stephen Vladeck, sainfhinné thar ceann Facebook.

San idirthréimhse idir conclúid na trialach agus soláthar an bhreithiúnais ar an 3 Deireadh Fómhair 2017 (féach thíos), sholáthair na páirtithe sa Chúirt líon nuashonruithe ar an gcás-dlí agus ar fhorbairtí eile.

(5) Breithiúnas na hArd-Chúirte

Rinne an Breitheamh Uasal Costello an breithiúnas a sholáthar ar an 3 Deireadh Fómhair 2017 trí bhithin breithiúnas scríofa 152 leathanach. Sholáthair an Chúirt achoimre feidhmiúcháin den breithiúnas chomh maith.

Sa bhreithiúnas, chinn an Breitheamh Uasal Costello go raibh údar maith leis na buarthaí a chuir an Coimisiún Cosanta Sonraí in iúl ina dréachtchinnadh an 24 Bealtaine 2016, agus gur cheart cuid áirithe de na ceisteanna a ardaíodh sna himeachtaí sin a atreorú chuig an CBAE ionas go bhféadfadh an CBAE rialú a dhéanamh maidir le bailíocht na gcinntí ó Choimisiún AE lenar bunaíodh CCCanna mar mhodh chun aistrithe sonraí pearsanta a dhéanamh. Go sonrach dhearbhaigh an Chúirt go raibh údar maith le dréacht-torthaí an Choimisiúin Cosanta Sonraí arna leagan amach ina dréachtchinnadh an 24 Bealtaine 2016 nár chloígh dlíthe agus cleachtais SAM le ceart shaoránach AE faoi Airteagal 47 den Chairt chun leigheas éifeachtach os comhair binse neamhspleách (a bhfuil feidhm aige, faoi mar a luaigh an Chúirt, maidir le sonraí ábhair shonraí uile AE a n-aistríodh a sonraí chuig SAM).

Ina breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2017, chinn an Breitheamh Uasal Costello chomh maith, mar gheall gur chuir na páirtithe in iúl gur mhaith leo an deis a ghlacadh go n-éistfí leo i ndáil leis na ceisteanna a bhí le hatreorú chuig CBAE, go ndéanadh sí an cheist a liostú le haghaidh aighneachtaí ó na páirtithe agus ansin go ndéanadh sí na ceisteanna bhí le hatreorú chuig CBAE a chinneadh. Chuir na páirtithe sa chás, mar aon leis an *amicus curiae* aighneachtaí faoi bhráid na Cúirte, i measc nithe eile, maidir leis na ceisteanna a bhí le hatreorú, ar an 1 Nollaig 2017 agus ar an 16, 17 agus 18 Eanáir 2018. Le linn na n-éisteachtaí sin, rinneadh aighneachtaí thar ceann Facebook agus Rialtas SAM maidir le “hearráidí” ar líomhnaigh siad go ndearnadh iad i mbreithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2017. D’fhorchoimeád an Chúirt a breithiúnas maidir leis na cúrsaí sin.

(6) Ceisteanna a bhí le hatreorú chuig an CBAE

Ar an 12 Aibreán 2018, chuir an Breitheamh Uasal Costello a hlarratas ar Réamhrálú ón CBAE de bhun Airteagal 267 den CFAE in iúl do na páirtithe. Sa doiciméad leagtar amach na 11 cheist faoi leith a bhí le hatreorú chuig an CBAE, mar aon le cúlra leis na himeachtaí.

Ar an dáta céanna, léirigh an Breitheamh Uasal Costello go ndearnadh sí roinnt mionathruithe ar a breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2017, go sonrach ar mhíreanna 175, 176, 191, 192, 207, 213, 215, 216, 220, 221 agus 239. Le linn na héisteachta sin, léirigh Facebook gur mhaith

leis smaoineamh ar an ndéanfadh sé cinneadh na hArd-Chúirte tagairt a dhéanamh don CBAE a achomharc nó nach ndéanfadh agus dá ndéanfadh, bac ar an tagairt arna déanamh ag an Ard-Chúirt don CBAE a lorg. Ar an mbonn sin, liostaigh an Ard-Chúirt an cheist le haghaidh an 30 Aibreán 2018.

Nuair a cuireadh na himeachtaí os comhair na hArd-Chúirte ar an 30 Aibreán 2018, rinne Facebook iarratas ar bhac ar thagairt na hArd-Chúirte don CBAE ag feitheamh le hachomharc uaidh i gcoinne dhéanamh na tagartha. Rinne na páirtithe aighneachtaí i ndáil le hiarratas Facebook ar bhac.

Ar an 2 Bealtaine 2018, sholáthair an Breitheamh Uasal Costello a breithiúnas maidir le hiarratas Facebook ar bhac ar thagairt na hArd-Chúirte don CBAE. Ina breithiúnas, dhiúltaigh an Breitheamh Uasal Costello an t-iarratas ó Facebook ar bhac, ag dearbhu go ndéanfadh an éagóir is lú de bharr dhiúltú na hArd-Chúirte do bhac ar bith agus an tagairt a sholáthar láithreach don CBAE.

(7) Achomharc chun na Cúirte Uachtaraí

Ar an 11 Bealtaine 2018, lóisteáil Facebook achomharc, agus rinne sé iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí, i gcoinne bhreithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2017, bhreithiúnas leasaithe an 12 Aibreán 2018 agus bhreithiúnas an 2 Bealtaine 2018 lena diúltaíodh bac. Éisteadh iarratas Facebook ar chead chun achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí ar an 17 Iúil 2018. I mbreithiúnas a soláthraíodh ar an 31 Iúil 2018, dheonaigh an Chúirt Uachtarach cead do Facebook ag tabhairt cead dó a achomharc a thionscnamh sa Chúirt Uachtarach ach d'fhág sí an cheist maidir le cineál an achomhairc a mbeadh cead é a tabhairt os comhair na Cúirte Uachtaraí oscailte. Le linn dheireadh 2018, bhí roinnt éisteacht nós imeachta sa Chúirt Uachtarach le hullmhú don éisteacht shubstainteach. Tionóladh an éisteacht shubstainteach den achomharc thar an 21, 22 agus 23 Eanáir 2018 os comhair painéal 5 bhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí — An Breitheamh Uasal Clarke, an Breitheamh Uasal Charleton, an Breitheamh Uasal Dunne, an Breitheamh Uasal Finlay Geoghegan agus an Breitheamh Uasal O'Donnell. Rinneadh argóintí ó bhéal thar ceann Facebook, an Choimisiún Cosanta Sonraí, Rialtas SAM agus an Uasail Schrems. Bhain na ceisteanna lárnacha a tháinig as an achomharc le cé acu an bhféadfadh, mar ábhar dlí, an Chúirt Uachtarach athbhreithniú a dhéanamh ar na fíricí a rinne an Ard-Chúirt i ndáil le dlí SAM. Tháinig sé sin as líomhaintí a rinne Facebook agus Rialtas SAM go raibh earráidí fíriciúla i mbreithiúnas na hArd-Chúirte, lenar cuireadh taca faoin tagairt a rinneadh don CBAE.

Ar an 31 Bealtaine 2019, sholáthair an Chúirt Uachtarach a príomhbhreithiúnas, ina bhfuil 77 leathanach. Go hachomair, chaith an Chúirt Uachtarach achomharc Facebook amach go hiomlán. Agus amhlaidh á dhéanamh, chinn an Chúirt Uachtarach an méid seo a leanas:

- Ní raibh sí sásta, mar ábhar dhlí na hÉireann nó AE, smaoineamh ar achomharc ar bith i gcoinne cinnidh ón Ard-Chúirt maidir le tagairt a dhéanamh don CBAE. Níor ghlac sí ach an oiread leis an gCúirt Uachtarach bheith ag smaoineamh ar achomharc ar bith i ndáil le téarma tagartha dá leithéid (i.e. na ceisteanna sonracha a d'atreoraigh an Ard-Chúirt chuig an CBAE). Chinn an Chúirt Uachtarach gur ábhar d'Ard-Chúirt na hÉireann amháin é cé acu tagairt a dhéanamh ná gan tagairt a dhéanamh don CBAE. Dá réir sin ní raibh sé cuí don Chúirt Uachtarach, i gcomhthéacs achomhairc Facebook, anailís na hArd-Chúirte a bhreithniú a raibh an cinneadh mar thoradh air go raibh na buarthaí céanna aici is a bhí ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí i ndáil le bailíocht an Cinnidh CCC. Bhí sé sin mar gheall ar an gceist a bhí dlúth-nasctha le cinneadh na hArd-Chúirte tagairt a dhéanamh don CBAE agus níor ghlac sé le Facebook bheith ag féachaint do sin mar phointe achomhairc.
- Ghlac sí leis go mbreithneodh an Chúirt Uachtarach an raibh na fíricí a fuair an Ard-Chúirt (i.e. na fíricí sin lenar cuireadh taca faoin tagairt a rinneadh don CBAE) inbhuanaithe faoi threoir na fianaise a cuireadh os comhair na hArd-Chúirte, nó ar cheart na fíricí sin a chealú.
- A mhéid is gur cheistigh Facebook príomhcheistean-na áirithe den fhírce a fuair an Ard-Chúirt maidir le dlí SAM, ar bhonn na sainfhianaise a cuireadh os comhair na hArd-Chúirte, níor shainaithin an Chúirt Uachtarach torthaí fírce ar bith a bhí neamh-inbhuanaithe. Dá réir sin, níor chealaigh an Chúirt Uachtarach ceann ar bith de na fíricí a fuair an Ard-Chúirt. Ina ionad sin, bhí sé de thuairim na Cúirte Uachtaraí gur bhain na cáintí a rinne Facebook faoi bhreithiúnas na hArd-Chúirte le tréithriú cuí na mbunfhírce seachas na fíorfhírce.

(8) Éisteacht os comhair an CBAE

Thionóil an CBAE (an Mór-Dhlísheomra) éisteacht ó bhéal i ndáil leis an tagairt a rinne Ard-Chúirt na hÉireann dó ar an 9 Iúil 2019. Shuigh an CBAE le comhdhéanamh de 15 bhreitheamh, lena n-áirítear Uachtarán an CBAE, an Breitheamh Koen Lenaerts. Ba é an Breitheamh Thomas von Danwitz an Rapóirtéir Breithimh Ceaptha. Ba é Henrik Saugmandsgaard Øe an tArd-Abhcóide a sannadh don chás.

Ag an éisteacht, rinne an Coimisiún Cosanta Sonraí, an tUasal Schrems agus Facebook aighneachtaí ó bhéal os comhair an CBAE. Tugadh cead do na 4 pháirtí a ghlac páirt mar *amicus curiae* ("cairde na cúirte") sa chás roimh Chúirt na hÉireann (SAM, EPIC, BSA Business Software Alliance Inc. agus an Eoraip Dhigiteach) aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh chomh maith. Lena chois sin, rinne Parlaimint na hEorpa, Coimisiún AE agus Íon Ballstát (an Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír, agus an Ríocht Aontaithe) a rinne gach ceann acu idirghabháil sna himeachtaí aighneachtaí ó bhéal chomh maith ag an éisteacht os comhair an CBAE. Lena chois sin, ar cuireadh ón CBAE, chuaigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) os comhair an CBAE maidir le ceisteanna faoi leith.

(9) Tuairim an Ard-Abhcóide

Soláthraíodh Tuairim Ard-Abhcóide Saugmandsgaard Øe (an AA) ar an 19 Nollaig 2019.

Sa Tuairim sin, mar réamhchúrsaí, luaigh an AA gur thionscain an Coimisiún Cosanta Sonraí imeachtaí i ndáil le gearán an Uasail Schrems os comhair na Cúirte náisiúnta atreoraithe i gcomhréir le mír 65 de bhreithiúnas an CBAE an 6 Deireadh Fómhair 2015 (faoi mar a thuairiscítear tuilleadh thuas). Fuair an AA chomh maith go raibh an t-iarraitas ar réamhrialú inghlactha.

I ndáil leis na ceisteanna a d'atreoraigh Ard-Chúirt na hÉireann chuig an CBAE, chuir an AA srian go sonrach lena bhreithniú maidir le bailíocht an Chinnidh ó Choimisiún AE is bonn leis na CCCanna (Cinneadh CCCanna). Ón dtús, luaigh an tArd-Abhcóide go raibh an anailís sa Tuairim, dar leis, treoraithe ag an mian cothro- maíocht a fháil idir an gá le méid réasúnta réadúlachta a thaispeáint chun caidreamh leis an gcuid eile den domhan a éascú agus an gá leis na luachanna bunaidh arna n-aithint in orduithe dlíthiúla AE, a Bhallstát agus na Cairte um Chearta Bunúsacha a dearbhú. Bhí sé den tuairim chomh maith nach mór an Cinneadh CCCanna a scrúdú faoi threoir fhorálacha an RGCS (i gcomparáid leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí (Treoir 95/46)) ar aon dul le hAirteagal 94(2) agus luaigh an AA chomh maith go ndéantar forálacha comhfhreagracha na Treorach maidir le Cosaint Sonraí a atáirgeadh go bunúsach le forálacha ábhartha an RGCS.

Mheas an AA go bhfuil feidhm ag dlí AE maidir le haistriú sonraí pearsanta ó Bhallstát chuig tríú tír i gcás go bhfuil an t-aistriú sin ina chuid de ghníomhaíocht tráchtála. Maidir leis sin, ba í tuairim an AA go bhfuil feidhm ag dlí AE maidir le haistriú den chineál sin beag beann ar cé acu an bhféadfadh údarais phoiblí an tríú tír sin na sonraí pearsanta a aistriódh chun críocha shlándáil náisiúnta na tíre sin a chosaint. Maidir le cineál na CCCanna, ba í tuairim an AA go léiríonn na CCCanna sásra ginearálta is infheidhme maidir leis na haistrithe beag beann ar an tríú tír cinn scríbe agus an leibhéal cosanta a chinntítear ansin.

Maidir leis an tástáil i gcomhair an leibhéil chosanta a theastaíonn i ndáil le cosaintí (a d'fheadfadh na CCCanna a sholáthar) atá scrúdaithe le hAirteagal 46 den RGCS i gcás go bhfuil sonraí pearsanta á n-aistriú amach as AE go tríú tír nach bhfuil toradh dóthanach aici, ba í tuairim an AA go gcaithfeadh an leibhéal cosanta arna chur ar fáil ag na cosaintí sin a bheith comhionann go bunúsach leis an leibhéal cosanta a chuirtear ar fáil d'ábhair shonraí in AE leis an RGCS agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. Mar sin, ní athraíonn ceanglais na cosanta le haghaidh cearta bunúsacha arna gcinntiú leis an gCairt de réir an bhoinn dhlíthiúil don aistriú sonraí.

I ndiaidh scrúdú mionsonraithe ar chineál agus ábhair an CCCanna, chinn an AA nach raibh an Cinneadh CCCanna neamhbhailí faoi threoir na Cairte. Ina thuairim, toisc gurbh é an cuspóir leis na CCCanna easnaimh ar bith i gcosaint na sonraí pearsanta arna cur ar fáil ag an tríú tíre a chúiteamh, níorbh fhéidir bailíocht an Chinnidh CCCanna brath ar an leibhéal cosanta sa tríú tír. Seachas sin ní mór ceist na bailíochta a mheas faoi threoir shláine

na gcosaintí arna gcur ar fáil ag na CCCanna chun easnaimh ar an gcosaint sa tríú tír a leigheas. Ní mór na cosaintí ina bhfuil cumhachtaí na n-údarás maoirseachta faoin RGCS a chur san áireamh sa mheastóireacht sin chomh maith. Toisc go gcuireann an CCCanna an fhreagracht ar an rialaitheoir (an t-easpórtálaí), agus na húdarais mhaoirseachta mar mhalairt air sin, ciallaíonn sé sin nach mór don rialaitheoir, agus na húdarais mhaoirseachta mar mhalairt air sin, measúnú a dhéanamh ar aistrithe de réir an cháis, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na dlíthe sa tríú tír ina mbacainn ar leibhéal dóthanach cosanta a fháil do na sonraí aistrithe, a mhéid is go gcaithfear na haistrithe sonraí sin a thoirmeasc nó a chur ar fionraí.

Bhreithnigh an AA cineál na n-oibleagáidí atá ar an rialaitheoir a dhéanann easpórtáil na sonraí pearsanta ansin, lena n-áiríodh, de réir an AA, oibleagáid éigeantach maidir le haistriú sonraí a chur ar fionraí nó Conradh leis an iompórtálaí a fhoirceannadh mura bhféadfadh an iompórtálaí cloí le forálacha na CCCanna. Bhreithnigh an AA na hoibleagáidí ar an iompórtálaí chomh maith maidir leis sin agus rinne sé breathnuithe áirithe faoi chineál an scrúdaithe ar dhlíthe an tríú tír ba cheart don easpórtálaí agus don iompórtálaí a dhéanamh.

Rinne an AA tagairt do chearta na n-ábhar sonraí chomh maith a chreideann sé go ndearnadh sárú ar na cláisail CCC chomh maith maidir le gearán a dhéanamh leis na húdarais mhaoirseachta, agus bhreithnigh ansin cad é ról a mheas sé a bheith ag na húdarais mhaoirseachta sa chomhthéacs sin ansin. Go bunúsach, bhreithnigh an AA i gcás, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh, go measann údarás maoirseachta nach mbaineann sonraí a aistriú go tríú tír tairbhe as cosaint chuif toisc nach gclóítear leis na CCCanna, gur cheart don údarás bearta imleora a dhéanamh chun an neamhdhleathacht sin a leigheas, más cuí, trína ordú go gcuirfí an t-aistriú ar fionraí. Luaigh an AA aighneachtaí an Choimisiúin Cosanta Sonraí nach bhféadfaí an chumhacht chun aistrithe a chur ar fionraí a fheidhmiú ach de réir an cháis agus nach rachadh sé i ngleic le ceisteanna córasacha a thagann as easpa dhóthanach cosanta i dtríú tír. Ag an bpointe sin, léirigh an AA na deacrachtaí praiticiúla atá nasctha le rogha reachtach an fhreagracht a chur ar na húdarais mhaoirseachta as a chinntiú go gclóítear le cearta ábhar sonraí i gcomhthéacs na n-aistrithe nó na sreafaí sonraí chuig faighteoir sonrach ach dúirt sé faoi na deacrachtaí sin nach bhfuil an chuma air nach bhfuil na CCCanna neamhbhailí mar gheall orthu.

Cé gur shonraigh sé nach ndearna Ard-Chúirt na hÉireann an cheist maidir le bailíocht na Scéithe Príobháideachais a atreoraigh go soiléir chuig an CBAE, mheas an AA gur ardaigh cuid de na ceisteanna a d'ardaigh Ard-Chúirt na hÉireann bailíocht an toraidh maidir le bailíocht a rinne Coimisiún AE i ndáil leis an Sciath Phríobháideachais. Mheas an AA go mbeadh sé róluath don Chúirt rialú a dhéanamh maidir le bailíocht na Scéithe Príobháideachais i gcomhthéacs na tagartha sin cé gur luaigh sé go bhféadfadh na freagraí ar na ceisteanna a d'ardaigh Ard-Chúirt na hÉireann i ndáil leis an Sciath Phríobháideachais a bheith úsáideach ar deireadh don Choimisiún Cosanta Sonraí níos déanaí agus cinneadh á dhéanamh

aici ar cé acu an gcuirfí nó nach gcuirfí na haistrithe lena mbaineann ar fionraí i ndáiríre mar gheall ar neamhláithreacht líomhnaithe na gcosaintí cuí. Rinne an AA tagairt chomh maith, áfach, don fhéidearthacht go bhféadfadh an Coimisiún Cosanta Sonraí sa scrúdú ina dhiaidh sin ar ghearán an Uasail Schrems, i ndiaidh sholáthar bhreithiúnas na Cúirte, a chinneadh nach bhféadfadh sé an gearán a shocrú mura ndéanadh an CBAE rialú ar dtús ar cé acu an raibh an Sciath Phríobháideachas féin ina bacainn ar fheidhmiú chumhacht an Choimisiúin Cosanta Sonraí na haistrithe lena mbaineann a chur ar fionraí. Luaigh an AA i gcás go mbeadh amhras ar an gCoimisiún Cosanta Sonraí faoi bhailíocht na Scéithe Príobháideachais, go mbeadh sé sásta má thugann an Coimisiún Cosanta Sonraí an cheist os comhair Chúirt na hÉireann arís lena lorg go ndéanfaí tagairt ar an bpointe sin arís don CBAE.

In ainneoin gur ghlac an AA an seasamh go bhféadfadh an Chúirt, i gcomhthéacs na tagartha sin, staonadh ón rialú sin maidir le bailíocht na Scéithe Príobháideachais ina breithiúnas, chuir sé in iúl ansin, mar mhalairt, roinnt *“breathnuithe neamh-uileghabhálacha”* ar éifeachtaí agus ar bhailíocht an chinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais. Leagadh amach na breathnuithe sin thar thart ar 40 leathanach d’anailís mhionsonraithe, lena n-áirítear anailís ar an raon de cad a bhí i gceist le *“coibhéiseacht riachtanach”* cosanta i stát tríú páirtí, an cur isteach féideartha maidir le ceart ábhar sonraí i ndáil le sonraí a aistriú go SAM mar gheall ar ghníomhaireachtaí náisiúnta faisnéise, gá agus comhréireacht an chur isteach sin agus dlíthe agus cleachtais na Stát Aontaithe, lena n-áirítear na cinn a bhaineann leis an gceist ar cé acu an bhfuil leigheas breithiúnach éifeachtúil i SAM do dhaoine a n-aistríodh a sonraí go SAM agus ar gur chuir gníomhaireachtaí faisnéise SAM isteach ar a gcearta cosanta sonraí. Agus an anailís sin curtha i gcrích aige, chríochnaigh an AA ar deireadh trí amhras a chur in iúl faoi chomhréireacht na Scéithe Príobháideachais maidir le forálacha dhlí AE.

(10) Breithiúnas an CBAE

Sholáthair an CBAE a bhreithiúnas ar an 16 Iúil 2020.

Go hachomair:

- Pléadh roinnt pointí sa bhreithiúnas a bhaineann le haistrithe go ginearálta; i measc nithe eile, dhearbhaigh an Chúirt, mar phríomhphrionsabal de dhlí AE, an moladh i gcás go n-aistrítear sonraí pearsanta shaoránach AE go tríú tír, nach mór leibhéal cosanta a thabhairt dó nó di i ndáil lena sonraí pearsanta a bheidh coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal a chinntítear san Aontas Eorpach; go tábhachtach, shoiléirigh an Chúirt chomh maith gur fíor an moladh beag beann ar an sásra dlíthiúil a úsáidtear chun údar a thabhairt le haistriú faoi leith.
- Dhearbhaigh an CBAE bailíocht Chinneadh 2010/87/AE ón gCoimisiún, arb cinneadh é lena ghlac Coimisiún AE na CCCanna. Fágann sé sin go bhfuil na CCCanna ar fáil lena n-úsáid fós ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe i ndáil le haistrithe chuig tríú tíortha, faoi réir go gcomhlíonfaidh siad príomhphointí áirithe

prionsabail arna gcur i iúl ag an gCúirt le linn a breithiúnais.

- Maidir leis sin, shoiléirigh an CBAE go bhfuil cineál agus méid na n-oibleagáidí a bhfuil easpórtálaithe sonraí — agus údarais mhaoirseachta náisiúnta agus cosanta sonraí — faoina réir i gcás ar bith ina mbraithfear ar CCCanna chun údar a thabhairt le aistrithe sonraí chuig tríú tír.
- Go sonrach, léirigh na Chúirt na céimeanna atá le déanamh ag rialaitheoirí, sula rachaidh siad i mbun aistrithe sonraí faoi na CCCanna, lena dheimhniú, de réir an cháis agus, nuair is cuí, i gcomhair leis an iompórtálaí sonraí, cé acu an gcinntítear nó nach gcinntítear le dlí an tríú tír chuig a mbeidh na sonraí á n-aistriú cosaint dhóthanach faoi dhlí AE.
- Mar an gcéanna, dhearbhaigh an Chúirt má chinneann údarás náisiúnta maoirseachta, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh, nár tugadh leibhéal dóthanach cosanta d’ábhar sonraí a n-aistríodh a sonraí pearsanta chuig tríú trí sa tír sin, ní mór don údarás náisiúnta maoirseachta, mar ábhar dhlí AE, beart cuí a dhéanamh chun torthaí ar neamhdhóthanachta ar bith a leigheas agus, chuige sin, ceann amháin nó níos mó de na bearta ceartaitheacha a sainaithníodh in 58(2) den RGCS a fheidhmiú.
- Rinneadh cuid mhór d’anailís na Cúirte a threorú chuig measúnú ar na cosaintí a thugtar do shaoránaigh AE i gcomhthéacs aistrithe AE-SAM. Maidir leis sin, fuair an Chúirt, cé go gcuirtear teorainneacha áirithe le dlíthe intíre SAM ar cheart údarais phoiblí SAM maidir le rochtain ar shonraí aistrithe nó úsáid sonraí aistrithe i gcomhthéacs faoi leith, nach gcuirtear leibhéal cosanta atá coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal a cheanglaítear le dlí AE ar fáil leis na teorainneacha sin.
- Sa chomhthéacs sin, dhearbhaigh an Chúirt go raibh an cinneadh lena ghlac Coimisiún AE na socruithe maidir leis an *“Sciath Phríobháideachais”* le haghaidh aistrithe AE-SAM neamhbhaile. Go ginearálta, d’fhéadfaí an breithiúnas a léamh chomh maith, ar a laghad ar bith, mar chomhartha láidir rabhaidh a chur in iúl i ndáil le húsáid CCCanna le haghaidh aistrithe sonraí chuig SAM,

Pointí a bhaineann le haistrithe go ginearálta

Rochtain údarais phoiblí ar shonraí aistrithe chun críocha slándáil phoiblí, cosanta agus slándáil Stáit.

Maidir leis an gcéad gceist shubstainteach lena phléigh an Chúirt dhiúltaigh sí an moladh go raibh rochtain údarais phoiblí ar shonraí aistrithe chun críocha slándáil phoiblí, cosanta agus slándáil Stáit lasmuigh den raon feidhme an RGCS. I dtaca leis sin, bhí an Chúirt tuisceanach i gcomhthéacs an dearbhair a tugadh (ag mír 89 den bhreithiúnas) maidir leis an RGCS *“go bhfuil feidhm aige maidir le haistriú sonraí pearsanta chun críocha tráchtála ag oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe i mBallstát chuig oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe i dtríú tíre, beag beann ar cé acu, ag tráth an aistrithe nó ina dhiaidh sin, an ndéanfaidh údarais an tríú tír lena mbaineann na sonraí sin a phróiseáil chun críocha slándáil phoiblí, cosanta agus slándáil Stáit.”*

An leibhéal cosanta a theastaíonn

Ag mír 95 den bhreithiúnas, luaigh an Chúirt go sonraítear i Réamhaithris 107 den RGCS, i gcás *“nach dtugann tríú tír, nó críoch nó earnáil shonraithe laistigh de thríú tír... leibhéal dóthanach cosanta sonraí a thuilleadh... gur cheart aistriú na sonraí pearsanta chuig an tríú tír sin a thoirmeasc mura ndéanfar ceanglais [an RGCS] maidir le haistrithe atá faoi réir cosaintí cuí... a chomhlíonadh”*.

Maidir leis an leibhéal cosanta a cheanglaítear leis an RGCS i gcomhthéacs aistrithe chuig tríú tíortha, fuair an Chúirt, ag mír 91 den bhreithiúnas, agus faoi threoir Airteagal 46(1) agus Airteagal 46(2)(c) den RGCS, go bhféadfaidh rialaitheoir nó próiseálaí, ceal cinneadh leordhóthanachta, sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíre, agus amháin má:

(i) sholáthair an rialaitheoir nó na próiseálaí ‘cosaintí cuí’ (a bhféadfadh na CCCanna a bheith ina measc); agus,

(ii) ar an gcoinníoll go bhfuil cearta infheidhmithe ábhar sonraí agus leigheasanna dlíthiúla éifeachtúla ar fáil do na hábhair shonraí.

Ag luaigh nach sainaithnítear in Airteagal 46, le sainiúlacht, cad is brí leis na téarmaí “cosaintí cuí”. “cearta infheidhmithe” agus “leigheasanna dlíthiúla éifeachta-cha”, dhearbhaigh an Chúirt, i gcúinsí ina bhforáiltear in Airteagal 44 “go gcuirfear gach foráil [sa chaibidil sin] i bhfeidhm lena chinntiú nach mbainfear an bonn de leibhéal cosanta daoine aonair arna ráthú [leis an rialachán sin], go bhfágann sé go gcaithfear an leibhéal céanna cosanta a choimeád i gcás go n-aistrítear sonraí pearsanta chuig tríú tír, beag beann ar an sásra dlíthiúil trína ndéantar an t-aistriú (mír 92 den bhreithiúnas).

Ag tagairt do Réamhaithris 108, luaigh an Chúirt chomh maith (ag mír 95 den bhreithiúnas), ceal cinneadh leordhóthanachta, nach foláir nó go ndéanadh na ‘cosaintí cuí’ atá le cur i bhfeidhm ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseáil i gcomhréir hAirteagal 46(1) ‘an easpa cosaint sonraí sa tríú tír a chúiteamh’ d’fhonn *“comhlíonadh a chinntiú maidir le ceanglais um chosaint sonraí agus cearta na n-ábhar sonraí is cuí i ndáil le próiseáil laistigh den Aontas”*.

Dá réir sin, ag baint úsáid as an teanga a d’úsáideadh roimhe sin ina breithiúnas sa chás níos luaithe Schrems i leith an *Chomisiúin Cosanta Sonraí*, (Cás C-362/14, EU:C:2015:650, 6 Deireadh Fómhair 2015), luaigh an Chúirt, ag mír 96, i gcúinsí lena bhfuil sé beartaithe le Caibidil V den RGCS a chinntiú go gcoimeádtar leibhéal céanna cosanta a thugtar d’ábhair shonraí laistigh de AE agus nuair a aistrítear a sonraí chuig tríú tír, fágann sé, i gcás ar bith ina ndéantar sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír, gurb é an leibhéal cosanta a theastaíonn ceann atá “coibhéiseach go bunúsach” leis an leibhéal a ráthaítear laistigh den Aontas Eorpach”.

Láimhseáil na CCCanna ag an gCúirt

Cur i bhfeidhm na CCCanna i ngníomh

Ag mír 126 dá breithiúnas, thug an Chúirt faoi deara, cé go bhféadfadh sé go n-éascaíonn na cosaintí sna CCCanna an leibhéal cosanta a chomhlíonann tástáil na “coibhéiseachta riachtanaí” i gcás aistriú chuig roinnt tríú tíortha, d’fhéadfadh sé go nach mbeifí ábalta an leibhéal sin cosanta a bhaint amach leis an CCCanna mar gheall ar dhlíthe agus ar chleachtais i dtríú tíortha eile. Chuir an Chúirt an pointe sin in iúl sna téarmaí seo a leanas:

“Dá réir sin, cé go bhfuil cásanna ann, ag brath ar an dlí agus na cleachtais atá i bhfeidhm sa tríú tír lena mbaineann, ina bhfuil sé ar chumas faighteora cosaint riachtanach na sonraí a ráthú ar bhonn na gclásal caighdeánach um chosaint sonraí amháin, go bhfuil cásanna eile ann ina bhféadfadh sé nach mbeadh modh dóthanach in ábhar na gclásal caighdeánach sin chun cosaint éifeachtach na sonraí pearsanta a aistrítear chuig an tríú tír lena mbaineann a chinntiú i ngníomh. Is amhlaidh sin go sonrach, i gcás go gceadaíonn dlí an tríú tír sin dá n-údarais phoiblí cur isteach ar chearta ábhar sonraí lena mbaineann na sonraí sin.”

I ndiaidh di a léiriú ag mír 128 den bhreithiúnas nach bhfuil sé riachtanach go mbeadh tionscnamh na gcosaintí atá le tabhairt chun suntais ag an rialaitheoir ó chinneadh faoi leith arna ghlacadh ag Coimisiún AE, luaigh an Chúirt, ag mír 132, i gcás ar bith nach féidir an leibhéal cosanta a theastaíonn mar ábhar dhlí AE a bhaint amach leis na CCCanna féin nó iontu, féadfaidh an rialaitheoir clásail eile a chur leis nó na cosaintí a thabhairt chun suntais chun na CCCanna a fhorlíonadh.

Ag dul níos faide leis sin, luaigh an Chúirt, ag mír 133, go bhfuil CCCanna, go bunúsach, ina bhforáil bhonnlíne, ina gcuimsítear sraith ráthaíochtaí conarthacha a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach tríú tír. Mura féidir agus a mhéid nach féidir an leibhéal cosanta a theastaíonn faoi dhlí AE a bhaint amach leis an CCCanna i gcomhthéacs aistrithe chuig tríú tír faoi leith, fágann sé nach féidir dul ar aghaidh leis an haistrithe sin ach má ghlacann an rialaitheoir bearta forlíontacha.

Pléadh cur i bhfeidhm praiticiúil na bpointí prionsabail sin i míreanna 134, 135, 141 agus 142 den bhreithiúnas. Go hachomair, léirigh an Chúirt, i gcásanna nach féidir na CCCanna a úsáid mar réiteach a “oireann do chách”, atá ábalta an caighdeán riachtanach cosanta a bhaint amach i gcás gach aistrithe go tríú tíortha, is gá go bhfágann sé sin go gcaithfear measúnú a dhéanamh lena fháil amach (agus lena dheimhniú) an féidir le dlíthe an tríú tír cinn scríbe a chinntiú go bhfuil cosaint dhóthanach ann ar an gcaighdeán a cheanglaítear le dlí AE i gcás go ndéantar sonraí pearsanta a aistriú faoi na CCCanna, agus, mura bhfuil, ar féidir leis an rialaitheoir cosaintí breise a chur ar fáil chun easnamh ar bith a chúiteamh.

Shoiléirigh an Chúirt, sa chéad dul síos, nach mór go ndéanadh an rialaitheoir nó an próiseáil measúnú dá leithéid, le hionchur fhaighteoir beartaithe na sonraí, más

cuí. Go tábhachtach, is ionann an measúnú dá dtagair an Chúirt agus ceann nach mór a dhéanamh de réir an cháis, sula dtosódh an rialaitheoir/próiseálaí lena mbaineann aistrithe chuig an tríú tír sin.

Agus a lárnacht d'anailís na Cúirte á cur san áireamh, leagtar amach an méid seo a leanas go hiomlán i míreanna 134 agus 135:

"134. Maidir leis sin, faoi mar a shonraigh an tArd-Abhcóide i bpointe 126 dá Thuairim, tá an sásra conarthach dá bhforáiltear in Airteagal 46(2)(c) den RGCS bunaithe ar fhreagracht an rialaitheora nó a fhochoonraitheora nó a fochonraitheora atá bunaithe san Aontas Eorpach agus, mar mhalairt, an t-údarás inniúil maoirseachta. Dá réir sin, thar gach uile ní, is faoin rialaitheoir nó faoin bpróiseálaí sin atá sé a dheimhniú, de réir an cháis agus, nuair is cuí, i gcomhar le faighteoir na sonraí, cé acu an gcinntítear le dlí an tríú tír cinn scríbe cosaint dhóthanach, faoi dhlí AE, do shonraí pearsanta a aistrítear de bhun na gclásal caighdeánach um chosaint sonraí, trí chosaintí breise a chur leis na cinn a sholáthraítear sna clásail nuair is cuí.

135. I gcás nach féidir leis an rialaitheoir nó leis an bpróiseálaí atá bunaithe san Aontas Eorpach bearta breise dóthanacha a dhéanamh chun cosaint dá leithéid a ráthú, ceanglaítear ar an rialaitheoir nó ar an bpróiseálaí nó, seachas sin, ar an údarás inniúil maoirseachta, aistriú na sonraí pearsanta chuig an tríú tír lena mbaineann a chur ar fionraí nó a chríochnú. Is amhlaidh an cás, go sonrach, i gcás go gcuirtear oibleagáidí faoi dhlí an tríú tír sin ar fhaighteoir na sonraí pearsanta ón Aontas Eorpach a thagann salach ar na clásail sin agus a bheidh, dá réir sin, ábalta sárú a dhéanamh ar ráthú conarthach leibhéil cosanta dhóthanaigh i gcoinne rochtain údaráis phoiblí an tríú tír sin ar na sonraí sin."

Tabharfar faoi deara, ag mír 135, gur chuir an Chúirt rabhadh in iúl go sainiúil go bhféadfadh sé gurb é an cás é, i roinnt tríú tíortha, nach mbeidh méid ar bith de chosaintí forlíontacha nó breise ábalta dul i ngleic leis na heasnamh sa leibhéal cosanta atá ar fáil. I gcás dá leithéid, bhí seasamh na Cúirte an-soiléir: ní cheadaítear aistrithe dá leithéid; má théann an rialaitheoir/próiseálaí ar aghaidh in ainneoin sin, beidh sé faoin údarás maoirseachta ábhartha um chosaint sonraí idirghabháil a dhéanamh chun aistriú na sonraí pearsanta chuig tríú tír dá leithéid a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis ar shlí eile.

Ról na n-údarás maoirseachta um chosaint sonraí

Ag míreanna 111 go 113 den bhreithiúnas (agus arís ag mír 146), chuir an Chúirt béim ar an ról lárnach a bheidh ag údaráis náisiúnta maoirseachta um chosaint sonraí i ndáil le rialú aistrithe sonraí chuig tríú tíortha a dhéantar faoi na CCCanna. Maidir leis sin, luaigh an Chúirt, cé gur faoin rialaitheoir/bpróiseálaí ábhartha atá sé, ar an gcéad dul síos, an measúnú a tuairiscíodh thuas a dhéanamh, ní mór do na húdaráis náisiúnta maoirseachta um chosaint sonraí idirghabháil a dhéanamh i gcás ar bith (i) nach

féidir leis na CCCanna cloí leis an tríú tír lena mbaineann, ionas nach féidir an leibhéal cosanta a cheanglaítear le dlí AE a chinntiú; agus (ii) nár chuir an rialaitheoir nó an próiseálaí féin an t-aistriú ar fionraí nó níor chríochnaigh siad é.

Chuir an Chúirt an cheist sna téarmaí seo a leanas:

"111. Má cheapann údarás maoirseachta, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh, nár dtugtar leibhéal dóthanach cosanta d'ábhar sonraí a n-aistríodh a sonraí pearsanta chuig tríú tír sa tír sin, ceanglaítear faoi dhlí AE, beart cuí a dhéanamh chun torthaí ar neamhdhóthanacht ar bith a leigheas, beag beann ar an gcúis leis an neamhdhóthanacht sin, nó ar chineál na neamhdhóthanachta sin. Chuige sin, liostaítear in Airteagal 58(2) den rialachán sin na cumhachtaí ceartaitheacha éagsúla a fhéadfaidh an t-údarás maoirseachta a ghlacadh.

112. Cé go gcaithfidh an t-údarás maoirseachta an beart is cuí agus is gá a chinneadh agus cúinsí uile aistriú na sonraí pearsanta lena mbaineann a chur san áireamh sa chinneadh sin, ceanglaítear ar an údarás maoirseachta mar sin féin a fhreagracht a chomhlíonadh maidir lena chinntiú go ndéanfar an RGCS a fhorfheidhmiú go hiomlán agus le dícheall cuí.

113. Maidir leis sin, faoi mar a shonraigh an tArd-Abhcóide i bpointe 148 dá Thuairim, ceanglaítear ar an údarás maoirseachta, faoi Airteagal 58(2)(f) agus (j) den Rialachán sin, go ndéanfar aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír a chur ar fionraí nó a thoirmeasc má cheapann sé, i bhfianaise chúinsí uile an aistrithe sin, nach bhfuiltear ag cloí leis na clásail chaighdeánacha um chosaint sonraí nó nach féidir cloí leo sa tríú tír sin agus nach féidir cosaint na sonraí aistrithe a cheanglaítear le dlí AE a chinntiú ar bhealach eile, i gcás nach ndearna na rialaitheoir nó an bpróiseálaí an t-aistriú a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis."

Conclúid maidir le: bailíocht na CCCanna

Agus anailís ar na CCCanna agus a gcur i bhfeidhm curtha i gcrích i ngníomh aici, agus é tugtha faoi deara, i bprionsabal, gur féidir iad a úsáid (le cosaintí breise, nuair is gá) chun an leibhéal cosanta a cheanglaítear le dlí AE a bhaint amach (le sásraí cuí ar fáil chun aistrithe a chur ar fionraí i gcás go mbeadh na cosaintí sin i mbaol), chinn an Chúirt an méid seo a leanas:

"Fágann sé go bhforáiltear sa Chinneadh CCCanna i leith sásraí éifeachtacha lena chinntítear, i ngníomh, go ndéanfar aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír de bhun na gclásal caighdeánach um chosaint sonraí san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin a chur ar fionraí nó a thoirmeasc i gcás nach gclóíonn faighteoir an aistrithe leis na clásail sin nó nach féidir leis nó léi cloí leo" (mír 148).

Dá réir sin, ar bhonn na hanailíse atá leagtha amach ina breithiúnas, bhí an Chúirt sásta a dhearbhuí go raibh an Cinneadh CCCanna bailí.

Sciath Phríobháideachais agus an seasamh i ndáil leis na Stáit Aontaithe

Chuir an Chúirt tús lena hanailís trína mheabhrú, i bprionsabal, gurb ionann rochtain údaráis phoiblí ar shonraí pearsanta duine aonair ag féachaint dá gcoinneáil nó dá n-úsáid agus cur isteach ar na cearta bunúsacha atá cuimsithe in Airteagail 7 agus 8 den Chairt (féach míreanna 170 agus 171 den bhreithiúnas).

Cé go luann sé nach bhfuil na cearta sin ina gcearta absalóideacha, rinne an CBAE athbhreithniú (ag mír 174 agus míreanna ina dhiaidh sin) ar phrionsabail a bhí ann cheana de bhun nach mór foráil a dhéanamh leis an dlí maidir le teorainn ar bith ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí a aithnítear sa Chairt cloí le bunús na gceart agus na saoirsí sin. Rinneadh tagairt chomh maith sa chomhthéacs sin do na cúrsaí seo a leanas:

- faoi réir phrionsabal na comhréireachta, nach féidir teorainneacha a chur leis na cearta agus leis na saoirsí sin ach más gá agus má chomhlíonann siad i ndáiríre cuspóirí an leasa ghinearálta a aithníonn an tAontas nó an gá atá le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint;
- nach mór raon feidhme na teorann ar fheidhm an chirt lena mbaineann a shainiú sa bhonn dlíthiúil féin lena gceadaítear an cur isteach ar na cearta sin an raon (mír 175); agus,
- chun ceanglas na comhréireachta a chomhlíonadh, ní mór rialacha soiléire agus beachta lena rialaítear raon feidhme agus cur i bhfeidhm an bhirt lena mbaineann agus íoschosaintí a fhorchur sa reachtaíocht lena ndéantar foráil i leith cur isteach dá leithéid, ionas (i gcomhthéacs na n-aistrithe sonraí) go mbeidh ráthaíochtaí dóthanacha ag na daoine a n-aistríodh a sonraí pearsanta lena sonraí pearsanta a chosaint go héifeachtúil ar an riosca um mí-úsáid (mír 176).

Uaidh sin, shainaithin an Chúirt teipeanna sonracha áirithe a bhain le roinnt bearta aitheanta um dhlí SAM, lena n-áirítear Alt 702 FISA, EO 12333 agus PPD-28, roimh chinneadh a dhéanamh (ag mír 185),

“... nach gcuirtear teorainn leis na teorainneacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a thagann as dlí intíre na Stáit Aontaithe maidir le rochtain údaráis phoiblí SAM ar sonraí a aistrítear ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe agus a n-úsáid astu, ar a ndearna an Coimisiún measúnú sa Chinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais, ar bhealach lena gcomhlíontar na ceanglais atá coibhéiseach go bunúsach leis na cinn a cheanglaítear, faoi dhlí AE, leis an dara abairt in Airteagal 52(1) den Chairt.”

Ar leithligh, luaigh an Chúirt gur ceistíodh toradh Choimisiún AE sa Chinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais — go gcinntíonn na Stáit Aontaithe cosaint atá coibhéiseach go bunúsach leis an gcosaint a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt — ar na forais, inter alia, nach féidir le Ombudsman na Scéithe Príobháideachais na heasnaimh a fuair Coimisiún AE féin i ndáil le cosaint bhreithiúnach na ndaoine a bhfuil a sonraí pearsanta a n-aistriú go SAM a leigheas. I ndiaidh anailís a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha de shocruithe

an Ombudsman faoi threoir phrionsabail dhlí AE is infheidhme, chinn an Chúirt ar deireadh (ag mír 197) *“nach soláthraíonn sásra an Ombudsman... cúis ar bith le caingean os comhair comhlachta a thairgeann ráthaíochtaí do na daoine a bhfuil a sonraí á n-aistriú go dtí na Stáit Aontaithe atá coibhéiseach go bunúsach leis na cinn a cheanglaítear faoi Airteagal 47 den Chairt.”*

I ndáil leis sin, luaigh an Chúirt (ag mír 191 dá breithiúnas) go bhfuair Coimisiún AE i réamhathris 115 den Chinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais *“cé go bhfuil líon bealaí cúitimh ag daoine aonair, lena n-áirítear ábhair shonraí AE....nuair a bhí siad ina n-ábhair i bhfaireachas (leictreonach) neamhdhleathach chun críocha slándáil náisiúnta, tá sé chomh soiléir céanna nach bhfuil roinnt boinn dhlíthiúla ar féidir le údaráis faisnéise SAM a úsáid (e.g. E.O. 12333) clúdaithe”*. Mheas an Chúirt toisc go bhfuil a leithéid de “lacuna” sa chosaint bhreithiúnach i ndáil le cur isteach le cláir faisnéis bunaithe ar [PPD-28] *“nach féidir a chinneadh, faoi mar a rinne an Coimisiún sa Chinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais, go gcinntíonn dlí na Stáit Aontaithe leibhéal cosaint atá coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt.”*

Luaigh an Chúirt chomh maith (ag mír 192) *“nach dtugann PPD-28 ná E.O. 12333 cearta ábhar sonraí atá inchaingne sna cúirteanna i gcoinne údaráis na Stáit Aontaithe óna bhfágann sé nach bhfuil ceart ar bith ag ábhair shonraí chun leigheas éifeachtach.”*

Sa chomhthéacs sin, dhearbhaigh an Chúirt (ag mír 198), ag teacht di ar a toradh in Airteagal 1(1) den Chinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais, go gcinntíonn na Stáit Aontaithe leibhéal dóthanach cosanta chun sonraí pearsanta a aistriú ón Aontas chuig eagraíochtaí sa tríú tír sin faoi Sciath Phríobháideachais AE-SAM, gur thug Coimisiún AE *“neamhaird ar cheanglais Airteagal 45(1) den RGCS, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt.”* Uaidh sin, chinn an Chúirt (ag mír 199), *“go bhfágann sé nach bhfuil Airteagal 1 den Chinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais, comhoiriúnach le hAirteagal 45(1) den RGCS, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt, dá réir sin.”*


Ar an mbonn go raibh Airteagal 1 den Chinneadh maidir le Sciath Phríobháideachais *“doscartha ó Airteagail 2 agus 6 den chinneadh sin, agus de na hianscríbhinní leis an gcinneadh sin”*, cheap an Chúirt maidir le neamhbhailíocht Airteagal 1 *“go dtéann sé i gcion ar bhailíocht an chinnidh ina iomláine.”* Dá réir sin, chinn an Chúirt (ag mír 201) go raibh an Cinneadh maidir leis an Sciath Phríobháideachais neamhbhailí ina iomláine.

Aguisín 6:

Ráitis Airgeadais don Bhliain go dtí an 1 Eanáir go 31 Nollaig 2020 agus Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha an Choimisiúin Cosanta Sonraí

Tá Cuntas Airgeadas an Choimisiúin Cosanta Sonraí don bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020 agus an Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha don tréimhse chéanna á n-ullmhú ag an gCoimisiún Cosanta Sonraí agus ceanglófar den tuarascáil seo iad i ndiaidh don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh maidir le 2020.

Commissioner
Helen Dixon



Data Protection Commission,
21 Fitzwilliam Square,
Dublin 2.

www.dataprotection.ie
Email: info@dataprotection.ie



**An Coimisiún um
Chosaint Sonraí**
Data Protection
Commission